Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntais Leithreasa
2011

Curtha faoi bhráid Dáil Éireann de bhun Ailt 3 den Acht
um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2012

© Rialtas na hÉireann 2012

Cuntais Leithreasa 2011

Ceanglaíonn Alt 3 (11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 orm, ar chríochnú m'iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa, cóip de gach cuntas chomh maith le mo dheimhniú a chur i láthair Dháil Éireann.

Tarchuirim leis seo, de bhun na bhforálacha roimhe seo, na cuntais agus deimhnithe sin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.



Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2012

Clár Ábhar

Leathanach

Cuid 1 — Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa 8

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchta 9

Cuid 2 — Cuntais Leithreasa 2011

Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus Prionsabail 12

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh Caighdeánach 17

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin 19

Vóta 2 Roinn an Taoisigh 29

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne 39

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh 49

Vóta 5 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 59

Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais 73

Vóta 7 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir 87

Vóta 8 Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc 97

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim 105

Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí 117

Vóta 11 An tSaotharlann Stáit 137

Vóta 12 Rúnseirbhís 147

Vóta 13 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 153

Vóta 14 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 163

Vóta 15 An Oifig Luachála 173

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 185

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí 195

Vóta 18 Oifig an Ombudsman 205

Vóta 19 Dlí agus Ceart agus Comhionannas 215
Vóta 20 An Garda Síochána 235
Vóta 21 Príosúin 251
Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna 265
Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine 279
Vóta 24 Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha 291
Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil 299
Vóta 26 Oideachas agus Scileanna 323
Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltachta 355
Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 371
Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta 385
Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha 397
Vóta 31 Talmhaíocht, Bia agus Mara 413
Vóta 32 Iompar, Turasóireacht agus Spórt 435
Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta 451
Vóta 34 Post, Fiontar agus Nuálaíochta 463
Vóta 35 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht 485
Vóta 36 Cosaint 503
Vóta 37 Pinsin Airm 521
Vóta 38 Coimirce Sóisialaí 531
Vóta 39 Sláinte 547
Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 563
Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige 585
Vóta 42 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 593
Vóta 43 Leanaí agus Gnóthaí Óige 609
Cuntas Ciste Teagmhais 625

Cuid 1 — Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa

Soláthraíonn Dáil Éireann airgid do ghnáthsheirbhísí na ranna agus na noifigí Rialtais, idir chaipiteal agus neamh-chaipiteal, trí

- mheastacháin a cheadú do na seirbhísí i rith gach bliana
- éifeacht reachtúil a sholáthar do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi 'Vótaí' le ceann nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach roinne nó oifige. Soláthraíonn an chéad chuid den mheastachán do gach Vóta (ar a dtugtar an raon) imlíne ar na seirbhísí atá le maoiniú. Ionchorpraítear an raon san Acht Leithreasa agus léiríonn sé sin na cúiseanna ar cheadaigh Dáil Éireann cistí.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn nó oifig cuntas ar a dtugtar an cuntas leithreasa a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann ná go soláthróidh an cuntas leithreasa sonraí ar aschur na bliana i gcoinne an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid thirim íocaíochtaí agus admhálacha. Taispeántar toradh na bliana roimhe sin chun críche comparáide.

I dteannta eolas airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagann gach cuntas leithreasa amach roinnt eolais fabhrú-bhunaithe, sna nótaí leis an gcuntas.

- Taispeánann Nóta 1 ráiteas costais oibriúcháin a thugann eolas ar chostas na seirbhíse don bhliain.
- Taispeánann Nóta 2 clár comhardaithe, le nótaí míniúcháin ghaolmhara, a thugann eolas ar staid airgeadais na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear ann eolas ar ghealltanais caiteachais agus ar staid iarbhír na seirbhíse vótáilte *vis-à-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana i.e. an glandliteanas chuig an Státchiste.
- Soláthraíonn nótaí eile leis an gcuntas eolas ar éagsúlachtaí sa chaiteachas (Nóta 3), fáltais (Nóta 4) agus foirne agus pá (Nóta 5). Cuireann Nóta 6 faisnéis faoi aon nithe eile.

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchta

Tá freagrachtaí faoi seach na nOifigeach Cuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha amach thíos

Dualgais na nOifigeach Cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa

Is é atá in Oifigeach Cuntasaíochta ná ceannasaí roinne nó oifige rialtais dár shann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Ailt 22 d'Acht na Rann Státchiste agus Iniúchta 1866, an dualgas an cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú do gach Vóta faoina c(h)úram. De réir an dlí, ní mór na cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais. Ní mór do na cuntais leithreasa riachtanais Ghnáthaimh Phoiblí Airgeadais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhlíonadh, chomh maith le treoracha eile an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá Oifigigh Chuntasaíochta freagrach freisin as acmhainní agus maoin atá faoina rialú a chosaint, as éifeacht agus eacnamaíocht riaracháin ina ranna/oifigí agus as rialtacht agusoiriúnacht gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i leith na gCuntas Leithreasa

Forálann Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh chun gach eisíocaíocht a rialú ar son an Stáit agus chun iniúchadh a dhéanamh ar gach cuntas airgid arna riaradh ag nó faoi údarás an Oireachtais. Forálann Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, an bonn reachtúil don iniúchadh seo trí dhualgas a fhorchur ar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais leithreasa don bhliain airgeadais roimhe, ullmhaithe ag na ranna agus ag na hoifigí.

Agus é i mbun a chuid dualgas, bíonn ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trialacha amheasann sé a bheith oiriúnach a dhéanamh chun críche an iniúchta.

Ar chríochnú an iniúchta, tá dualgas air teastas a cheangal le gach cuntas, ag cur in iúl, ina thuairim féin, cibé an gcuireann an cuntas na fáltais agus an costas a bhaineann leis an Vóta ábhartha i láthair mar is ceart nó nach gcuireann, agus chun tagairt d'aon chás ábhair:

- inar theip ar roinn nó oifig caiteachas atá sa chuntas chun críche na leithreasa a bhí beartaithe ag an Oireachtais a chur i bhfeidhm, nó
- nach gcloíonn idirbhearta taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil siad in ainm a bheith ag obair leis.

Tarraingíonn sé aird chomh maith ar aon chás ábhair ina mbíonn an Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh, arna n-ullmhú ag an Oifigeach Cuntasaíochta, míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile a bhfuil eolas ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste air ó na cuntais leithreasa.

Bunús tuairime an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Cuntais Leithreasa

Pleanálann agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar bhealach a chuireann san áireamh na breathnuithe speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Áirítear ar iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le méideanna, nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sa chuntas leithreasa agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* nó nár cloíodh.

Déantar an t-iniúchadh chun dóthain fianaise a sholáthar chun dearbhú réasúnta athabhairt a léiríonn go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha cibé ar calaoisnó mírialtacht eile nó earráid atá ann agus go bhfuil an caiteachas agus na fáltais i bhfeidhm do chuspóirí beartaithe Dháil Éireann agus chun cloí leis na húdaráis a stiúrann iad. Agus an tuairim sin á déanamh, déantar leorgacht iomlán ar chur i láthair eolais an chuntais leithreasa a mheas.

Ag Tuairisciú ar Nithe a eascraíonn ón Iniúchadh

Faoi Alt 3 (10) 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá dualgas breisear an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar rudaí a mheasannsé a bheith oiriúnach tuairisc a dhéanamh orthu, a eascraíonn óna iniúchtaí ar na cuntais leithreasa.

Leagtar amach ceisteanna áirithe a eascraíonn ó iniúchadh na gcuntas leithreasa do 2011 i dtuarascáil ar leith dar teideal Tuarascáil faoi Cuntas na Seirbhísí Poiblí 2011. Sa chás gur eascair a leithéid de cheisteanna, tagraíonn na deimhnithe tuairime faoi na cuntais leithreasa don chaibidil/ do na caibidlí ábhartha sa tuarascáil sin.

Cuid 2 — Cuntais Leithreasa 2011

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Prionsabail

Bunús na gCuntas

Ullmhaítear cuntais leithreasa a bhfuil idirbhearta airgeadais ranna an Rialtais[1] léirithe iontu, de réir an Exchequer and Audit Departments Act 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta Cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is cuntas costasbhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí iad na cuntais sa bhliain i gcomparáid leis na méideanna a soláthraíodh faoin Acht Leithreasa. Léirítear réamhfhigiúirí bliana sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt eolais a bhfuil nádúr fáis ag baint leis san áireamh i nótaí leis na cuntais.

Úsáidtear na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánaí atá leagtha amach thíos in ullmhú na gcuntas. Mínítear aon imeacht ó na beartais agus polasaithe caighdeánacha i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta ar an gcuntas leithreasa.

Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch 31 mí na Nollag 2011 an tréimhse thuairiscithe.

Fáltais

Is fáltais iad na Leithreasa i gCabhair a d'fhéadfaí a úsáid, faoi alt 2 den Public Accounts and Charges Act 1891, chun freastal ar chaiteachas feadh a údaraíonn an tAcht Leithreasa bliantúil iad. Go ginearálta is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó roinne faoin Vóta.

Tá creidiúnaithe fáltas áirithe roinne díreach chuig an Státchiste mar fháltais 'bhreise' de dhíth ar an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, is fáltais iad sin nach mbíonn baint dhíreach acu leis an gcaiteachas Vóta nó atá ina bhfáltais 'torthaí leagtha'. Ní féidir na fáltais bhreise sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón Vóta. Sa chás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4).

Íocaíochtaí

Tá íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha le linn íocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha i gcúrsa íocaíochta nuair atá an dliteanas tabhaithe, an íocaíocht dlite agus cuireadh an treoir don íocaíocht (seic, pá-ordú nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras íocaíochta ábhartha.

Sa chás go bhfuil dliteanas tabhaithe agus íocaíocht dlite (i.e. bíonn an dliteanas aibithe), ba chóir íocaíocht a chomhlánú roimh dheireadh na bliana chun ionracas an chuntais leithreasa a chinntiú.

1 Sa ráiteas sin, áirítear ar an téarma 'roinn', ranna, oifigí agus gníomhaíochtaí an Rialtais láir atá freagrach as cuntasaíocht agus bainistiú Vóta.

I gcásanna ina mbíonn íocaíocht agus dliteanais aibí neamhíoctha ag deireadh na bliana ba chóir méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gcuntas (Nóta 2).

Fabhruithe

Tá eolas a bhfuil nádúr fáis ag baint leis ar fáil sna nótaí le gach cuntas leithreasa, lena n-áirítear

- ráiteas costais oibriúcháin (Nóta 1), a léiríonn méid iomlán na n-acmhainní a chaitheann an roinn sa bhliain
- Clár comhardaith a thaispeánann na sócmhainní agus dliteanas na ranna ag deireadh na bliana (Nóta 2), le nótaí míniúcháin breise lena n-áirítear (mar is cuí), sonraí maidir le sócmhainní caipitil, sócmhainní caipitil faoi fhorbairt, an glandliteanas chuig an Státchiste agus gealltanais.

Áirítear ar an gclár comhardaithe na staide ag deireadh na bliana maidir leis an méid seo a leanas

- **Costais Fhabhraithe** – léiríonn siad na dliteanais seachas na dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair atá freastal déanta ag an íocaí ar an riachtanas conarthach chun na hearraí agus na seirbhísí ordaithe a sholáthar. Déileáiltear le méideanna a bheidh dlite d'earraí seachadta, ach nach bhfuil íoctha, fiú mura bhfuil iniúchadh déanta orthu nó mura bhfuil siad i stoc, mar dhliteanas. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair atá freastal déanta ag an ndeonaí ar riachtanais na scéime deontais ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige go fóill.
- **Réamhíocaíochtaí** — íocaíochtaí arna ndéanamh le linn na bliana cuntais le freastal ar chostaisi a thagann chun cinn go hiomlán nó go páirteach i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam fabhraithe:** ioncam atá dlite don roinn ag deireadh na bliana cuntais nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam iarchurtha:** Ioncam a fhaigheann an roinn i rith na bliana cuntas d'earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

Sócmhainní Caipitil

Léirítear luach tosaigh agus luach deiridh sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní ranna agus mionsonraí dímheasa trí nóta chuig an clár comhardaithe .

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas sócmhainní caipitil

- sócmhainní ar fiú níos lú ná €318 iad a fuarthas idir 1 Eanáir 1995 agus 31 Nollaig 2003, nó sócmhainní ar fiú níos lú na €1,000 iad a fuarthas ó 1 Eanáir 2004.
- sócmhainní oidhreachta nach féidir an luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais.

Luacháil ar Shócmhainní

Talamh agus Foirgnimh

Áirítear tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú nó bhainistíocht roinne sa clár comhardaithe (agus sa nóta sócmhainní caipitil).

Nuair atá talamh agus foirgnimh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'Aire ach faoi rialú/bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí go hiarbhír, cuirtear iad san áireamh i gcuntas na hoifige sin. Thairis sin, bíonn siad léirithe sa chuntas don Roinn ábhartha. Nuair is cuí, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

Nuair a bhíonn tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach iad faoi rialú/bhainistíocht ag comhlacht lasmuigh go hiarbhír, ní áirítear mar shócmhainní de chuid na roinne iad ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne.

Trealamh, Troscán agus Feistis

Luacháiltear trealamh, troscán agus feistis ag costas, seachas éadálacha áirithe roimh Eanáir 1995 a luacháiltear ag luachálacha rannacha.

Sócmhainní Eile

Tá beartais chuntasaíochta i leith luachála sócmhainní eile (m.sh. feithiclí sainfheidhmeacha) leagtha amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa nuair is gá.

Dímheas

Ní dhímheastar talamh. Nuair is cuí, dímheastar foirgnimh mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

Dímheastar trealamh, troscán agus feistis ar bhonn dronlíneach ag na rátaí bliantúla a leanas thar a saoil úsáideacha measta:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáid — 10%
- trealamh agus bogearraí IT, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%.

Dímheastar míreanna caipitil eile, nuair is gá, mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gcuntas leithreasa.

Sócmhainní Caipitil Faoi Fhorbairt

Soláthraítear ráiteas ar shócmhainní caipitil faoi fhorbairt (más ann) mar nóta chuig an clár comhardaithe. Taispeántar íocaíochtaí airgid ar shócmhainní arna bhforbairt laistigh den roinn,

e.g. forbairt bogearra nó tionscadail tógála, nach bhfuil aitheanta go fóill mar shócmhainní sa chuntas ag tús na bliana.

Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luachálacha na roinne, cibé acu is lú.

Glan-Dliteanas don Státchiste

Soláthraíonn nóta ar ghlandliteanas an Vóta don Státchiste sonraí ar an staid iarbhír *vis-a-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana, trí choigeartuithe a dhéanamh leis an bhfigiúir barrachais atá le géilleadh sa chuntas leithreasa.

Gealltanais

Is éard is gealltanas ann ná oibleagáid chonartha chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí nach bhfuil ar fáil go fóill ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear gealltanas nuair a cheadaítear an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime fós le comhlíonadh ag an ndeontaí.

Soláthraíonn nóta figiúirí ar ghealltanais chonarthacha is dócha a thiocfaidh chun cinn sna blianta dar gcionn faoi (i) sholáthar agus faoi (ii) fho-mhírchinn deontais, gan gealltanais faoi €1,270 san áireamh.

Soláthraítear nóta ar leithligh a thugann sonraí ar aon ghealltanais chaipitil ilbhliantúla thar €6,350,000

Aoisliúntas

Baintear amach íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh, Gardaí, múinteoirí, pearsanra ón arm agus pearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá scortha agus iarphearsanra an Bhoird Sláinte ar bhonn reatha ó Vótaí 7, 20, 26, 37 agus 40, faoi seach. Ní bhíonn soláthar aoisliúntais léirithe i gcuntais leathreasaithe de chuid Vótaí eile.

Idirbhearta Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí coigríche in Euro ag rátaí an mhalartaithe a rialaítear ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra coigríchego Euro ag rátaí malartaithe dheireadh na bliana.

Nótaí Eile leis na Cuntais

Prionsabail Ghinearálta

Go ginearálta, tá sé mar aidhm ag nótaí eile leis na cuntais leithreasa aird na Dáil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó chun níos mó eolais faoi idirbhearta ábhartha cinn de nádúr neamhghnách a thaifeadtar sa chuntas e.g. caillteanais, íocaíochtaí *ex gratia* nó speisialta, agus luach saothair breise. Ach amháin sna

cásanna atá léirithe thíos, soláthraítear nótaí sa chás ina mbaineann €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart a bhíonn tógtha le chéile.

Nuair a bhíonn méideanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí chomh maith nuair a eascraíonn saincheist thromchúiseach prionsabail nó nuair a mheasann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chóir nóta a sholáthar.

Athruithe ó Dheontas

Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíochtaí ó cheannteideal níos mó nó níos lú ná an deontas (Nóta 3), soláthraítear nóta don athrúchán

- nuair atá an t-athrú €100,000 nó níos mó agus
- nuair is ionann an t-athrú agus 5% nó níos mó den fhocheannteideal (25% i gcás na bhfocheannteideal riaracháin).

I gcás go mbíonn údar maith leis mar gheall ar chúinsí, féadfar athrú céatadáin níos lú a mhíniú trí nóta.

Tá nótaí maidir le hathruithe sna catagóirí leithreasaí i gcabhair curtha san áireamh ar bhonn comhcosúil.

Luach Saothair Breise

I gcás luach saothair breise, áirítear ar na sonraí a thugtar (Nóta 5), an méid iomlán a íocadh faoi gach catagóir, líon iomlán faighteoirí, líon na ndaoine aonair a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht aonair uasta.

Íocaíochtaí Malla

I gcás íocaíochtaí úis faoi na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála, 2002, soláthraítear eolas (Nóta 6) sa chás

- ina raibh iomlán na n-íocaíochtaí dlite €10,000 nó níos mó agus
- ina raibh íocaíocht aonair €10,000 nó níos mó.

Coimisiúin agus Fiosrúcháin

Más cuí, áirítear ar Nótaí Ilghnéitheacha (Nóta 6), ráiteas caiteachais faoi gach Coimisiún nó Fiosrúchán arna maoiniú ón Vóta. Sa chás ina mbíonn Coimisiún nó Fiosrúchán bunaithe ar bhonn sealadach, tugtar an caiteachas iomlán óna bhunú chomh maith.

Ciste Deontas-i-gCabhair agus Cuntais Ilghnéitheacha

Nuair is cuí, léirítear cuntais Cistí Deontas-i-gCabhair a bhíonn maoinithe ón Vóta agus cuntais ilgnéitheacha eile i Nóta 7.

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh Caighdeánach

*De thoradh ar **Thuairisc an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta 2002,** bíonn ar Oifigigh Chuntasaíochta ráiteas caighdeánach ar rialú airgeadais inmheánach a shíniú i leith na gcuntas leithreasa. Sa réamhrá ar na cuntais leithreasa, déanann roinnt Oifigeach Cuntasaíochta cur síos ar na gníomhaíochtaí a tógadh nó a pleanáladh chun gnéithe éagsúla de rialú inmheánach sna ranna nó sna hoifigí ábhartha a fheabhsú. Tá an ráiteas san fhormáid seo a leanas.*

Ráiteas Caighdeánach Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla cuí agus disciplíní bhainistiú tionscadail foirmiúla.

Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Réamhrá

Mar oifigeach cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an Cuntas Leithghabhála don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí Ginerálta an Uachtaráin maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Cuirtear gníomhú an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, ag cur san áireamh an méid a d'fhéadfaí a láimhseáil mar leithreasaí i gcabhair mar chaiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas An Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Claíodh leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta in ullmhú an Chuntais.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Chomh maith leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach agam san fhormáid chaighdeánach maidir leis an gcóras inmheánach um rialú airgeadais atá i bhfeidhm i dTeaghlachas an Uachtaráin.

Braitheann Teaghlachas an Uachtaráin ar an Roinn Airgeadais as soláthar feidhme íocaíochta agus seirbhíse cuntasaíochta.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
29 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 1: Teaghlachas an Uachtaráin le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Vóta ar Theaglachas an Uachtaráin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Lúnasa 2012

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar meastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A.	Teaghlachas an Uachtaráin	2,113	1,973	1,888
B.	Deolchaire daoine in aois a 100	1,040	996	875
	Ollchaiteachas	**3,153**	**2,939**	**2,763**
	Bain de:			
C.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	92	84	85
	Glanchaiteachas	**3,061**	**2,855**	**2,678**
	Barrachas le tabhairt suas		**€206,369**	**€492,537**

		2011 Soláthar meastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
		€000	€000	€000
Riarachán				
(i)	Tuarastail, pánna aghus liúntais	1,587	1,670	1,592
(ii)	Taisteal agus cothabháil	125	60	83
(iii)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	170	119	88
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	127	93	84
(v)	Trealamh oifige agus soláthartaí oifige agus seirbhísí gaolmhara	159	79	96
		2,168	**2,021**	**1,943**

Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

1 Ráiteas um Chostas Feidhmiúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Pá			1,670	1,592
Caiteachas eile			1,269	1,171
Ollchaiteachas			2,939	2,763
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			(84)	(85)
Glanchaiteachas			2,855	2,678
Athruithe i sócmhainní caipitiúla				
Ceannacháin airgid		(9)		
Dímheas		23	14	9
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha				
Méadú ar fhabhruithe deiridh		31		
Laghdú ar stoc		15		
			46	27
Caiteachas díreach			2,915	2,714
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara	1.1		4,487	4,377
Costas feidhmiúcháin iomlán			**7,402**	**7,091**

1.1 Glanluacháil Seirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a íocadh as cistí eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
2	Roinn an Taoisigh	—	1
6	Oifig an Aire Airgeadais	41	—
7	Aoisliúntais agus liúntais scoir	470	488
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,067	1,908
19	Dlí agus Ceart agus Comhionannas	257	
20	Garda Síochána	213	222
28	Gnóthaí Eachtracha	132	436
36	Cosaint	413	411
	An Lárchíste (Luach Saothair agus liúntais an Uachtaráin, pinsin na n-iar-Uachtarán agus/nó baintreach iar-Uachtarán).	894	911
		4,487	**4,377**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.1	26	47
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead	2.2	41	—
Stoic	2.3	67	82
Réamhíocaíochtaí		45	57
Ioncam carntha		—	9
Glandliteanas ón Státchiste	2.4	7	44
Iomlán sócmhainní reatha		**160**	**192**
Lúide dliteanais reatha			
Costais carntha		38	32
Iarmhéideanna sochair eile	2.5	48	44
Iomlán dliteanas reatha		**86**	**76**
Glansócmhainní reatha		**74**	**116**
Glanscmhainní		**100**	**163**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**100**	**163**

2.1 Sócmhainní Caipitiúla

	Trealamh teicneolaíocht €000	Trealamh oifige €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	236	93	329
Coigeartú na bliania roimhe sin[1]	(4)	—	(4)
Míreanna breise	5	—	5
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	237	93	330
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	196	86	282
Coigeartú na bliania roimhe sin[1]	(1)	—	(1)
Dímheas don bhliain	20	3	23
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	215	89	304
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**22**	**4**	**26**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	**40**	**7**	**47**

Tá talamh agus foirgnimh ar taifead ar chlár sócmhainní Vóta 10, Oifig na nOibreacha Poiblí.

[1]Tar éis athbhreithniú chlár na sócmhainní, d'eascair coigeartú ón mbliain roimhe maidir le luachanna agus dímheas sócmhainní áirithe.

2.2 Banc agus Airgead ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna agus airgead ag an bPámháistir Ginearálta	91	74
Orduithe gan íoc	(50)	(74)
	41	—

2.3 Stoic ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	62	73
Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise	5	9
	67	82

2.4 Glandliteanas ón Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le tabhairt suas	206	493
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(213)	(537)
Glandliteanas ón Státchiste	(7)	(44)
Ionann le:		
Féichiúnaithe		
Glanstaid leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead	41	—
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(42)	(38)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(6)	(6)
	(48)	(44)
	(7)	(44)

2.5 Iarmhéideanna Sochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	21	19
Árachas Sóisialta Páchoibhneasta	6	10
Tobhach Pinsin	9	7
Tabhairt suas deonach ar thuarastal	6	—
Tobhach Ioncaim	—	2
	42	38
Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí	6	6
	48	44

2.6 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí	44	23

3 Caiteachas Cláir

		2011 Meastachán	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
A	Teaghlachas an Uachtaráin			
A.1.	Riarachán - pá	1,547	1,637	1,552
A.2.	Riarachán - caiteachas eile	566	336	336
		2,113	**1,973**	**1,888**
B	Deolchaire daoine in aois a 100			
B.1.	Riarachán - pá	40	33	40
B.2.	Riarachán - caiteachas eile	15	15	15
B.3.	Deolchaire daoine in aois a 100	985	918	820
		1,040	**966**	**875**

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gach teideal go raibh athrú níos mó ná €100,000 sa ghníomhú ón méid a soláthraíodh agus nuair a bhí breis agus 5% i gceist (25% i gcás teideal riaracháin).

Teideal	Níos lú /(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
A.2	230	D'eascair coigilteas ós rud é nach ndeachthas ar aghaidh le tionscadal molta forbartha idirlín agus nuashonraithe an chórais teileafóin faoi mar a beartaíodh i 2011. Ina theannta sin, rinneadh roinnt coigiltis maidir le clár taistil an Uachtaráin. Ar deireadh, rinneadh coigilteas maidir le hoiliúint agus le forbairt fhoirne agus maidir le costais ilghnéitheacha leithéidí ceannach nuachtán.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2011 Measta €000	2011 Fíoraithe €000	2010 Fíoraithe €000
Fáltais ó asbhaintí inseanchoibhneasta as luach saothair seirbhíse poiblí.	92	84	85

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2011	2010
Líon foirne ag deireadh na bliana (ionann agus lánaimseartha)	24	22

	2011 €000	2010 €000
Pá	1,540	1,458
Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgas breise	59	62
Ragobair	14	15
ÁSPC fostóra	57	57
Pá iomlán	**1,670**	**1,592**

5.1 Liúntais agus Íocaíoctaí Ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is mó	Íocaíocht aonair is mó
			2011 €	2010 €
Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgas breis	9	3	19,108	19,126
Ragobair	11	—	3,506	2,486

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise faoi níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Íocaíocht Ex Gratia

Cuireadh in iúl ceadú ag an Roinn Airgeadais d'íocaíocht íocaíochta ex gratia de €34,585 mar lánghlanadh deiridh éilimh achomhairc phinsin.

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm Cuntas Leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i Roinn an Taoisigh.

Martin Fraser
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh
29 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 2: Roinn an Taoisigh le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn an Taoisigh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 2 Roinn an Taoisigh
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	12,499	11,307	12,184
A.2.	Taisteal agus cothabháil	275	227	284
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,517	1,360	733
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	370	310	381
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	900	792	934
A.6.	Costais áitreabh oifige	430	470	440
A.7.	Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	50	13	2
	Clár athbhreithnithe eagraíochtúil	—	—	550
Seirbhísí eile				
B.	An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas-i-gcabhair)	2,325	2,280	2,535
C.	Tionscnaimh chomórtha	85	76	87
D.	Binse fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal C.J. Haughey agus leis an Uasal M. Lowry)	3,500	1,601	3,125
	Ollchaiteachas	**21,951**	**18,436**	**21,255**
	Bain de:			
E.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**912**	**837**	**955**
	Glanchaiteachas	**21,039**	**17,599**	**20,300**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€3,440,502**	**€8,455,937**

Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibríochta 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			14,479	15,508
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			3,957	5,747
Ollchaiteachas			18,436	21,255
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			837	955
Glanchaiteachas			17,599	20,300
Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil				
Ceannacháin airgid thirim		(109)		
Dímheas		159		
Caillteanas ar dhiúscairtí		1	51	112
Athruithe maidir le Glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(41)		
Méadú ar stoc		(63)		
			(104)	(40)
Caiteachas Díreach			17,546	20,372
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile				
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	**1.1**		5,147	5,552
Measchíosanna			1,083	1,625
Costas Iomlán Oibríochta			**23,776**	**27,549**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí comhaontaithe comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a seasadh áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	3,020	2,459
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	580	954
19	Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad na gComhsheirbhísí Airgeadais	257	264
20	Garda Síochána	805	1,425
36	Cosaint	75	75
	An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl	410	375
		5,147	**5,552**

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	**2.1**	371	422
		371	**422**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	**2.2**	469	405
Stoic	**2.3**	134	71
Réamhíocaíochtaí		274	326
Iarmhéideanna eile dochair	**2.4**	253	320
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,130**	**1,122**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		109	202
Iarmhéideanna eile creidmheasa	**2.5**	343	365
Glandliteanas don Státchiste	**2.6**	379	360
Iomlán na ndliteanas reatha		**831**	**927**
Glansócmhainní reatha		**299**	**195**
Glansócmhainní		**670**	**617**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**670**	**617**

2.1 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luach amhail an 1 Eanáir 2011	3,074	539	3,613
Breiseanna	66	43	109
Diúscairtí	(88)	(8)	(96)
Costas nó luach amhail an 31 Nollaig 2011	3,052	574	3,626
Dímheas carntha			
Iarmhéid oscailte amhail an 1 Eanáir 2011	2,794	397	3,191
Dímheas don bhliain	115	44	159
Dímheas ar dhiúscairtí	(88)	(7)	(95)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2011	2,821	434	3,255
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	**231**	**140**	**371**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010	**280**	**142**	**422**

2.2 Banc agus Airgead Tirim

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	737	684
Orduithe gan íoc	(268)	(279)
	469	405

2.3 Stoic

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Bronntanais	11	8
Stáiseanóireacht	46	26
Foilseacháin	46	19
Ábhar Inchaite srl.	31	18
	134	71

2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Tuarastail In-fhorchúitithe	195	261
Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil	54	56
Eile	4	3
	253	320

2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	184	168
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	60	88
Cáin Bhreisluacha	4	5
Cáin Choinneála	4	19
	252	280
Asbhaintí den phárolla	90	84
Eile	1	1
	343	365

2.6 Glandliteanas don Státchiste amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farrasbarr le tabhairt suas	3,440	8,456
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(3,061)	(8,096)
Glandliteanas don Státchiste	379	360
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	469	405
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	253	320
	722	725
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(252)	(280)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(91)	(85)
	(343)	(365)
	379	360

2.7 Ceangaltais amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iomlán na ngealltanas infhorghníomhaithe le dlí	10	8

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis níos mó ná €100,000 níos airde ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% níos airde ná an tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a solathraíodh €000	Míniú
D.	1,899	D'eascair coigilteas ós rud é gur éirigh roinnt d'fhoireann dlí an Bhinse as a bheith ag obair tar éis fhoilsiú a tuarascála.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí	812	808	881
Ilghnéitheach	100	29	74
	912	837	955

D'eascair an t-athraitheas mar gheall ar rómheastachán ar an tsuim le bailiú maidir le nithe ilghnéitheacha i 2011.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana**	159	191
	€000	**€000**
Pá	10,014	10,802
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	310	382
Ragobair agus tinreamh breise	480	420
ÁSPC an Fhostóra	503	591
Pá iomlán	11,307	12,195

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht Aonair	Uasíocaíocht Aonair
			2011	2010
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	38	13	19,585	83,391
Ragobair agus tinreamh breise	141	15	28,121	26,445

Nóta: (1) Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €29,682 (€31,040 - 2010) agus €9,062 (€10,267- 2010) i ndáil le sochair scoir do bheirt iarfhostaithe.

6 Ilghnéitheach

6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain a Ceapadh	Iomlán go 31 Nollaig	Caiteachas sa bhliain	Caiteachas sa bhliain
Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta		**2011**	**2011**	**2010**
		€000	**€000**	**€000**
Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry)	1997	42,997	1,601	3,125

Bainfidh íocaíochtaí breise leis an mBinse Fiosrúcháin seo. Ní féidir na costais a chinneadh ag an bpointe seo.

6.2 Bronntanais Oifigiúla

Tá suim de €8,480 san áireamh sa chuntas a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le tíolacadh ag nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2011. (€5,417 - 2010)

6.3 Eile

Sa bhreis ar an gcaiteachas sa Bhuiséad Riaracháin fuarthas na suimeanna seo a leanas in 2011:

-Fuarthas €10,460 ó Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais maidir le Tionscadal Leabharlainne Il-Láithreáin.

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, is gá dom an Cuntas Leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena inniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ullmhaithe agus ceangailte agam leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair .

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh Cuntas Leithreasaithe nuair a bhí an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, sholáthraigh mé ráiteas san fhormáid chaighdeánach faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmíonn in Oifig an Ard-Aighne. Glacadh na céimeanna seo a leanas, nó tá siad á mbeartú, chun rialuithe inmheánacha a fheabhsú maidir le hoiliúint foirne, bainistiú rioscaí, slándáil theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide, agus athbhreithniú leanúnach ar éifeacht na rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Slándáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais a mhaolaíonn príomhrioscaí slándála a bhaineann leis an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT). Tá Plean Leanúntas Gnó tras-Oifige i bhfeidhm ag an Oifig agus, ina theanntasan, Plean Bainistíochta Sáruithe in AGO. Déantar monatóireacht ar na pleananna, athbhreithnítear iad go rialta agus tuairiscítear iad do na MACs áitiúla agus príomhúla.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais

Athbhreithníonn an Coiste MAC agus Iniúchóireachta na rialuithe go rialta trí thuairiscí bainistíochta a sholáthar. Breithníonn an MAC na tuairiscí iniúchóireachta inmheánacha uile agus déanann sé monatóireacht ar fhorfheidhmiú na moltaí. Tá an Oifig faoi láthair ag críochnú tuarascála maidir le hathbhreithniú deisce ar rialuithe agus gnáthaimh airgeadais a rinne comhairleoir seachtrach. Tá Próiseas tosaithe ag an Oifig chun moltaí tuairisce a fhorfheidhmiú maidir le athbhreithniú deisce ar rialuithe agus próisis aigreadais a ndearna comhairleoir seachtrach.

Liam Ó Dálaigh
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne
6 Iúil 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ard-Aighne. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar measta	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	10,436	9,995	9,570
A.2.	Taisteal agus cothú	70	98	65
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	640	584	557
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	125	79	107
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	695	491	543
A.6.	Costais áitreabh oifige	215	170	118
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	20	4	1
A.8.	Saineolas dlí conarthach	668	487	720
Seirbhísí Eile				
B.	Síntiúis d'Eagrais Idirnáisiúnta	38	—	77
C.	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (deontas-i-gcabhair)	2,191	2,132	2,349
D.	Costais ghinearálta dlí	50	16	80
	Ollchaiteachas	**15,148**	**14,056**	**14,187**
	Asbhain:			
E.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**788**	**778**	**731**
	Glanchaiteachas	**14,360**	**13,278**	**13,456**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€1,082,325**	**€1,775,135**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			11,908	11,681
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			2,148	2,506
Ollchaiteachas			14,056	14,187
Asbhain				
Leithreasaí-i-gcabhair			778	731
Glanchaiteachas			13,278	13,456
Athruithe sna sócmhainní caipitiúla				
Airgead ar cheannacháin		(103)		
Dímheas		271	168	135
Athruithe i sócmhainní faoi fhorbairt				
Íocaíochtaí airgid thirim			(39)	—
Athruithe i nglansócmhainní reatha				
Meadú ar fhabhruithe deiridh		20		
Méadú ar stoc		(3)		
			17	(16)
Caiteachas díreach			13,424	13,575
Caiteachas ar ghlansheirbhísí gaolmhara	1.1		2,027	1,254
Cíosanna barúlacha			560	840
Iomlán costas oibriúcháin			**16,011**	**15,669**

1.1 Glanseirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas faoi Vóta 3, atá mar mhuirear áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
6	Airgeadas	54	—
7	Pinsean agus Liúntais Scoir	950	484
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	313	178
20	Garda Síochána	64	194
	Lárchiste - Pinsin Airí etc	646	398
		2,027	**1,254**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.1	500	666
Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt	2.2	39	—
		539	**666**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	388	506
Stoic	2.4	30	27
Réamhíocaíochtaí		207	240
Ioncam fabhraithe		5	6
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	168	64
Iomlán sócmhainní reatha		**798**	**843**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		36	48
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	311	304
Glandliteanas don Státchiste	2.7	245	266
Iomlán dliteanas reatha		**592**	**618**
Glansócmhainní reatha		**206**	**225**
Glansócmhainní		**745**	**891**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**745**	**891**

2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitiúla

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	4,310	1,574	5,884
Breiseanna	77	28	105
Diúscairtí	(37)	(3)	(40)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	4,350	1,599	5,949
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	3,907	1,311	5,218
Dímheas don bhliain	207	64	271
Dímheas ar dhiúscairtí	(37)	(3)	(40)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011	4,077	1,372	5,449
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**273**	**227**	**500**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	**403**	**263**	**666**

2.2 Sócmhainní Caipitiúla Faoi Fhorbairt

ag 31 Nollaig 2011	Intí Ríomh-Fheidhmeanna
	€000
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	39
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011	**39**

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna agus airgead OPG	450	517
Orduithe amuigh	(62)	(11)
	388	506

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2011	2010
	€000	€000
Tomhaltáin TF	5	6
Stáiseanóireacht	25	21
	30	27

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Oifig na nOibreacha Poiblí	120	—
Comhchostais fhorchúiteacha	—	9
Ilghnéitheach	48	55
	168	64

2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	197	152
Árachas Sóisialach Pá Choibhneasta	73	58
Asbhaintí párolla atá á gcoinneáil ar fionraí	4	72
Míreanna creidmheasa eile ar fionraí	—	32
	199	398

2.7 Glandliteanas don Státchiste amhail 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le tabhairt suas	1,076	1,813
Deontas Státchiste neamhtharraingthe	(835)	(1,108)
Glandliteanas don Státchiste	241	705
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	364	1,046
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	76	57
	440	1,103
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(195)	(294)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(4)	(104)
	(199)	(398)
	241	705

2.8 Ceangaltais amhail 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí	35	—

3 Caiteachas ar Chlár

		2011 Suim a soláthraíodh sna measacháin €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
A	**Soláthar na Seirbhíse Luachála Stáit**			
A.1	Riarachán - pá	7,625	7,643	7,911
A.2	Riarachán - neamh-phá	2,134	1,090	1,570
A.3	Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile	73	172	191
		9,832	**8,905**	**9,672**
B	**Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála**			
B.1	Riarachán - pá	341	331	331
B.2	Riarachán - neamh-phá	—	—	—
B.3	Binse Luachála	233	323	228
		574	**654**	**559**

Míniú ar athrúcháin

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus os cionn 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin).

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000	Míniú
A.2	1,045	Bhí an toradh do 2011 maidir le riarachán neamh-phá i bhfad ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith, mar gheall ar éifeachtúlachtaí a baineadh amach ar thaobh amháin agus toisc nach raibh an clár athluachála i bhfeidhm ach i limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath amháin le linn na bliana, rud a d'fhág gur sábháladh airgead ar chostais taistil go háirithe. Bhí coigilt mhór i gceist freisin le seirbhísí mapála mar go ndearnadh plé arís ar chonradh le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann.
A.3	(100)	Bhí an caiteachas ar tháillí dlí in 2011 ní b'airde ná a measadh mar gheall ar íocaíocht aonuaire i gcás Ard-Chúirte a cinneadh roinnt blianta ó shin agus ar socraíodh táillí ina leith in 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1.	Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála	65	126	49
2.	Deimhnithe luachála	158	139	132
3.	Táillí athbhreithnithe luachála	1,250	1,377	1,672
4.	Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir	180	233	187
5.	Fáltais ilghnéitheacha	65	61	155
6.	Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí	480	491	504
	Iomlán	**2,198**	**2,427**	**2,699**

Míniú ar athrúcháin shuntasacha
Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim mheasta, agus os cionn 5% amach ón tsuim mheasta.

Mírcheann	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim €000	Míniú
3.	127	Bhí líon na nathbhreithnithe a raibh táillí iníoctha ina leith in 2011 níos mó ná an meastachán bunaidh.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Íocadh suim de €29,989 i Mí na Nollag 2011, a bhfuil i gceist leis an farasbarr ar chuntas ar fionraí a dúnadh le linn na bliana.

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2011	2010
Meánlíon na mball foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	144	149

	2011	2010
	€000	€000
Pá	7,375	7,656
Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	130	130
Liúntais eile	—	—
Ragobair	27	35
ÁSPC Fostóra	442	421
Pá iomlán	7,974	8,242

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht do dhuine ar leith	Uasíocaíocht do dhuine ar leith
			2011 €	2010 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	27	—	9,093	7,355
Ragobair agus tinreamh breise	11	1	10,128	10,418

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Socruithe Luach Saothair eile

Íocadh as bronntanais dul ar pinsean do thriúr ball foirne, a raibh luach iomlán de €770 orthu, sa tréimhse suas go Márta 2011. Éiríodh as an gcleachtas seo ina dhiaidh sin.

Rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €24,680 ar an iomlán iad le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor ach a bhí fostaithe ar conradh chun tascanna speisialaithe a chur i gcrích. Íocadh táillí arbh fhiú €1,365 ar an iomlán iad le beirt státseirbhíseach a bhí ar scor as a gcuid seirbhíse ar choistí na hOifige.

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16 ní mór dom an Cuntas Leithghabhála don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar mhuirir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a thug Dáil Eireann faoin Acht Leithreasaí 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 ina gcuid den Chuntas.

Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do Chuntais Leithghabhála i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais

Cuireadh Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais sa ghnáth-fhormáid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar aghaidh leis na cuntais seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh na gníomhaíochtaí seo chun an córas inmheánach rialála a leasú.

I rith 2011, eisíodh nuashonrú airgeadais do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) roimh gach cruinniú den Bhord. Scrúdaíodh na tuarascálacha seo agus pléadh iad le linn gach cruinnithe. Feidhmíonn ball de Bhord PAS mar bhall de Choiste Iniúchóireachta na hOifige fosta le nasc dlúth a chinntiú idir an Bord agus feidhm na hiniúchóireachta. Tuairiscíonn an ball seo ar ghníomhaíocht an Choiste Iniúchóireachta ag gach cruinniú den Bhord.

Le linn 2011, chuaigh an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) i ngleic go gníomhach leis an suíomh airgeadais agus, nuair a bhí gá leis, mhol siad bearta oiriúnacha. Dhírigh MAC ar an leibhéal gníomhaíochta agus ar úsáid acmhainní. Laghdaíodh an leibhéal foirne de réir spriocanna an Chreat Rialaithe Fostaíochta agus glacadh le cur chuige Luach ar Airgead (VFM) do gach beart de chuid PAS.

In 2011, rinne an Coiste Iniúchta a fuair cuidiú ón aonad iniúchta inmheánaigh iniúchadh ar cheithre ghné do ghnó PAS (Taisteal agus Cothú, Párolla, Bainistíocht Riosca agus Bainistíocht Sóchmhainní). Faigheann an Coiste nuashonruithe rialta freisin faoi mholtaí ó thuarascálacha iniúchta a rinneadh roimhe seo a chur i bhfeidhm. Cuireann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta a tuarascáil i láthair don Bhord ar bhonn bliantúil.

I rith na bliana tugadh cur i láthair agus oiliúint do na baill foirne cuí ar cheisteanna éagsúla a bhaineann le bainistíocht airgeadais, soláthar agus ceisteanna gaolta eile.

Fiona Tierney
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
5 Iúil 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 16: An tSeirbhis um Cheapachain Phoiblí le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig Seirbhis um Cheapachain Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3 Lúnasa 2012

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Cuntas Leithghabhála 2011

Seirbhís		2011 Soláthar don mheastachán	2011 Caiteachas	2010 Caiteachas
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Rannóg Ath-imlonnaithe /Earcaíochta	8,025	7,301	7,849
	Ollchaiteachas	**8,025**	**7,301**	**7,849**
	Bain de:			
B	**Leithghabhálacha-i-gcabhair**	**269**	**520**	**460**
	Glanchaiteachas	**7,756**	**6,781**	**7,389**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€975,164**	**€932,228**

Riarachán		2011 Soláthar don mheastachán	2011 Caiteachas	2010 Caiteachas
		€000	€000	€000
(i)	Tuarastail, pá agus liúntais	4,795	4,636	4,864
(ii)	Taisteal agus cothú	169	92	106
(iii)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	308	121	135
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	197	159	165
(v)	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	1,313	1,222	1,199
(vi)	Costais áitreabh oifige	364	209	410
(vii)	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	185	175	189
(viii)	Cóiríocht, fógraíocht, agus ceannach agus clódóireacht páipéar trialach	289	264	332
(ix)	Costais agallamh agus comórtas ilchineálacha	405	423	449
		8,025	**7,301**	**7,849**

Nótaí don Chuntas Leithghabhála

1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Pá			4,636	4,864
Caiteachas eile			2,665	2,985
Ollchaiteachas			7,301	7,849
Bain de				
Leithghabhálacha-i-gcabhair			520	460
Caiteachas glan			6,781	7,389
Athruithe i sóchmhainní caipitil				
Ceannacháin in airgead tirim		(169)		
Dímheas		713		
Cailliúint ar dhiúscairtí		5		
			549	647
Athruithe i sóchmhainní reatha glan				
Laghdú i bhfabhruithe deiridh		(155)		
Méadú i stoc		—		
			(155)	(33)
Caiteachas díreach			7,175	8,003
Glanchostas do sheirbhísí gaolta	1.1		3,182	3,877
Costas iomlán oibríochtaí			**10,357**	**11,880**

1.1 Seirbhísí Gaolta Glan

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

Vóta		2011 €000	2010 €000
6	Oifig an Aire Airgeadais	48	53[1]
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	975	984
10	Oifig na Oibreacha Poiblí	2,159	2,840
		3,182	**3,877**

[1]Fágadh an figiúr ar lár go hearráideach i 2010.

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sóchmhainní caipitil	2.1	2,613	3,162
		2,613	3,162
Sóchmhainní reatha			
Stoic	2.2	915	915
Réamhíocaíochtaí	2.3	453	339
Ioncam fabhraithe		55	27
Fuílleach eile sochair: fionraí		269	38
Dlite ón Státchiste	2.4	28	77
Sóchmhainní reatha iomlán		1,720	1,396
Lúide dliteanas reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	138	(109)
Costais fhabhraithe		96	109
Iarmhéid sochair eile	2.5	159	224
Iarmhéid na ndliteanas reatha		393	224
Glanshóchmhainní reatha		1,327	1,172
Glanshóchmhainní		3,940	4,334
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		3,940	4,334

2.1 Ráiteas faoi Shóchmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Feabhsúcháin don fhoirgneamh	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Sóchmhainní glan				
Costas nó luacháil ar an 1 Éanáir 2011	8,488	589	692	9,769
Breiseanna	169	—	—	169
Diúscairt	(267)	—	—	(267)
Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2011	8,390	589	692	9,671
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2011	5,499	487	621	6,607
Dímheas don bhliain	589	55	69	713
Dímheas ar dhiúscairtí	(262)	—	—	(262)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	5,826	542	690	7,058
Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2011	2,564	47	2	2,613
Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2010	2,989	102	71	3,162

2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid agus airgead tirim PMG	(138)	109

2.3 Stoic

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Soláthairtí cláraithe	890	889
Earraí/stáiseanóireacht TF	25	26
	915	915

2.4 Glandliteanas ón Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farrasbar le tabhairt suas	975	932
Deontas an Státshciste nár Tarraingíodh	(1,003)	(1,009)
Glandliteanas ón Státchiste	(28)	(77)
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(138)	109
Iarmhéideanna dochair: fionraí	269	38
	131	147
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(159)	(194)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	—	(30)
	(159)	(224)
	(28)	(77)

2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	82	83
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	36	54
Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla	16	25
Cáin Bhreisluacha	25	21
Ranníocaíochtaí pinsean	—	11
	159	194
Earraí creidmheasa eile	—	30
	159	224

2.6 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Líon iomlán na gceangaltas comhaontaithe	12	30

3 Caiteachas Cláir

		2011 Soláthar don mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
A	**Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Ath-inlonnú/Earcaíocht/Roghnú**			
A.1.	Riarachán - pá	4,795	4,636	4,864
A.2	Riarachán - caiteachas eile	3,230	2,665	2,985
		8,025	7,301	7,849

Míniú ar athruithe suntasacha

Mínítear i gcás gach fo-theideal caiteachais nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta na critéir seo I 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithghabhálacha-i-gcabhair	2011 Meastachán	2011 Réadaithe	2010 Réadaithe
	€000	€000	€000
1. Ilchineálach	25	224	187
2. Admhálacha ó phinsean - asbhaintí gaolmhara ar luach saothair na seirbhíse poiblí	244	296	273
Iomlán	269	520	460

Míniú ar athruithe suntasacha

Mínítear thíos i gcás gach teideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5% idir an toradh agus an méid an mheastacháin.

Teideal	Níos lú / (níos mó) ná measadh	Míniú
	€000	
1	(199)	Léiríonn an toradh na fáltais a bhaineann le costais earcaíochta a fuarthas ar ais ó chliaint nuair a d'eascair an costas bunúsach sa bhliain roimhe.

5 Líon na bhFostaithe agus Pá

	2011	2010
Líon na mBall foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	91	102

	2011 €000	2010 €000
Pá	4,287	4,509
Liúntais níos airde, speisialta nó do dhualgais bhreise[1]	42	41
Liúntais eile	1	1
Ragobair [1]	28	27
ÁSPC an fhostóra	278	286
Pá iomlán	**4,636**	**4,864**

[1]Coigeartaíodh na figiúirí maidir le 2010 le mí-leithdháileadh costas áirithe sa chuntas don bhliain sin a chur ina cheart.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon a fuair	Líon a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2011 €	Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2010 €
Freagrachtaí níos airde, speisialta nó breise	17	—	9,109	9,209
Ragobair agus freastal breise	46	2	12,693	8,778

Nóta: Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó na catagóir amháin.

5.2 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €10,786 san iomlán mar tháillí do thriúr ball Boird in 2011.

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Réamhrá

Mar Oifgeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011, do thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caitheachas don bhliain.

Is cuid iad den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm in Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Déantar na bearta seo a leanas d'fhonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a fheabhsú go leanúnach.

Do rinne iniúchóir inmheánach neamhspleách líon áirithe iniúchtaí thar ceann na hOifige le linn 2010 ar na nósanna imeachta agus na rialúcháin chuntasaíochta airgeadais atá i bhfeidhm. Táthar tar éir glacadh le tátail an iniúchóra agus tá struchtúir curtha i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a chuid fionnachtana agus a chuid moltaí.

Déanann coiste iniúchóireachta na hOifige gach aon iniúchadh inmheánach agus seachtrach a athbhreithniú agus a mheas. Chomh maith leis sin tugann sé comhairle faoi na córais bhainistíochta riosca de chuid na hOifige. Chas an Coiste le chéile uair amháin i 2011.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear oiliúint i mbainistíocht airgeadais.

Comhaontaíodh cumasc idir Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman tar éis faofa dul ar aghaidh a fuarthas ón Roinn Airgeadais. Teastaíonn athruithe reachtaíochta leis an gcumasc a chríochnú go foirmeálta. Chuathas ar aghaidh le gnéithe áirithe den chumasc roimh an reachtaíocht. Chomhaontaigh an dá eagraíocht Meamram Tuisceana i Mí na Nollag 2010, a phléann le cúrsaí riaracháin le bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. Is iad na réimsí a chlúdaítear sa Mheamram ná ceisteanna pearsanra a bhaineann le baill fhoirne CPSA, ceisteanna airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus ceisteanna ginearálta foirne.

Andrew Patterson
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
29 Feabhra 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 17: Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim soláthraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Rialáil agus Faireachán ar Cheapacháin	913	540	594
	Ollchaiteachas	**913**	**540**	**594**
	Asbhain:			
A.9	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**30**	**31**	**28**
	Glanchaiteachas	**883**	**509**	**566**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€373,875**	**€361,627**

Riarachán		2011 Suim soláthraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
(i)	Tuarastail, pá agus liúntais	519	474	453
(ii)	Taisteal agus cothú	7	1	4
(iii)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	76	13	42
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	28	2	11
(v)	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	90	20	33
(vi)	Costais áitreabh oifige	35	—	11
(vii)	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	84	8	14
(viii)	Táillí dlí	74	22	26
		913	**540**	**594**

Nótaí ag Gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas cláir				
Pá			474	453
Caiteachas eile			66	141
Ollchaiteachas			540	594
Asbhain:				
Leithreasaí-i-gcabhair			31	28
Glanchaiteachas			509	566
Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil				
Ceannacháin airgid		(11)		
Dímheas		13		
Caillteanas ar dhiúscairtí		6	8	24
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú i bhfabhraithe deiridh		(2)		
Laghú i stoc		2		
			—	35
Caiteachas díreach			517	625
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1		3	4
Iomlán na gCostas Oibriúcháin			**520**	**629**

1.1 Seirbhísí Gaolta Glan
Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

Vóta		2011 €000	2010 €000
6	Oifig an Aire Airgeadais	3	4
		3	**4**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	24	32
		24	32
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	15	44
Stoic	2.3	10	12
Réamhíocaíochtaí		7	8
Iarmhéideanna eile dochair		2	2
Iomlán na sócmhainní reatha		34	66
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		—	3
Iarmhéideanna eile sochair	2.4	15	17
Glandliteanas don Státchiste	2.5	2	29
Iomlán na ndliteanas reatha		17	49
Glansócmhainní reatha		17	17
Glansócmhainní		**41**	**49**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú stáit		**41**	**49**

2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2011	112	20	132
Coigeartú na bliana roimhe sin	(1)	(1)	(2)
Breiseanna	11	—	11
Diúscairtí	(2)	(10)	(12)
Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2011	120	9	129
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2011	90	10	100
Prior year adjustment[1]	(1)	(1)	(2)
Dímheas don bhliain	12	1	13
Dímheas ar dhiúscairtí	(2)	(4)	(6)
Dímheas carnach an 31 Nollaig 2011	99	6	105
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2011	21	3	24
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2010	22	10	32

[1]Tar éis athbhreithniú de Chlár na Sócmhainní, d'eascair Coigeartuithe ón mBliain Roimhe maidir le luachanna agus dímheas sócmhainní áirithe.

2.2 Banc agus Airgead Tirim an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	15	44
	15	44

2.3 Stoic an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Clódóireacht agus stáiseanóireacht	10	12
	10	12

2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	8	5
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	2	3
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	—	3
Ranníocaíochtaí pinsin	1	1
	11	12
Míreanna eile sochair atá ar fionraí	4	5
	15	17

2.5 Glandliteanas don Státchiste

an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farrasbar le tabhairt suas	374	362
Deontas ón Státchiste nar tarraingíodh	(372)	(333)
Glandliteanas don Státchiste	2	29
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	15	44
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	2	2
	17	46
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(11)	(12)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(4)	(5)
	(15)	(17)
	2	29

3 Caiteachas Cláir

		2011 Soláthar don mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
A	**Rialáil agus Faireachán ar Cheapacáin**			
A.1	Riarachán - Pá	519	474	453
A.2	Riarachán - Caiteachas eile	394	66	141
		913	**540**	**594**

Míniú ar athruithe suntasacha

Mínítear i gcás gach fo-theideal nuair a bhí difríocht de níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta na critéir seo I 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta	2011 Réadaithe	2010 Réadaithe
	€	€	€
1. Fáltais ón tobhach pinsin a asbhaint	30	31	28

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
An líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana	8	8
	€000	€000
Pá	459	438
ÁSPC an Fhostóra	15	15
Pá iomlán	474	453

Vóta 18 Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas seo, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bfeidhm in Oifig an Ombudsman. Tá na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha atá curtha i bhfeidhm, nó atá beartaithe, chun feabhas a chur ar rialú airgeadais inmheánach na h-Oifige seo:

Úsáideann an Oifig an Córas Forbartha Bainistiú Feidhmíochta (PMDS), chun riachtanais traenála na foirne d'aithint, agus áirítear ansin bainistiú airgeadais agus scileanna cuntasóireachta. Déantar an traenáil riachtanach a eagrú nú a fhostú de réir mar is cuí.

Anois, níos mó ná riamh, cuid bhunúsach de phróiseas straitéise agus gnó na h-Oifige is ea riosca a bhainistiú. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí chláir riosca, trí phleananna straitéise agus gnó agus trí spriocanna PMDS áirithe.

Tá curtha i bhfeidhm ag an Oifig crua-earraí agus bogearraí deisce ríomhaireachta nua-aoiseacha, agus iad ar fáil ag an bhfoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais, áiseanna cúltaca agus balla dóiteáin i bhfeidhm freisin. Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras seo i 2010 agus tá sé ag feidhmiú go héifeachtach.

Is é iniúchóir inmheánach na h-Oifige a dhéanann an rialú inmheánach seo a luacháil agus a fheidhmiú. Tá an obair seo á thacú ag Coiste Iniúchóireachta a bhfuil beirt bhall ón dtaobh amuigh páirteach ann. Ag forbairt na pleananna iniúchóireachta dóibh, tógann an Coiste ceann d'aon mholtaí a thiocfadh ón Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste ag éirí as iniúchadh ar an Cuntas Leithreasa.

Comhaontaíodh cumasc leis an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus Oifig an Ombudsman tar éis faofa dul ar aghaidh a fuarthas ón Roinn Airgeadais. Teastaíonn athruithe reachtaíochta leis an gcumasc a chríochnú go foirmeálta. Chuathas ar aghaidh le gnéithe áirithe den chumasc roimh an reachtaíocht. Chomhaontaigh an dá eagraíocht Meamram Tuisceana i Mí na Nollag 2010, a phléann le cúrsaí riaracháin le bonn solúbtha a sholáthar don dá oifig. Is iad na réimsí a chlúdaítear sa Mheamram ná ceisteanna pearsanra a bhaineann le baill fhoirne CPSA, ceisteanna airgeadais agus bainistiú buiséad, oiliúint agus íocaíochtaí gaolmhara agus ceisteanna ginearálta foirne.

Bernadette McNally
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman
12 Iúil 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 18: Oifig an Ombudsman le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ombudsman. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 18 Oifig an Ombudsman
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim soláraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Feidhm an Ombudsman	4,769	4,432	4,537
B	An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil	1,044	861	862
C	Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	1,659	1,500	1,525
	Olliomlán	**7,472**	**6,793**	**6,924**
	Bain de			
D.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**393**	**368**	**372**
	Glaniomlán	**7,079**	**6,425**	**6,552**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€653,534**	**€1,087,311**

Riarachán		2011 Suim soláraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
(i)	Tuarastail, pá agus liúntais	5,909	5,535	5,556
(ii)	Taisteal agus cothú	53	34	42
(iii)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	490	268	398
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	86	67	69
(v)	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	199	179	201
(vi)	Costais áitreabh oifige	238	205	153
(vii)	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	115	50	162
(viii)	Táillí dlí	382	455	343
		7,472	**6,793**	**6,924**

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Pá			5,535	5,556
Caiteachas eile			1,258	1,368
Olliomlán			6,793	6,924
Bain de				
Leithreasa-i-gcabhair			368	372
Glaniomlán			6,425	6,552
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(72)		
Dímheas		82	10	42
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Méadú ar fhabhraithe deiridh		115		
Laghdú ar stoc		1		
			116	(49)
Caiteachas díreach			6,551	6,545
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		1,691	1,576
Costas iomlán oibriúcháin			**8,242**	**8,121**

1.1 Seirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 18 a thabhaítear in áiteann eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
6	Oifig an Aire Airgeadais	74	69[1]
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	490	349
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,127	1,158
		1,691	**1,576**

[1]Fágadh an figiúr ar lár go hearráideach i 2010.

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	**204**	**214**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	290	154
Stoic	2.3	17	18
Réamhíocaíochtaí		79	157
Iarmhéideanna eile dochair		16	19
Iomlán na sócmhainní reatha		**402**	**348**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		58	21
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.4	259	198
Glandliteanas don Státchiste	2.5	47	(25)
Iomlán na ndliteanas reatha		**364**	**194**
Glansócmhainní reatha		**38**	**154**
Glansócmhainní		**242**	**368**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**242**	**368**

2.1 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	950	477	1,427
Coigeartú na bliana roimhe sin[1]	(86)	—	(86)
Breiseanna	46	26	72
Diúscairtí	(35)	—	(35)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	875	503	1,378
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	831	382	1,213
Coigeartú na bliana roimhe sin[1]	(86)	—	(86)
Dímheas don bhliain	58	24	82
Dímheas ar dhiúscairtí	(35)	—	(35)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	768	406	1,174
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**107**	**97**	**204**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	**119**	**95**	**214**

[1]Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár sócmhainní, tháinig coigeartuithe na bliana roimhe sin chun cinn maidir le luachanna sócmhainní faoi leith agus dímheas gaolmhar.

2.2 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	290	151
Comhardaithe eile d'airgead tirim	—	3
	290	154

2.3 Stoic ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	4	6
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	13	12
	17	18

2.4 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suim atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	100	72
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	26	36
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	3	18
Cáin Bhreisluacha	1	—
Ranníocaíochtaí pinsin	11	11
	141	137
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	37	34
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí	81	27
	259	198

2.5 Glandliteanas chuig an Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le tabhairt suas	654	1,087
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(607)	(1,112)
Glandliteanas chuig an Státchiste	47	(25)
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	290	154
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	16	19
	306	173
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(141)	(137)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(118)	(61)
	(259)	(198)
	47	(25)

3 Caiteachas Cláir

		2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
A	**Feidhm an Ombudsman**			
A.1	Riarachán - pá	4,124	4,006	3,938
A.2	Riarachán - caiteachas eile	645	426	599
		4,769	4,432	4,537
B	**An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil**			
B.1	Riarachán - pá	626	612	584
B.2	Riarachán - caiteachas eile	418	249	278
		1,044	861	862
C	**Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil**			
C.1	Riarachán - pá	1,159	917	1,034
C.2	Riarachán - caiteachas eile	500	583	491
		1,659	1,500	1,525

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.2 B.2	219 169	Tar éis cleachtaidh a cuireadh i gcrích ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, baineadh amach coigilteas maidir leis an dá cheannteideal i dtaca le costais teasa, solais agus bhreosla. Bhí an caiteachas a rinneadh i réimse na teileachumarsáide níos lú freisin tar éis tairiscint a dhéanamh don réimse céanna. Uaireanta bíonn sé deacair tuar cruinn a dhéanamh faoi na costais a bhaineann le comhairle dlí. Bhí na táillí dlí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i 2011. Ina theannta sin bhí an caiteachas ar thaisteal agus ar liúntas cothaithe a gearradh do A.2 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus thit an caiteachas ar chúrsaí comhairleachta a gearradh do B.2 do leibhéal a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Ilghnéitheach	5	6	9
2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	388	362	363
Iomlán	**393**	**368**	**372**

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo I 2010, áfach.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Lóistealádh an tsuim €7,413 do chuntas an Státchiste i ndáil le costais dlíthiúla a ghabhadh ar ais.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana**	87	88

	2011 €000	2010 €000
Pá	5,256	5,273
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	19	29
Ragobair	33	41
ÁSPC an Fhostóra	227	213
Pá iomlán	**5,535**	**5,556**

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2011 €	Uasíocaíocht aonair 2010 €
Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	3	1	10,493	11,131
Ragobair agus tinrimh bhreise	20	2	10,487	11,793

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Caitheadh suim de €8,446 ar ghradaim fhiúntais (lena n-áirítear 11 gradam ar leith ó €400 go €1,000).

Vóta 19 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Aistriú na bhfeidhmeanna

Táthar tar éis an cuntas seo a ullmhú i gcomhréir le Meastachán Athbhreithnithe na bliana 2011 don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thug aird ar athrú a ndearnadh ar theideal na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí i mí Aibreáin 2011 (I.R. uimh. 138/2011) agus traschur na bhfeidhmeanna i ndáil le Comhionannas, Comhtháthú, Míchumas agus Cearta Daonna (ó Aibreán 2011) agus Carthanais(ó Bealtaine 2011) ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (I.R. uimh. 139/2011 agus 194/2011). Dá thoradh sin, ní thagraíonn an caiteachas faoi na fotheidil ábhartha ach don chuid sin den bhliain tar éis aistriú na bhfeidhmeanna. Ar an tslí chéanna, ní léiríonn figiúirí comparáideacha caiteachais 2010 ach an caiteachas a rinneadh ón Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain sin freisin. Faoi mar a tuairiscíodh i gCuntas 2010, aistríodh roinnt feidhmeanna a bhain le Comhionannas, Comhtháthú, Míchumas agus Cearta Daonna chuig an iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta i Mí Mheithimh 2010.

Lena chois sin, traschuireadh freagracht as na feidhmeanna i ndáil leis an Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ón nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, le héifeacht ó Samhain 2011. Is cuid den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige í an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh anois, agus lean sí uirthi de bheith ag maoiniú na Seirbhíse Idirghabhála Teaghlaigh go deireadh 2011.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitiúla a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% per annum de réir mhéid chothroim thar a saolré ionchais mheasta.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

I dteannta leis an gCuntas, tá ráiteas curtha faoi bhráid agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a fheidhmíonn sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Brian Purcell
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
28 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 19: Dlí agus Ceart agus Comhionannais le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidil 15 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 19 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Lúnasa 2012

Vóta 19 Dlí agus Ceart agus Comhionannas
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar Meastacháin	2010 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais		20,678	20,913	20,705
A.2. Taisteal agus cothú		457	301	338
A.3. Oiliúintagus forbairt agus costais theagmhasacha		3,768	4,082	4,555
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		1,133	1,235	1,131
A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha		6,467	7,027	8,340
A.6. Costais áitreabh oifige		1,517	2,379	1,954
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe		173	36	86
A.8. Taighde		483	13	102
A.9. Comhsheirbhísí airgid		11,123	10,219	10,466
Coimisiúin				
B.1. Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta				
Bunaidh	7,247			
Forlíontach	1,200	8,447	9,152	9,767
B.2. An coimisiún idirnáisiúnta neamhspleách (deontas-i-gcabhair)		596	7	594
B.3. An Coimisiún Monatóireachta Neamhspleách (deontas-i-gcabhair)		518	444	426
B.4. An Coimisiún Um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair)		1,097	1,097	683
Cúnamh dlíthiúil				
C.1. Cúnamh dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962)				
Bunaidh	47,552			
Forlíontach	10,000	57,552	56,118	56,517
C.2. An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair)		24,125	24,125	24,225
C.3. Ionaid Saorchomhairle Dlí		98	98	98

Seirbhís			2011 Soláthar Meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Inimirce agus Tearmann					
D.1. Seirbhís Eadoirseachta agus Inimirce					
	Bunaidh	46,882			
	Forlíontach	5,568	52,450	53,036	57,233
D.2. Tascfhórsa an lucht iarrtha tearmainn - cúnamh dlíthiúil					
	Bunaidh	6,445			
	Forlíontach	(800)	5,645	6,245	7,967
D.3. Aisíoc dídine d'údaráis áitiúla			67,492	69,460	79,074
Seirbhísí Eile					
E.1. An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána			320	229	975
E.2. Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí			1,458	1,450	1,376
E.3. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla					
	Bunaidh	7,727			
	Forlíontach	(1,300)	6,427	6,673	6,531
E.4. Cigireacht na bpríosún			413	322	344
E.5. Seirbhís chróinéara					
	Bunaidh	355			
	Forlíontach	150	505	517	378
E.6. An Bord Parúil			291	364	392
E.7. An tsaotharlann dlí-eolaíochta					
	Bunaidh	9,119			
	Forlíontach	(500)	8,619	8,275	8,702
E.8. Oifig an phaiteolaí stáit					
	Bunaidh	4,541			
	Forlíontach	(3,000)	1,541	945	2,459
E.9. Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil (a)			4,237	4,228	4,285
E.10. Maoiniú seirbhísí d'íospartaigh na coireachta			1,321	1,178	1,307
E.11. Bearta coiscthe coireanna			217	205	247
E.12. Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála)			166	66	78
E.13. Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána					
	Bunaidh	9,242			
	Forlíontach	(700)	8,542	8,506	9,235
E.14. An tÚdárás um Shlándáil Phríobháideach			2,233	2,044	2,170
E.15. Oifig Chigireachta na nGardaí					
	Bunaidh	1,701			
	Forlíontach	(600)	1,101	1,083	1,190
E.16. Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann					
	Bunaidh	1,245			
	Forlíontach	(575)	670	621	729
E.17 An tÚdaras um Rialáil Seirbhísí Maoine Náisiúnta			738	637	622

Seirbhís		2011 Soláthar Meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
E.18. Bearta um míbhuntaíste sóisialta (cistí díomhaoin maoinithe)		176	176	297
E.19 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (dlí coiriúil)		477	511	586
E.20. Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne				
Bunaidh	2,416			
Forlíontach	(500)	1,916	1,905	1,949
Seirbhísí Promhaidh				
F.1. Seirbhísí promhaidh - tuarastail, pá agus liúntais				
Bunaidh	22,524			
Forlíontach	(600)	21,924	21,883	21,826
F.2. Seirbhísí promhaidh - costais oibriúcháin				
Bunaidh	4,923			
Forlíontach	(300)	4,623	4,599	4,547
F.3. Seirbhís phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí				
Bunaidh	11,522			
Forlíontach	(1,586)	9,936	9,796	9,520
F.4. Scéim orduithe na seirbhíse pobail		2,284	2,058	2,081
Comhionannas, Comhtháthú & Míchumas				
G.1. An tÚdarás Comhionannais (deontas-i-gcabhair)		2,420	2,395	1,193
G.2. An Binse Comhionannais		1,775	1,838	1,035
G.3. Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban		405	405	274
G.4. Díonadh comhionannais		150	150	1
G.5. Monatóireacht comhionannais/coistí Comhairleacha		402	228	115
G.6. Príomhshruthú inscne agus gníomh dearfach ar son ban		2,203	2,100	61
G.7. Oifig an Aire Lánpháirtíochta				
Bunaidh	3,638			
Forlíontach	(500)	3,138	2,141	836
G.8. An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe		1,384	1,233	135
G.9. Stádas na ndaoine faoi mhíchumais				
Bunaidh	1,939			
Forlíontach	(1,000)	939	865	470
G.10 An tÚdarás Náisiúnta Míchumais				
Bunaidh	4,336			
Forlíontach	(826)	3,510	3,335	1,561
G.11 Tionscadail mhíchumais		122	1	169

Seirbhís			2011 Soláthar Meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Carthanais					
H.1.	Rialachán na gcarthanas		400	238	—
H.2.	Oifig um thabhartais agus um thiomnachtaí carthanúla		321	202	—
H.3.	Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchur		6,000	6,000	—
Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig					
I.	Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig				
	Bunaidh	39,341			
	Forlíontach	(3,800)			
			35,541	35,062	43,894
	Ollchaiteachas				
	Bunaidh	402,333			
	Forlíontach	331			
			402,664	**400,451**	**415,831**
	Asbhain:				
J.	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Bunaidh	47,139			
	Forlíontach	330			
			47,469	**50,027**	**48,068**
	Glanchaiteachas				
	Bunaidh	355,194			
	Forlíontach	1			
			355,195	**350,424**	**367,763**
	Farasbarr don bhliain			**4,771,260**	**22,482,599**
	Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas			**460,000**	—
	Farasbarr le tabhairt suas			**€4,311,260**	**€22,482,599**

Nótaí don Chuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			46,205	47,677
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			354,246	368,154
Ollchaiteachas			400,451	415,831
Asbhain				
Leithreasaí-i-gcabhair			50,027	48,068
Glanchaiteachas			350,424	367,763
Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil				
Airgead tirim um cheannachán		(1,196)		
Dímheas		8,711		
Caillteanas i ndiúscairtí		9		
Airgead tirim um dhiúscairtí		19	7,543	7,782
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
íocaíochtaí in airgead tirim			(4,193)	(7,538)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(5,695)		
Méadú ar stoc		(8)		
			(5,703)	(2,105)
Caiteachas díreach			348,071	365,902
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		31,505	31,732
Measchíosanna			4,514	6,560
Costas iomlán oibríochtaí			**384,090**	**404,194**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 19 a tháinig ó áit eile

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	23,315	21,920
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	2,605	2,676
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	13,295	15,181
20	Garda Síochána	198	216
	Lárchiste – Pinsin na nAirí	388	236
		39,801	40,229
19	Costas na gComhsheirbhísí Airgeadais cionroinnte ar na seirbhísí gaolmhara	(8,296)	(8,497)
		31,505	**31,732**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2010

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	35,263	34,549
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	5,647	9,536
		40,910	**44,085**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	3,082	1,938
Stoic	2.4	546	538
Réamhíocaíochtaí		3,879	1,841
Ioncam fabhraithe		2,115	1,544
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	3,817	3,408
Iomlán na sócmhainní reatha		**13,439**	**9,269**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		6,426	9,507
Ioncam iarchurtha		186	191
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	5,946	5,088
Glandliteanas don Státchiste	2.7	953	258
Iomlán na ndliteanas reatha		**13,511**	**15,044**
Glandliteanais reatha		**(72)**	**(5,775)**
Glansócmhainní		**40,838**	**38,310**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**40,838**	**38,310**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	15,000	1,388	85,678	5,091	107,157
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta[1]	—	—	47	11	58
Sócmhainní a aistríodh ó Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[2]	—	—	34	16	50
Sócmhainní gníomhaireachta a aistríodh ó Ghníomhaireachtaí eile[3]	—	—	571	151	722
Breiseanna	—	80	9,161	37	9,278
Diúscairtí	—	(185)	(860)	(20)	(1,065)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	15,000	1,283	94,631	5,286	116,200
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	660	885	67,533	3,530	72,608
Dímheas ar shócmhainní traschurtha ó Ranna eile [1]	—	—	499	156	655
Dímheas don bhliain	300	230	7,860	321	8,711
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(185)	(834)	(18)	(1,037)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	960	930	75,058	3,989	80,937
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**14,040**	**353**	**19,573**	**1,297**	**35,263**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	**14,340**	**503**	**18,145**	**1,561**	**34,549**

[1]Baineann an coigeartú le sócmhainní traschurtha ó chlár sócmhainne na Roinne mar thoradh ar thraschur na bhfeidhmeanna ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Oifig um Thabhartas agus um Thiomnachtaí Carthanúla.

[2]Níor cuireadh luach €20,800 de shócmhainní le clár na sócmhainní ós rud é go raibh a gcostas níos lú ná €1,000; ba chóir tabhairt faoi deara go raibh na rudaí seo go hiomlán dímheasta ag am an aistrithe.

[3] Sócmhainní a aistríodh ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag eascairt as aistriú na bhfeidhmeanna ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

2.2 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

	Feidhmchláir Ríomhaireachta In-tí	Foirgnimh	Iomlán
	€000	€000	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011	3,912	5,624	9,536
2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Óinchistí	8	9
Airleacain don OPW	—	121
Costais tuarastail in-fhorchúitithe	146	205
Costais taistil in-fhorchúitithe	42	40
Scéim pas taistil in-fhorchúitithe	120	167
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	660	1,625
	976	2,167

2.6 Iarmhéideanna Eile Sochair

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	940	820
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	278	556
Cáin Shiarchoinneálach	224	471
Cáin Bhreisluacha	329	647
Ranníocaíochtaí Pinsin	282	376
	2,053	2,870
Míreanna eile creidmheasa fionraí	1,631	1,937
	3,684	4,807

2.7 Glandliteanas don Státchiste amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	26,647	99,188
Tabhairt suas a iarchur	34,000	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(26,325)	(98,360)
Glandliteanas don Státchiste	34,322	828
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Glanstaid PMG agus airgead	37,030	3,468
Iarmhéideanna dochair: fionraí	976	2,167
	38,006	5,635
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,053)	(2,870)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí	(1,631)	(1,937)
	(3,684)	(4,807)
	34,322	828

2.8 Dliteanais Aibithe	2011 €000	2010 €000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig	1	18

2.9 Ceangaltais

(a) Ceangaltais dhomhanda

Is iad na figiúirí domhanda do cheangaltais a mheastar a thiocfaidh chun cinn sa bhliain/sna blianta amach romhainn faoi fhotheidil soláthair agus deontais ná €117,901 agus €1,170,039,952 faoi seach.

(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

1 Tionscadail Uisce/Séarachais	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010	Caiteachas in 2011	Blianta ina dhiaidh sin	Costas iomlán
Tionscadal	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Scéim Soláthair Uisce an Inbhir Mhóir[1]	5,581	2,199	12,032	19,812
Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde[2]	12,349	—	3,113	15,462
Scéim Séarachais Bhéal an Átha	17,980	—	748	18,728
Scéim Soláthair Uisce Bhaile Chúlainn (3 ghné le chéile)[1]	61,324	2,353	1,858	65,535
Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir, Céim 3[1]	62,965	12,456	10,224	85,645

1 Tionscadail Uisce/Séarachais	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010	Caiteachas in 2011	Blianta ina dhiaidh sin	Costas iomlán
Tionscadal	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Scéim Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh[1]	2,260	441	11,206	13,907
Scéim Astarraingthe na Bearú	7,313	7,028	11,402	25,743
Scéim Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí[1]	30,467	2,999	848	34,314
Scéim Séarachais Bhré agus Sheangánaigh[1,3]	60,604	7,948	136	68,688
Draenáil Uisce Dromchla Bhaile Cheatharlach (Príomhscéim)[1]	5,279	7,047	6,188	18,514
Scéim Soláthair Uisce Charna/Chill Chiaráin	12,448	—	569	13,017
Scéim Séarachas Cheantair Máguaird Chaisleáin an Bharraigh (gan réamhscéim ná sruth éalaithe san áireamh)	41,330	—	843	42,173
Scéim Séarachais Chaisleán Uí Chonaill	13,438	2,000	398	15,836
Séarachas Bhaile na Cúirte-Shéipéal na hAbhann[1]	19,619	805	224	20,648
Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhá Dhún na nGall - Grúpa A (conradh DBO)	26,143	—	1,841	27,984
Séarachas Chuan Bhaile Átha Cliath[1]	434,291	11,812	4,891	450,994
Tionscadal Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath (nó Caomhnú Uisce Bhaile Átha Cliath Tionscadal C: Athshlánúchán – Céim Fhadtéarmach Tráinse 2)[2]	5,419	10,407	8,679	24,505
Caomhnú Uisce Bhaile Átha Cliath (DRWRP)[1]	33,961	3,233	21,204	58,398
Séarachas Dhún Garbhán	31,162	98	1,134	32,394
Scéim Soláthair Uisce Dhún Seachlainn [1]	13,244	—	330	13,574
Scéim Soláthair Uisce Iarthar Phort Láirge, Céim 2[1]	15,873	259	518	16,650
Ceithre Scéim Soláthair Réigiúnacha Uisce Ros Comáin	10,723	98	29,378	40,199
Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2[1,3]	6,477	9,565	1,272	17,314
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ghuaire[1]	11,430	2,175	5,168	18,773
Ionad Cóireála Sloda Chill Dara	16,080	—	1,004	17,084
Straitéis Soláthair Uisce Chill Dara, Céim 1 – Príomh-thrunclíonra uisce[1,3]	14,831	—	503	15,334
Scéim Séarachais na gCeall Beag	5,221	13,178	1,590	19,989
Scéim Séarachais Chionn tSáile[1]	17,519	1,852	2,561	21,932
Scéim Séarachais Bhailte agus Shráidbhailte Liatroma (9 sráidbhaile)[1]	17,347	—	4,819	22,166
Scéim Séarachais Leitir Ceanainn	14,453	14,530	5,235	34,218
Príomhdhraenáil Luimnigh (Céimeanna 1, 2 agus 3) bailiúchán agus cóireáil[1]	331,110	4,357	280	335,747
Gréasán Uisce Luimnigh (an Príomhlíonra Theas Cathair agus Contae)	12,979	240	248	13,467

1 Tionscadail Uisce/Séarachais	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010	Caiteachas in 2011	Blianta ina dhiaidh sin	Costas iomlán
Tionscadal	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
Soláthar Uisce Réigiúnach Loch Measca (Cnoc Mhuire/Béal Átha hAmhnais)	30,421	—	650	31,071
Scéim Séarachais Ghleann na Life Íochtarach (ionad cóireála agus córas bailiúcháin do Chill Choca, Teach Srafáin, Cill Droichid, Maigh Nuad agus Léim an Bhradáin)	13,961	—	3,774	17,735
Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte na Mí[1]	46,949	3,586	630	51,165
Scéim Séarachais Mhainsitir na Corainn	26,220	—	77	26,297
Scéim Feabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr	37,041	—	103	37,144
Soláthar Uisce na hUaimhe-na Mí Láir[1]	24,139	—	1,006	25,145
Scéim Séarachais na hUaimhe	32,766	—	491	33,257
Scéim Séarachais Ros Mhic Thriúin[1]	12,857	1,361	282	14,500
Príomhdhraenáil Phort Laoise[1]	45,075	2,633	510	48,218
Ionad Cóireála Uisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois agus Lusca[1]	21,786	10,766	807	33,359
SS Bhailte agus Shráidbhailte Ros Comáin (17 sráidbhaile), cuireadh tús le hobair ar cheithre cinn – an Chríoch, Uachtar Thíre, Tuilsce & Lios an Choill)[1]	14,502	2,919	1,435	18,856
Scéim Soláthair Uisce Ardleibhéal Áth an Ghainimh[1,3]	15,109	—	544	15,653
Ionad Cóireála Fuíolluisce Shligigh (conradh DBO)[1]	18,642	487	312	19,441
DBO agus Ionaid Ghrúpáilte Chóireála Fuíolluisce Thiobraid Árann[1]	16,809	—	1,581	18,390
Soláthair Uisce Réigiúnach Thuama Staid 3	16,815	—	520	17,335
Scéim Soláthair Réigiúnaigh Uisce Thuama Síneadh go hÁth Cinn	14,989	—	228	15,217
Scéim Uisce agus Séarachais Thuama, Conradh[1]	10,976	9,720	837	21,533
Scéim Séarachais Thulach Mhór, Conradh DBO[1]	8,098	11,044	120	19,262
Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge (Aird Mhór, Tulach an Iarainn, an tSráidbhaile, Ceapach Choinn, Dún Mór, Coill Mhic Thomáisín agus an Baile Dubh/Cill Mhíodáin)[2]	11,338	786	1,625	13,749

1 Tionscadail Uisce/Séarachais	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010	Caiteachas in 2011	Blianta ina dhiaidh sin	Costas iomlán
	€000	€000	€000	€000
Tionscadal				
Scéim Séarachais Phort Láirge, Céim 2[1]	47,373	6,118	219	53,710
Soláthar Uisce agus Scéim Séarachais an Choireáin[2]	8,804	755	3,464	13,023
Scéim Séarachais Chathair na Mart (gan an réamhchuid san áireamh)	49,925	—	662	50,587
Scéim Séarachais Chill Mhantáin (Lintéar Phlás Wentworth)[1]	23,433	315	708	24,456
Iomlán	1,919,248	167,570	171,029	2,257,847

2 Tionscadal Tithíochta

Tionscadail Tógála	€000	€000	€000	€000
Baile Gadaí, Céim E, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath[1]	15,936	403	719	17,058
Carraig Phiarais Uachtarach, Céim 3, Cathair Phort Láirge	17,766	826	371	18,963
Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24[1]	14,690	1,167	543	16,400
Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B2, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24[1]	23,037	224	—	23,261
Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí[1]	22,146	—	1,116	23,262
Coill an Chnocáin, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath[1]	16,847	—	151	16,998
Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath[1]	13,799	—	160	13,959
Baile Riocaird, Droichead Nua, Co. Chill Dara[1]	24,849	—	675	25,524
Seanchill, Céim 2, Co. Bhaile Átha Cliath[1]	26,517	1,210	—	27,727
Páirc na bhFianna, Baile Mhistéil, Corcaigh[1]	14,164	1,620	—	15,784
Iomlán	189,751	5,450	3,735	198,936

Tionscadail Lándéanta	€000	€000	€000	€000
Carraig an Earra, Baile an Chollaigh, Co.Chorcaí	15,498	—	930	16,428
Bóthar na mBuaircíní, Cathair Chorcaí[1]	15,102	—	163	15,265
Iomlán	30,600	—	1,093	31,693

Tionscadail Athbheochana	Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010	Caiteachas in 2011	Blianta ina dhiaidh sin	Costas iomlán
	€000	€000	€000	€000
Bóthar Bhun Raite, Maisonettes, Cathair Bhaile Átha Cliath	13,753	—	724	14,477
Cnoc na hAoine, Bloc D, Cathair Chorcaí[1,3]	33,332	—	2,668	36,000
Ascaill an Labhrais, Dún Laoghaire	15,050	1,072	—	16,122
Áras Lourdes, Cathair Bhaile Átha Cliath	17,963	329	469	18,761
Rae na Poibleoige, Cathair Bhaile Átha Cliath	16,499	—	677	17,176
Athbheochan Árasáin Bhaile Munna[1]	685,960	20,519	51,000	757,479
Áras Sheáin Uí Threasaigh, Cathair Bhaile Átha Cliath	10,880	2,289	337	13,506
An Gleann, Céim 2, Cathair Chorcaí[1]	8,010	3,789	6,167	17,966
Iomlán	801,447	27,998	62,042	891,487

Tithíocht Dheonach	€000	€000	€000	€000
Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	18,654	2,414	1,613	22,681
An Cumann Caitliceach um Chúnamh Tithíochta, Áras an Athar Uí Scolaidhe, Sráid Grenville, Baile Átha Cliath 1	—	1,238	15,391	16,629
Respond, Clochar na Páirce Airde, Bóthar Pháirc na nGrás, Baile Átha Cliath 9[2]	12,662	—	284	12,946
	31,316	3,652	17,288	52,256

3 An Ciste Carbóin

	€000	€000	€000	€000
Ceannach creidmheasanna carbóin[1]	112,869	4,140	3,160	120,169

Nótaí:

[1]Costas an tionscadail nuashonraithe ó 2010.

[2] Fágtha ar lár ó chuntas 2010 mar go raibh costas measta na scéime ag an am faoi €12.7m.

[3]Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2010 nuashonraithe.

(c) Tionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) na Seirbhísí Uisce

Is minic a bhíonn tionscadail CPP a bhaineann le seirbhísí uisce i bhfoirm conarthaí le seirbhísí a Dhearadh, a Thógáil agus a Oibriú (DBO) d'ionad cóireála uisce nó fuíolluisce. Bíonn an conradh DBO idir an t-údarás áitiúil agus an comhpháirtí earnála príobháidí. Maoiníonn an Roinn céatadán de chostas caipitil an chonartha trí mhéan íocaíochta deontais a íoctar don údarás áitiúil le linn tréimhse thógála (a mhaireann 24-30 mí, go minic) an ionaid chóireála. Íoctar eilimint oibriúcháin agus chothabhála an DBO go díreach ag an údarás áitiúil don chomhpháirtí earnála príobháidí. Ní dhéanann an Roinn aon íocaíochtaí aonadacha don údarás áitiúil nó don chomhpháirtí earnála príobháidí thar théarma an chonartha agus ní bhíonn aon cheangaltas caipitil i gceist don Roinn tar éis na céime tógála.

3 Athruithe ar Chaiteachas

3.1 Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Sa chuid dheireanach de 2011, bunaithe ar anailís ar threochtaí caiteachais agus ar athbhreithniú iomlán ar riachtanais 2011, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'aistrigh an Roinn, tríd an bpróiseas bunaithe maidir le meastachán vírminte/forlíontach, coigiltis a tháinig chun cinn ar fhotheidil éagsúla chun cur le forálacha eile fotheidil d'fhonn freastal a dhéanamh ar na riachtanais shainaitheanta bhreise in 2011.

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
A.3.	690	Bhí coigilteas ann de bharr comhdhlúthú cóiríocht oifige, roinnt costas le comhthionóntaí agus caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar oiliúint foirne.
A.5.	2,859	Bhí coigilteas ann de bharr ath-idirbheartaíochta maidir le conarthaí bogearraí, athruithe ar sholáthraithe seirbhíse agus iarchur tionscadal ar leith TFC.
A.6.	301	Bhí an caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr laghdú ar líon na bhfoirne sa Roinn agus chomhdhlúthú gaolmhar oifigí Bhaile Átha Cliath.
A.7.	250	Bhí an caiteachas teoranta do líon teoranta tionscadal, rud a bhí ina ábhar le coigilteas san iomlán.
B.1.	31,317	Bhí coigilteas ann de bharr nach ndearnadh an oiread dul chun cinn ar an Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta agus a rabhthas ag súil leis.
B.2.	21,523	Bhí an caiteachas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr nach ndearnadh an oiread dul chun cinn ar roinnt tionscadal faoi mar a beartaíodh le linn na bliana.
F.1.	(11,000)	Cuireadh maoiniú breise ar fáil chun cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla le costais bhreise a d'éirigh as tuile thromchúiseach i roinnt ceantar agus le riachtanais chomhlíonta chomhshaoil a bhaint amach.
F.2.	(1,000)	Bhí an caiteachas ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr an dul chun cinn a rinne údaráis áitiúla i dtaca le tógáil/uasghrádú stáisiún dóiteáin, soláthar fearas dóiteáin agus soláthar trealamh ilghnéitheach.
F.4.	(410)	De bharr chríoch na scéim ábhartha in 2011, cuireadh luas faoin obair ar thionscadail. Dá bhrí sin, bhí méadú mór ar éilimh maidir le híocaíocht le húdaráis áitiúla.
F.6.	282	Thóg sé níos mó ama ná mar a rabhthas ag súil leis le tionscadail a roghnú agus le conarthaí a bhronnadh. Dá bhrí sin, níor caitheadh an méid airgid agus a rabhthas ag súil leis in 2011.
G.3.	895	Bhí coigilteas ann de bharr go raibh caiteachas comhlachtaí poiblí eile le cómhaoiniú faoin scéim ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis.

Fotheideal	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
G.4.	304	Bhí coigilteas ann de bharr nár aibigh roinnt dliteanais mheasta le linn na bliana.
H.1.	(895)	Soláthraíodh maoiniú breise don Bhord Pleanála chun freastal ar chaiteachas méadaithe a bhain le costais dlí agus scor comhaltaí Boird, agus easnaimh a d'eascair as ioncam táille laghdaithe.
H.2.	(667)	Bhí na costais dlí le híoc ag an mBinse ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo in 2011.
H.5.	984	Bhí an caiteachas i leith costais dlí, luachálacha agus teagmhas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis.
I.3.	14,462	Bhí coigilteas ann de bharr go raibh na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta a sheachadann an clár ní ba mhoille ag caitheamh airgid ar thionscadail ná mar a rabhthas ag súil leis.
J.2.	(3,606)	Bhí an caiteachas ar an gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis de bharr riachtanais agus ceanglais bhreise a bhí le comhlíonadh in 2011.

3.2 Comparáid chaiteachais d'aistriú na bhfeidhmeanna

Léiríonn an clár thíos an caiteachas iomlán do gach fotheideal a bhain le Tacú le Pobail agus le Forbairt Tuaithe, ar chuid den Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta iad (Vóta 27) go dtí gur aistríodh na feidhmeanna seo chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25) le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

Cur síos fotheideal				2011	2010
		Vóta 27 €000	Vóta 25 €000	Iomlán €000	Iomlán €000
Tacú le Pobail					
G.1.	Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,514	6,490	10,004	11,567
G.2.	Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	28,976	33,469	62,445	67,454
G.3.	RAPID	706	1,563	2,269	6,067
G.4.	Bearta na gcuntas díomhaoin	1,131	1,639	2,770	6,814
Forbairt Tuaithe					
I.1.	Coimisiún Forbartha an Iarthair	895	563	1,458	2,175
I.2.	Scéimeanna Náisiúnta forbartha tuaithe	412	2,985	3,397	10,427
I.3.	LEADER – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013	8,928	38,610	47,538	44,271

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gCabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh	2,060	2,499	2,601
2. Fáltas ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitreabh atá in úsáid i ndáil le hÁrachas Sóisialach (an tAcht Leasa Shóisialaigh [Comhdhlúthú] 2005)	741	741	741
3. Fáltais MET Éireann	9,100	9,332	9,506
4. Fáltais Ilghnéitheacha	175	364	200
5. Fáltais do Chuntais Dhíomhaoine	282	—	719
6. Fáltais Imeall Trá	2,000	2,192	7,935
7. Scéimeanna Forbartha Tuaithe	3,877	4,366	—
8. Cláir LEADER, INTERREG agus Peace	2,000	2,296	—
9. Cuntais Dhíomhaoine – riarachán	900	938	—
10. Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir	2,000	1,441	—
11. Leader – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013	23,185	17,208	—
12. Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí	5,905	6,540	7,562
- Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaireachta a ligean, srl.)	—	—	*177*
- Díolachán réadmhaoine	—	—	*44*
- Seirbhísí agus táillí ag Láithreacha na bpáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	—	—	*795*
Iomlán	**52,225**	**47,917**	**30,280**

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
1.	(439)	Eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích. Bhí an t-ioncam ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis toisc go bhfuarthas táillí gan íoc.
4.	(189)	Is deacair il-leithreasaí i gcabhair a mheas.
5.	282	Baineann an leithreas i gcabhair seo le cúiteamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin d'aon chaiteachas a tháinig chun cinn faoi fhotheideal F.6. Ní raibh aon chaiteachas ó fhotheideal F.6. in 2011 agus ní raibh aon fhorchúiteamh dá bharr.
6.	(192)	Is deacair fáltais imeall trá a thuar go cruinn.
7.	(489)	Bhí fáltais ó chistí an Aontais Eorpaigh ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo.
8.	(296)	Bhí fáltais ó chistí an Aontais Eorpaigh ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leo.
10.	559	Bhí easnamh ar fháltais de bharr go raibh moill ar thosú tionscadal áirithe.
11.	5,977	Baineann an leithreasú i gcabhair seo le caiteachas ó fhotheideal I.3., atá á chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Sa chás seo, bhí caiteachas ó fhotheideal I.3. ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis in 2011.
12.	(635)	Bhí sé deacair ioncam ón bhfoinse seo a thuar go cruinn.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

B'ionann suim na bhfáltas ilghnéitheach a bhí iníoctha go díreach leis an Státchiste agus €1,208,453. Bhain siad seo go príomha le haisíocaíochtaí deontas, ús ón gcuntas bainc a úsáideadh i gcomhair íocaíochtaí leictreonacha, agus fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	812	1,177

	2011 €000	2010 €000
Pá	45,568	62,756
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	360	410
Liúntais eile	2,245	2,526
Ragobair	599	1,092
PRSI an Fhostóra	2,363	3,540
Pá iomlán	**51,135**	**70,324**

Tabhair faoi deara: Áirítear leis an bpá iomlán pá i bhfotheidil A.1. agus H.2.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht Aonair	Uasíocaíocht Aonair
			2011	2010
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	89	9	19,586	20,634
Liúntais eile	330	92	22,016	21,911
Ragobair	152	18	22,098	21,624

Tabhair faoi deara: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Athfhostaíodh cúig státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas €25,921 san iomlán.

6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil C.1. agus J.2. íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil I.3. íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Bhí meastacháin ar chaiteachas agus ar thorthaí iarbhíre mar seo a leanas:

Fo-theideal	Cur Síos	2011 Meastachán €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
C.1.	Clár infheistíochta seirbhísí uisce	6,177	5,288	5,000
I.3.	Leader – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013	38,002	17,208	—
J.2.	Seirbhísí ilghnéitheacha	3,983	8,493	8,140
—	*Oidhreacht thógtha*	—	—	*783*
—	*Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)*	—	—	*502*
		48,162	**30,989**	**14,425**

6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain an Cheaptha	Caiteachas carnach anuas go deireadh 2011 €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
Binse Fiosrúcháin ar nithe áirithe Pleanála [Binse Mahon (Binse Flood roimhe seo)]	1997	97,352	4,137	3,281

Déanfar tuilleadh íocaíochtaí ag baint leis an mBinse Fiosrúcháin faoi Chúrsaí Pleanála áirithe (Binse Mahon (a dtugtaí Binse Flood air roimhe)). Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo go dtí go ndéanfar costais dhlíthiúla tríú páirtí a chinneadh i dtaca leis an tréimhse ó bhí 2002 ann. Ba é an caiteachas go deireadh 2011 ná €97m; i Mí na Bealtaine 2012, mheas an Binse gurbh fhéidir go n-eascródh costais bhreise de €99m go príomha maidir le hionadaíocht dlí tríú páirtí.

6.3 Íocaíochtaí iomarcaíochta

Rinneadh ollíocaíochtaí €77,960, laistigh de théarmaí cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le hiomarcaíocht reachtúil a d'éirigh as bunú an Chláir Forbartha Áitiúla agus Pobail agus as an struchtúr comhtháite seachadta a bhain leis. Ba é glan-ranníocaíocht na Roinne seo €31,184. Aisíocadh an t-iarmhéid de €46,776 ón gCiste Árachais Shóisialaigh tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí.

6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fotheideal	Cur Síos	2011 Meastachán €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
B.1.	Soláthar agus tacaíocht do thithíocht shóisialta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	2,000	2,000	3,500
B.3.	Oiriúnú tithe príobháideacha – deontais agus tacaíochtaí eile (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	6,375	6,375	6,688
G.1.	Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	4,430	4,430	—
G.2.	Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,915	5,915	—
—	*Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)*	—	—	*6,742*
		18,720	**18,720**	**16,930**

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.environ.ie

6.5 Costais Dlí

Rinneadh íocaíocht €231,917 i ndáil lena ndearna an Roinn seo i dtaobh shocrú an athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt maidir le toilithe a bhain le Píblíne Gháis na Coiribe, lenar áiríodh an ceadúnas imeall trá a cheadaigh an tAire (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an 9 Márta 2011).

Rinneadh íocaíocht €113,165 mar shocrú i ndáil le costais dlí a tabhaíodh i gcaingean Ard-Chúirte a glacadh in aghaidh an Stáit, an Aire, an Bhoird Pleanála, Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Ard-Aighne. Ba é an chloch ba mhó ar phaidrín na Roinne leorgacht thrasuíomh na Treorach maidir le Rannpháirtíocht an Phobail (ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, S10/2/75 an 22 Iúil 2011).

Rinneadh íocaíochtaí €60,095 i leith costais dlí i ndáil le hathbhreithnithe breithiúnacha ar an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (ceaduithe na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe S74/45/00, an 22 Feabhra 2011 agus an 14 Deireadh Fómhair 2011).

6.6 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh ar féidir go nginfear dliteanais dá mbarr, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá an tsuim iarbhír nó ionú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

6.7 Tabhairt anonn an Mhaoinithe

Tugadh anall chuig an mbliain 2012, faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, €34,000,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil leis na heilimintí caipitiúla d'fhotheidil B.2., B.3., C.1. agus I.3.

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin scéim buiséid riaracháin tarmligthe, áiríodh tabhairt anonn €702,000 ón Vóta do 2011 sna Meastacháin do 2012.

6.8 Maoiniú na mBailte Slachtmhara

Sa bhreis ar airgead vótáilte €1,000, caitheadh urraíocht agus maoiniú an Chiste Comhshaoil darbh fhiú €553,211 ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara.

Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Aistriú na bhfeidhmeanna

Ag eascairt ón Ordú um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011, aistríodh feidhmeanna áirithe na Roinne maidir leis an gClár Críochnaithe Scoile agus leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais chuig Vóta 43, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra, le héifeacht ó 1 Meitheamh 2011. Aistríodh freagracht airgeadais as Cláir Fhostaíochta FÁS chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ó 1 Eanair 2011. Ó 1 Eanair 2011 freisin, tharla aistriú maoinithe chuig an Roinn seo ón Roinn Sláinte i dtaca le soláthar an oideachais altranais.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla

Tuairiscítear ar Cheangaltais Chaipitil atá Infheidhmithe le Dlí ag an tairseach €12.697 milliún. (S14/03/06)

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ina thaobh sin agus ag féachaint go sonrach don Chóras um Rialú Inmheánach Airgeadais, is é seo a leanas an scéal maidir le hoiliúint agus le hintreoir na foirne, le sainoiliúint airgeadais, le bainistíocht phriacail agus le slándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.

Oiliúint foirne

Is trí na próisis um pleanáil ghnó agus um an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a shainaithníonn an Roinn na riachtanais oiliúna agus forbartha. Leantar den oiliúint a chur ar fáil i dtaca leis an mbainistíocht airgeadais, leis an soláthar, leis an iniúchóireacht inmheánach, leis an bpárolla (m.s. cúrsaí ar an ÍMAT/ÁSPC, ar an Tobhach Pinsin agus ar an Muirear Sóisialta Uilíoch), leis an gCáin Bhreisluacha (CBL), leis an gCáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus le Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) na Roinne.

Bainistíocht Phriacail

Oibríonn an Roinn Córas Bainistíochta Priacail atá snaidhmthe sa phróiseas pleanála gnó i gcomhair rannóga uile na Roinne.

Teicneolaíocht Faisnéise

Lean an Roinn sa bhliain 2011 d'fhéachaint le hoibriú de réir an chleachtais is fearr ó thaobh na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus leanann sí de bhonneagar na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a athbhreithniú, a fheabhsú agus a uasghrádú. Tugann sainchomhairleoirí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise go tráthrialta faoi 'scrúduithe sláinte' slándála. Clúdaíonn na measúnuithe seo réimsí mar shlandáil na mbunachar sonraí, rialú rochtana líonra, slándáil na bhfeidhmchlár agus tástáil treáite ar fheidhmchláir ghréasáin atá dírithe lasmuigh. Rinneadh bearta maolaitheacha mar fhreagra ar mhionphriacail a sainaithníodh sa bhliain 2011.

Iniúchóireacht Inmheánach

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh agus eisíodh trí cinn is fiche de thuarascálacha iniúchóireachta go hiomlán, sé cinn déag de thuarascálacha Chiste Sóisialta na hEorpa agus seacht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí, i rith na bliana 2011. Tugadh ceithre cinn de na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ar aghaidh ó Chlár Iniúchóireachta na Bliana 2010 agus bhí na trí cinn eile ar Chlár Iniúchóireachta na Bliana 2011.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi chairt scríofa.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais

Ar na cora maidir le bainistíocht airgeadais na Roinne i rith na bliana 2011 bhí éifeachtúlachtaí feabhsaithe ar phróiseáil na sonrasc agus ar thuairisciú airgeadais i dtaca leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Cuireadh oiliúint in úsáid na nuathuarascálacha airgeadais ar fáil don fhoireann i láithreacha ceanncheathrún na Roinne agus chuimsigh sí oiliúint faoi oibriú na nósanna cuí imeachta airgeadais ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Leanadh de threorú ar fheidhmiú na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí a chur ar fáil freisin.

Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta na tuarascálacha bainistíochta caiteachais a athbhreithniú agus a fhaomhadh ar bhonn míosúil. Rinneadh athbhreithniú ar theorainneacha údaraithe Íocaíochta ar fud na Roinne i rith na bliana 2011 maidir leis an réimse a bhí ag gach ball den Choiste Comhairleach Bainistíochta chun deimhin a dhéanamh d'oibriú éifeachtach na dteorainneacha sin.

Seán Ó Foghlú
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
30 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 26: Oideachas agus Scileanna le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidlí 17 agus 18 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 26 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

Vóta 26 Oideachas agus Scileanna
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais[1]		62,743	60,197	59,878
A.2. Taisteal agus cothú		1,577	1,420	1,490
A.3. Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha[1]		1,355	1,001	1,189
A.4. Seirbhísí poist agus		3,250	2,401	2,721
A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise		5,462	5,053	3,949
A.6. Costais áitreabh oifige		2,350	1,635	1,726
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an Luach ar Airgead agus ar pholasaithe		100	50	39
A.8. Costais oifigí réigiúnacha		260	233	267
A.9. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais		18,629	17,763	16,656
Seirbhísí Eile				
B.1. Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta Eagraíochtaí Oideachais Aosaigh (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta)		854	854	864
B.2. Seirbhísí iompair		179,974	171,483	181,409
B.3. Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta		1,038	955	1,082
B.4. Ranníocaíocht le hEOECNA/UNESCO agus malartuithe idirnáisiúnta		2,464	2,172	2,418
B.5. Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha		2,475	2,270	5,974
B.6. Oideachas múinteoirí		25,205	23,453	23,573
B.7. Costais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta		3,812	3,447	3,837
B.8. Maoiniú Tionscadal i limistéir Tascfhórsa Drugaí		543	412	2,461
B.9. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta		9,015	8,152	8,216
B.10. Míbhuntáiste oideachasúil (Maoiniú Cuntas Díomhaoin)		2,000	1,613	2,060
B.11. Straitéis sláinte gairme le haghaidh múinteoirí céad agus dara leibhéal		1,750	1,744	1,742
B.12. Sásamh i leith Foras Cónaithe		45,000	44,200	43,193

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
Seirbhísí Eile (ar leanúint)	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
B.13. Costais ghinearálta Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair)		3,544	3,544	3,635
B.14. Ciste deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí cultúir, eolaíochta agus oideachais (páirtmhaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta)		196	187	196
B.15. Maoiniú Comhoibrithe Thuaidh/Theas		3,350	1,187	2,717
B.16. Ciste le haghaidh costas ginearálta eagraíochtaí atá i mbun Éire a chur chun cinn mar ionad idirnáisiúnta oideachais		100	91	229
B.17. Ilghnéitheach		5,005	4,200	4,591
B.18. Gníomhaíochtaí um theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide scoileanna		15,078	9,566	81,253
B.19. An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí		12,994	2,173	2,261
B.20. Creat Oibre Náisiúnta na gCáilíochtaí		9,323	7,918	8,938
— *An Clár Críochnaithe Scoile*[2]		—	—	*30,008*
— *An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais*[2]		—	—	*8,695*
Deontais agus seirbhísí oideachais an chéad leibhéil				
C.1. Tuarastail srl. múinteoirí		2,052,229	2,050,404	2,006,602
C.2. Modhscoileanna - costais ilghnéitheacha		511	469	512
C.3. Deontais chaipitíochta le haghaidh costas oibriúcháin scoileanna		187,102	186,933	193,281
C.4. Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i scoileanna náisiúnta, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta, airígh agus oifigigh chléireachais		310,451	300,079	291,383
C.5. Deontais agus seirbhísí eile		55,337	51,059	54,406
C.6. Aoisliúntas srl. múinteoirí		473,474	487,029	449,104
C.7. Tionscnaimh oideachais speisialta		6,065	4,970	10,609
Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais				
D.1. Tuarastail srl. múinteoirí i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna		1,180,733	1,175,669	1,179,101
D.2. Deontais d'údaráis meánscoileanna agus deontais agus seirbhísí eile maidir le meánscoileanna		107,191	104,280	109,158

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
Deontais agus seirbhísí dara leibhéal agus breisoideachais (ar leanúint)	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
D.3. Tuarastail srl. foirne neamh-mhúinteoireachta i meánscoileanna, i scoileanna cuimsitheacha agus i bpobalscoileanna, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta agus oifigigh chléireachais		52,151	49,126	47,093
D.4. Aoisliúntas múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna		344,125	345,078	329,648
D.5. Scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna - costais oibriúcháin		46,342	46,342	48,680
D.6. Deontais bhliantúla do Choistí Gairmoideachais (gan deontais áirithe maidir le saincholáistí agus tacaíocht do mhic léinn a chur san áireamh)		906,809	926,340	912,705
D.7. Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla maidir le muirir aoisliúntais		234,278	230,796	217,438
D.8. Ilghnéitheach		18,574	17,929	18,970
D.9. Tionscnaimh speisialta oideachais aosaigh		44,465	43,851	44,929
D.10. Coimisiún na Scrúduithe Stáit		54,310	55,912	54,286
Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais				
E.1. Tacaíocht do mhic léinn		386,057	355,057	361,992
E.2. Scoláireachtaí ollscoile		1,800	1,654	1,549
E.3. An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontas-i-gcabhair le haghaidh costas ginearálta		5,587	5,037	5,500
E.4. An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair)		1,177,032	1,177,032	1,194,183
E.5. Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas		12,549	11,469	11,508
E.6. An Ciste Straitéiseach Nuálaíochta		14,000	14,000	18,890
E.7. Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath - deontas oideachais déidliachta (deontas-i-gcabhair)		11,986	11,986	12,335

		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Deontais agus seirbhísí tríú leibhéal agus breisoideachais				
E.8.	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair)	7,020	7,020	7,213
E.9.	Deontas i leith táillí teagaisc	5,475	5,018	5,126
E.10.	Ilghnéitheach	220	418	253
E.11.	Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe	17,019	17,149	17,454
E.12.	Maolú míbhuntáiste	16,000	16,000	16,057
E.13.	Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha	41,085	38,549	52,214
E.14.	Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	2,080	1,276	1,042
Seirbhísí caipitil				
F.1.	Tógáil, trealmhú agus feistiú scoileanna náisiúnta agus scoileanna dara leibhéal	418,000	455,074	312,264
F.2.	Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí	57,151	54,632	43,150
F.3.	An tÚdarás um Ard-Oideachas - deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna agus do choláistí, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais	57,335	77,320	168,882
F.4.	Deontais tógála agus costais chaipitil d'fhorais tríú leibhéal eile	165	—	165
—	*Scoileanna dara leibhéal - deontais tógála agus costais*	—	—	*213,468*
Forbairt Scileanna [4, 5, 6]				
G.1.	FÁS - Riarachán agus costais ghinearálta	85,491	85,491	88,859
G.2.	FÁS - Tacaíochtaí oiliúna agus lánpháirtithe	40,267	40,267	23,353
G.3.	Clár Leonardo	140	140	140
G.4.	FÁS - Caipiteal	5,500	4,000	4,471
G.5.	FÁS - Íocaíochtaí pinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009	30,500	30,500	22,930
G.6.	An Ciste Eorpach don Domhandú	1,000	1,055	733
G.7.	Clár oibriúcháin um fhorbairt acmhainní daonna - cúnamh teicniúil	1,300	578	320
—	*FÁS - Cláir Fhostaíochta* [4]	—	—	*286,507*

			2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
	Ollchaiteachas		**8,888,352**	**8,866,362**	**9,345,730**
	Bain de:				
H.	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**608,933**	**617,483**	**621,868**
	Glanchaiteachas		**8,279,419**	**8,248,879**	**8,723,862**
	Farasbarr le Tabhairt Suas			**€30,540,004**	**€23,242,898**

Nótaí ar fho-mhírchinn na bliana 2011

[1] Chun soiléireireacht fheabhsaithe ó thaobh an riaracháin de a chur ar fáil, athdháileadh costais na bliana 2010 a bhain leis an iar-fho-mhírcheann um Athbhreithnithe ar an Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe (caitheadh €737,000 i rith na bliana 2010) ar na fo-mhírchinn chaiteachais phá (A.1. €730,000) agus neamhphá (A.3. €7,000) ba chuí.

[2] Aistríodh na feidhmeanna maidir leis an gClár Críochnaithe Scoile (Fo-mhírcheann B.20. roimhe sin) agus leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (B.21. tráth) agus cuid d'fho-mhírcheann C.5. Deontais agus Seirbhísí Eile chuig Vóta 43 - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra ar 1 Meitheamh 2011 faoin Ordú um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011.

[3] Le héifeacht ón mbliain 2011, tá fo-mhírcheann caipitil amháin, fo-mhírcheann F.1. á úsáid chun ligean do sholúbthacht níos mó idir an caiteachas caipitil ar an mbunleibhéal agus ar an dara leibhéal. Sa bhliain 2010, d'fhreagair fo-mhírcheann F.1. don chaiteachas caipitil ar an mbunleibhéal agus d'fhreagair fo-mhírcheann F.2. don chaiteachas caipitil ar an dara leibhéal. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí comhcheangailte i 2010 ná €525.7 milliún.

[4] Mar thoradh ar aistriú na bhfeidhmeanna idir na Ranna Rialtais a tháinig i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2010, d'aistrigh maoiniú maidir le Cláir Fhostaíochta FÁS ó Vóta 34 Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta go Vóta 26 i gcomhair na bliana 2010. Le héifeacht ó 1 Eanáir 2011, aistríodh an maoiniú maidir le Cláir Fhostaíochta FÁS (Fo-mhírcheann G.3 sa bhliain 2010) ó Vóta 26 go Vóta 38 - an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Nótaí ar chaiteachas na bliana 2010

[5] Mar thoradh ar aistriú na bhfeidhmeanna idir na Ranna Rialtais a tháinig i bhfeidhm ó 1 Bealtaine 2010, d'aistrigh feidhmeanna taighde áirithe, agus an Clár um Thaighde i bhForais Tríú Leibhéal san áireamh, ó Vóta 26 go Vóta 34 - Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta ón dáta sin.

[6] Tugadh cuntas i bhFo-mhírchinn maidir le Forbairt na Scileanna faoi Vóta 34, Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta go dtí 30 Aibreán 2010.

Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán		89,753	87,915
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		8,776,609	9,257,815
Ollchaiteachas		8,866,362	9,345,730
Bain de			
Leithreasaí i gcabhair		617,483	621,868
Glanchaiteachas		8,248,879	8,723,862
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil			
Ceannacháin in airgead tirim		(30,493)	(67,971)
Dímheas		1,452	1,799
Caillteanas ar dhiúscairtí		56,146	62,595
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí in airgead tirim		(42,641)	(20,960)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha			
Meadú ar fhabhruithe deiridh		20,296	(810)
Laghdú ar stoc		29	7
Caiteachas díreach		8,253,668	8,698,522
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1	23,820	22,654
Measchíosanna		2,508	3,607
Iomlán an chostais oibriúcháin		**8,279,996**	**8,724,783**

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Airgeadas	50	—
12	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	17,995	16,934
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	5,253	5,223
20	An Garda Síochána	63	214
	An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl.	459	283
		23,820	**22,654**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Note	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	118,140	115,213
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	21,822	9,618
		139,962	**124,831**
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	56,117	22,005
Stoic	2.4	95	124
Réamhíocaíochtaí		7,437	7,318
Ró-íocaíochtaí d'aisghabháil		3,150	1,581
Aisghabháil chostais na foirne ar Iasacht		1,235	1,347
Ioncam fabhraithe		202	27,163
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	6,451	6,906
Iomlán na Sócmhainní Reatha		**74,687**	**66,444**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		12,271	19,126
Ioncam iarchurtha		91	—
Aisghabháil phinsin d'údaráis áitiúla		1,416	151
Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile		5	—
Cistí AE ar fionraí		49,619	24,368
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,988	1,628
Glandliteanas don Státchiste	2.7	10,961	2,915
Iomlán na nDliteanas Reatha		**76,351**	**48,188**
Glansócmhainní Reatha		**(1,664)**	**18,256**
Glansócmhainní		**138,298**	**143,087**
Arna léiriú le:			
Cuntas maoinithe an Stáit		**138,298**	**143,087**

2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

	Talamh agus Foirgnimh	Troscán agus Feistis	Trealamh Oifige	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	112,344	7,769	19,478	139,591
Breiseanna	59,847	7	671	60,525
Diúscairtí	(56,141)	(15)	(318)	(56,474)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	116,050	7,761	19,831	143,642
Dímheas Carntha				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	—	6,804	17,574	24,378
Dímheas i leith na bliana	—	340	1,112	1,452
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(14)	(314)	(328)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	—	7,130	18,372	25,502
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**116,050**	**631**	**1,459**	**118,140**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	**112,344**	**965**	**1,904**	**115,213**

Nóta Ginearálta

1 An Chéad Leibhéal

1.1. Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna seacht gcinn is tríocha de láithreáin an chéad leibhéil agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.2(i) Tá ocht ngaelscoil is caoga agus tá trí scoil ilchreidmheach is fiche ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta. Tá dhá phobalscoil náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.2(ii) Tá dhá láithreán agus dhá fhoirgneamh de scoileanna Ilchreidmheacha agus aon láithreán amháin agus aon fhoirgneamh amháin de scoil Chaitliceach i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi léas fadtréimhseach ach tá siad á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.2(iii) Tá naoi gcinn de mhodhscoileanna, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3. Ba é móriomlán na scoileanna náisiúnta á bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2011 ná 3,300. Cé is moite de 1.2(i) go 1.2(iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.4. Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, aistreofar scoil choinneála leanaí amháin atá dílsithe don Aire Oideachais agus Scileanna chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis na nósanna imeachta dlíthiúla go léir atá riachtanach a thabhairt chun críche. Aistríodh trí cinn eile de scoileanna coinneála leanaí chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí cheana. Tá scoil choinneála leanaí amháin dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá na scoileanna á mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.5. Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoine i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

2. An Dara Leibhéal

2.1. Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna ocht gcinn déag de láithreáin i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.2(i) Tá ceithre cinn déag de scoileanna Cuimsitheacha, naoi gcinn is seachtó de phobalscoileanna agus ceithre mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.2(ii) Dílsítear dhá chéad caoga a ceathair de ghairmscoileanna do Choistí Gairmoideachais faoin Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930.

2.2(iii) Tá trí chéad seachtó a dó de mheánscoileanna faoi úinéireacht phríobháideach.

3 An Tríú Leibhéal

3.1. Ba leis an Aire Oideachais agus Scileanna an talamh agus na foirgnimh in aon (1) fhoras tríú leibhéal amháin (Institiúid Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobraid Árann - Campas Dhurlais) go dtí 31 Lúnasa 2011 agus bhí siad á rialú/mbainistiú ag Bord Stiúrthóirí go dtí an dáta sin. Le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2011, rinneadh an Institiúid a chónascadh le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus ar an dáta sin rinneadh an talamh agus na foirgnimh a chomhchuimsiú i punann sócmhainní Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, atá ina comhlacht poiblí faoi scáth na Roinne.

2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil á bhForbairt

	Conarthaí Tógála	Feidhmchláir Intí Ríomhaireachta	Iomláin
	€000	€000	€000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011	9,267	351	9,618
Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana	42,013	628	42,641
Aistrithe go clár na sócmhainní	(30,437)	—	(30,437)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011	20,843	979	21,822

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	61,659	29,629
Orduithe gan íoc	(5,542)	(7,624)
	56,117	22,005

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Páipéarachas	56	58
Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise	39	66
	95	124

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí	1,345	492
Fochuntasóirí	117	126
Aiscí pósta, scoir agus báis	310	1,429
Tuarastail in-fhorchúitithe	538	715
Clár Leathanbhanda na Scoileanna	3,580	3,580
Pasanna taistil	151	150
Dlite ón Stát - ar fionraí	5	6
Aisghabháil sheirbhísí comhroinnte na noifigí	269	219
An Bord um Shásamh	—	108
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	52	54
Ilghnéitheach	84	27
	6,451	6,906

2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Dlite don Stát	68	155
Ar Fionraí		
An Bord um Shásamh	681	—
Aisíoc pinsin	242	661
Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste	3	2
Dearlaic Erasmus Smith	127	125
Clár tógála fuinnimh	586	617
Cistí an Aontais Eorpaigh	49,619	24,368
Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí (cothabháil)	—	21
Banc Ceannais	173	—
Pinsean do Chéilí agus Leanaí	75	—
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	11	—
Ilghnéitheach	22	47
	51,607	25,996

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	30,540	23,243
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(19,579)	(20,328)
Glandliteanas don Státchiste	10,961	2,915
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	56,117	22,005
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	6,446	6,900
Dlite ón Stát - ar fionraí	5	6
	62,568	28,911
Crediúnaithe		
Dlite don Stát	(68)	(155)
EU funds suspense	(49,619)	(24,368)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(1,920)	(1,473)
	(51,607)	(25,996)
	10,961	2,915

2.8 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
A. Ceangaltais Iltaobhacha		
Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le:-		
Fo-mhírchinn soláthair	247	985
Fo-mhírchinn deontais	2,187	10,501
B. Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla		
1 Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí		
Caiteachas sa bhliain 2011	593,700	822,462
Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht	1,409,028	1,427,295

2. Ceangaltais Chaipitil is Infheidhmithe le Dlí

Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó

	Caiteachas go 31 Nollaig 2010 €000	Caiteachas i 2011 €000	Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht €000	Iomláin €000
Fo-mhírcheann F.1.				
1 Pobalscoil Mhullach Íde	13,846	—	21	13,867
2 Gairmscoil Ráth Tó[1]	13,181	—	—	13,181
3 Pobalscoil Eochaille	14,580	—	14	14,594
4 Pobalcholáiste Bhaile Fiobail[2]	19,242	823	256	20,321
Fo-mhírcheann F.3.[3]				
5. Baile Átha Luain - Foirgneamh Faisnéisíochta Innealtóireachta	31,978	2,231	1,791	36,000
6. Ollscoil na hÉireann, Corcaigh - Leigheas[4]	15,736	5,208	1,737	22,681
7. Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Lárionad Eolaíochta	5,580	9,981	46,213	61,774
8. Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad - Leabharlann	1,482	4,804	13,705	19,991
9. Coláiste na Tríonóide, Báile Átha Cliath - Leigheas	15,240	3,683	2,302	21,225
10. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1a/ bonneagar[5]	15,295	251	324	15,870
11. Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais - Céim 1b/c bonneagar	23,331	19	802	24,152
12. Coláiste Phádraig, Droim Conrach - Forbairt an Champais	5,505	1,826	32,405	39,736
13. Ollscoil Luimnigh - Scoil an Leighis	8,627	1,412	3,832	13,871

[1] I gcuntais na bliana 2010, sonraíodh tionscadal Ráth Tó mar cheann a raibh ceangaltas breise €1,000 air. Tá an tionscadal críochnaithe anois.

[2] Is comhthionscadal bunoideachais/iar-bhunoideachais é tionscadal Phobalcholáiste Bhaile Fiobail. Is é costas iomlán an tionscadail ná €24.492m dá maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna 82.97%. Maoiníonn Comhairle Chontae Fhine Gall an fuílleach. Tá an ceangaltas conarthach méadaithe de €0.4m ó foilsíodh cuntais na bliana 2010 toisc gur faomhadh orduithe athraithe a d'eascair ó athruithe a aontaíodh ar raon an chonartha.

[3] Críochnaíodh faoi dheireadh na bliana 2010 tionscadail áirithe a bhí ar liosta na bliana 2010 de na ceangaltais chaipitil is infheidhmithe le dlí. Ba iad na tionscadail sin ná tionscadal Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus tionscadal na Scoile Innealtóireachta d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá na gníomhaíochtaí taighde go léir dílsithe anois don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Vóta 34) agus is é an toradh atá air seo ná go bhfuil na tionscadail a bhaineann go sonrach le taighde a tuairiscíodh roimhe seo faoi Vóta 26 bainte de thábla Vóta 26 na gceangaltas caipitil is infheidhmithe le dlí. Is iad na tionscadail ábhartha ná Lárionad Eolaíochta Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus an Lárionad um Shintéis & um Bitheolaíocht Cheimiceach d'Ollscoil na hÉireann agus Leabharlann Taighde Iarchéime Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

[4] Ón uair nár measadh saoráid an Leighis d'Ollscoil na hÉireann, Corcaigh ina cheangaltas ar 31 Nollaig 2010, fágadh ar lár é ó chuntais na bliana 2010.

[5] Tar éis athbhreithnithe ar an gcaiteachas a tabhaíodh i dtaca le tionscadal 1a/bonneagair Champas Choláiste Mhuire gan Smál, tá an caiteachas carnach go deireadh na bliana 2010 mar a taispeánadh i gCuntais Leithreasa na Bliana 2010 leasaithe ó €15.295m go €15.326m, rud a d'eascair ó mhaolaisnéis €31,000 i gcuntais na mblianta a chuaigh thart. Ina theannta sin le linn na bliana 2011, nuair a socraíodh suim chomhaontaithe fhoriomlán i gcomhair an tionscadail, mhéadaigh costas an tionscadail beagáinín d'fhonn áireamh a dhéanamh ar na suimeanna a tabhaíodh chun oibreacha breise a sholáthar - rud a bhí ina shiocair le ceangaltas deiridh €15.901m in ionad na suime €15.870 a cláraíodh i gCuntais na Bliana 2010.

C. Na Costais Chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

	Caiteachas go 31 Nollaig 2010	**Caiteachas i 2011**	**Iarmhéid gan íoc fós ar chostas caipitil an tionscadail ar sheachadadh**	**Iomláin**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann - CPP[2]	16,170	1,612	47,942	65,724
2. Beartán Píolótach Scoileanna[1]	18,946	2,082	72,584	93,612
3. Scoil Cheoil Chorcaí [1]	12,544	1,517	64,679	78,740
4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP	8,531	1,919	74,270	84,720
5. An Dara Dornán Scoileanna CPP	—	11,765	98,749	110,514

Nótaí

[1.] Táthar ag íoc as an tionscadal ó Fho-mhírcheann F.2

Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá cúig chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Tá dhá thionscadal tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, Corcaigh, agus Scoil Cheoil Chorcaí, i gceist chomh maith le trí dhornán de thionscadail scoileanna, Treoirthionscadail Scoileanna agus an Chéad agus an Dara Dornán Scoileanna. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don Chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann (Focus Education Ireland) an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach. Ba é CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí - Ar Leanúint

CPP Threoirthionscadal Scoileanna

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Threoirthionscadal Scoil a shíniú le Tionscadail Jarvis i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

Scoil Cheoil Chorcaí

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí ar 16 Iúil 2007.

An Chéad Dornán Scoileanna CPP

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Co. Laoise (Dhá Scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gCo. Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh na scoileanna seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

An Dara Dornán Scoileanna CPP

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Bhí gach ceann de na sé scoileanna ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

2.9 Dliteanais Aibithe

Níorbh fhéidir próiseáil billí áirithe a bhí ar láimh ag deireadh na bliana a thabhairt chun críche de dheasca na sprioc-amanna inmheánacha próiseála íocaíochta a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas na Roinne ríomhaistrithe airgid a chur i gcrích faoi sprioc-amanna na mbanc tráchtála. Ag éirí as na teorannuithe próiseála seo, bhí dliteanais aibithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arbh éard a bhí iontu ná €107,029 go hiomlán ar 31 Nollaig 2011. Ba í an tsuim choibhéiseach ag 31 Nollaig 2010 ná €50,411.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - A.9.).

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus le ceadú na Roinne Airgeadais, bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar virement sa bhliain 2011, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig sé seo don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C 2(6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as virement i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach sa bhliain 2011.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
A.3.	354	D'eascair an coigilteas ón tosaíocht a feidhmíodh sna riachtanais oiliúna, ón luach níos fearr ar airgead a d'eascair ó sholáthar na hoiliúna saincheaptha intí, chomh maith le laghduithe i gcostas na seirbhísí mar tugadh iarrachtaí leanúnacha ar bharainneachtaí a bhaint amach ó thaobh an chaiteachais ar riarachán.
A.4.	849	Ba de chineál teicniúil €500,000 den choigilteas seo toisc nár gearradh ar Fho-mhírcheann A.4 sa deireadh costas athsholáthair chóras teileachumarsáide na Roinne, cé go bhfuair an Fo-mhírcheann seo an leithroinnt airgeadais sna Meastacháin. D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha ó chonarthaí nua a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2011 ó thaobh na nguthán soghluaiste agus ó choigilteas a bheith ag teacht as mol geataí teileachumarsáide a cheannach, rud a laghdaigh costas na nglaonna ó línte talún ar ghutháin shoghluaiste.
A.6.	715	D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann na n-áitreabh oifige go háirithe toisc nach ndeachaigh oibreacha áirithe feabhsúcháin in áitribh na Roinne ar aghaidh mar a bhí beartaithe sa bhliain 2011. D'eascair coigilteas breise ó chostais na cothabhála agus an fhuinnimh a bhféadfadh éagsúlacht a bheith orthu ó bhliain go bliain.
B.2.	8,491	D'eascair an coigilteas go príomha ó atheagrú na seirbhísí iompair scoile, rud a chuimsigh cónascadh na mbealaí agus laghdú méide na bhfeithiclí, ar scáil iad ar an titim san éileamh ar sheirbhísí nua, ar an athphróiseas tairisceana ar roinnt seirbhísí a rinne Bus Éireann, comhaontú le Bus Éireann i dtaca le teorainn a chur lena dtáille riaracháin chomh maith leis an laghdú ginearálta i líon na bpáistí a bhain leas as an tseirbhís iompair scoile.
B.4.	292	D'eascair an coigilteas go príomha ón ráta malairte idir an Euro agus Dollar na Stát Aontaithe ar an ranníocaíocht a íocadh le hEOECNA/UNESCO a bheith fabhrach, chomh maith le lacáiste toisc gur íocadh an síntiús bliantúil go pras. D'eascair an chuid eile den choigilteas ó mhoill i seoladh na scéime nua scoláireachtaí faoi fhoráil na "Straitéise Idirnáisiúnta Oideachais 2010-2015".
B.5.	205	D'eascair an coigilteas toisc nach ndeachaigh an caiteachas ar thionscadail taighde ná ar thionscadail ó thaobh an Aontais Eorpaigh ar aghaidh mar a réamh-mheasadh nuair a socraíodh na meastacháin de chéaduair. Thairis sin, aistríodh feidhmeanna áirithe chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra i rith na bliana 2011.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
B.6.	1,752	D'eascair an coigilteas ar oideachas múinteoirí go príomha ós rud é go ndearnadh dul chun cinn a bhí níba mhoille ná mar a bhíothas ag dréim leis maidir le tionscnaimh ilghnéitheacha a bhaineann leis an nGaeilge agus le Mata. Ina theannta sin, ba lú ná mar a réamh-mheasadh na costais a bhain leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
B.8.	131	D'eascair an coigilteas go príomha toisc gur stad dhá thionscadal sa bhliain 2010 agus toisc gur laghdaigh costais riaracháin mar thit líon na dtionscadal ar na blianta deireanacha seo.
B.9.	863	D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú i rith na bliana 2011 ar leibhéal an deontais a íocadh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta de thoradh an fharasbairr oibriúcháin i gcuntais na Comhairle. D'eascair coigilteas breise ón líon folúntas neamhlíonta agus ó thionscadail gan a bheith ag dul ar aghaidh i rith na bliana 2011.
B.10.	387	D'eascair an coigilteas go mór mór toisc nár lamháladh aon mhaoiniú nua as na Cuntais Dhíomhaoine i gcomhair an fho-mhírchinn sa bhliain 2011.
B.15.	2,163	D'eascair €2 milliún den choigilteas mar ba lú an tarraingt anuas den mhaoiniú i gcomhair Chomhaontas na Stát Aontaithe - na hÉireann. Tá íocaíochtaí leis an gciste faoi réir an mhaoinithe chomhoiriúnaithe ó bhainisteoir an chiste, toisc nach bhfuair an Roinn aon iarratas ar mhaoiniú sa bhliain 2011. D'eascair an chuid eile den choigilteas ó leibhéal an chaiteachais ar na tionscadail Thuaidh-Theas a bheith ní ba lú ná an méid a bhí tuartha.
B.17	805	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann ilghnéitheach seo, ina bhfuil sé fhorannán. D'eascair €700,000 den choigilteas mar cuireadh codanna den straitéis 20 bliain don Ghaeilge ar aghaidh ní ba mhoille ná mar a measadh roimh ré de dheasca srianta acmhainne.
B.18	5,512	D'eascair an coigilteas go príomha toisc gur cuireadh laghduithe spriocdhírithe caiteachais i bhfeidhm, gur cuireadh gníomhaíochtaí beartaithe siar ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2012 agus go raibh an caiteachas ar Chlár Leathanbhanda na Scoileanna ní ba lú ná mar a measadh roimh ré.
B.19	10,821	D'eascair an coigilteas mar níorbh fhéidir leis an Coimisiún faoi Mhí-úsáid Leanaí a oiread de bhillí dlíthiúla tríú páirtí a thabhairt chun críche i rith na bliana 2011 agus a tuaradh.
B.20	1,405	D'eascair an coigilteas go príomha mar fuarthas fáltais aonuaire €600,000 i modh ioncaim tháillí, mar cuireadh caiteachas siar ó thaobh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna a chónascadh, in éineacht le coigilteas gaolmhar sa chaiteachas reatha.
C.5	4,278	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc go bhfuil trí fhorannán déag aige agus toisc gur de chineál ilghnéitheach é. D'eascair €3.5m den choigilteas mar bhí an caiteachas ar chostais dlí, ar thionscnaimh oideachais speisialta agus ar chostais trealaimh ní ba lú ná mar a measadh roimh ré. D'eascair coigilteas de thart ar €0.5m ó chaiteachas ní ba lú ar chóiríocht shealadach scoileanna a thógáil ar cíos.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
C.7	1,095	D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann seo na dtionscnamh speisialta go príomha toisc gur aithníodh na scéimeanna píolótacha um Anailís Fheidhmeach ar Iompraíocht mar scoileanna speisialta i rith na bliana 2011, agus aistríodh costais ghaolmhara na foirne ón bhfo-mhírcheann seo chuig fo-mhírchinn phárolla na Roinne.
D.3	3,025	D'eascair an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo go príomha mar bhí líon na gcúntóirí riachtanas speisialta ar an bpárolla i rith na bliana 2011 ní ba lú ná an líon a raibh súil leis chomh maith le híocaíochtaí iarmhartacha ÁSPC a bheith ní ba lú mar bhí na costais phárolla ní ba lú.
E.1.	31,000	D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann na tacaíochta do mhic léinn go príomha de bharr na hiarmharta sa bhliain 2011 a bhí ag na bearta a tugadh isteach i gCáinaisnéisí na mblianta 2010 agus 2011 a chuir deireadh leis an gcleachtas ó thaobh ligean do mhic léinn deontais chothabhála a fháil in éineacht le Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas nó um Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais. D'eascair coigilteas breise ó iarmhairt an athraithe maidir le critéir cháiliúcháin ó thaobh an ráta mhíchóngaraigh deontais.
E.3.	550	D'eascair an coigilteas go mór mór ó na bearta a tugadh isteach chun an caiteachas poiblí a laghdú, agus an lánchosc a cuireadh leis an earcaíocht san áireamh, ó chostais seirbhíse a bheith ní ba lú agus thairis sin ó mhoill ó thaobh tús a chur le hoibreacha ar bhunachar institiúideach sonraí na foirne a bhí beartaithe.
E.5.	1,080	D'eascair an coigilteas mar bhí rátaí tháillí clárúcháin na mac léinn ní b'airde, mar bhí laghdú dá réir sa ghlanmhéid a bhí iníoctha sa bhliain 2011 agus mar thit líon na mac léinn, chomh maith le líon laghdaithe na mac léinn sin a bhí intofa do dheontais. Lena chois sin, ní dheachaigh scéimeanna eile agus íocaíochtaí eile ar aghaidh de réir mar a measadh nuair a socraíodh na meastacháin i gcomhair na bliana 2011.
E.9.	457	D'eascair an coigilteas mar bhí an riachtanas cistiúcháin de thoradh an tionscnaimh táillí in aisce ní ba lú ná mar a measadh roimh ré agus mar tugadh isteach síntiúis ó na mic léinn.
E.10.	(198)	D'eascair an róchaiteachas go príomha ó tháille chlárúcháin a bheith iníoctha leis an mBord Pinsean i leith na scéimeanna pinsin a bhí ag forais tríú leibhéal áirithe.
E.13.	2,536	D'eascair an coigilteas go mór mór ó rómheastachán ar an maoiniú ba ghá i gcomhair na ndeontas ó Chomhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht i leith na bliana 2011.
E.14.	804	D'eascair an coigilteas ar fho-mhírcheann Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin mar tharla moill ó thaobh líonadh na bhfolúntas foirne i rith na bliana 2011.
F.1.	(37,074)	Cuireadh maoiniú breise ar fáil toisc gur baineadh feidhm as virement chun ranníocaíocht a dhéanamh i leith an airgid i gcomhair scéime Mionoibreacha Feabhsúcháin sna scoileanna agus chun aghaidh a thabhairt ar thiomantais chontharthacha eile.
F.3.	(19,985)	Cuireadh maoiniú breise ar fáil toisc gur baineadh feidhm as virement chun éascaíocht a dhéanamh do dheontas caipitil cineachta a íoc le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí Teicneolaíochta.
F.4.	165	D'eascair an coigilteas mar cuireadh deireadh leis an bhfo-mhírcheann sa bhliain 2011.
G.4.	1,500	D'eascair an coigilteas mar ba lú caiteachas caipitil FÁS ná mar a measadh roimh ré toisc nach ndeachaigh na hoibreacha uasghrádúcháin i gcomhair na saoráidí printíseachta i Lárionad Oiliúna na Gaillimhe ar aghaidh i rith 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
H.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile			
1. Scéimeanna ilghnéitheacha aoisliúntais, lena n-áirítear an Chomhairle Mhúinteoireachta agus comhlachtaí ilghnéitheacha eile	350	436	785
2. Ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach i gcomhair gníomhaíochtaí oideachais	25	750	33
3. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa	28,300	28,782	49,972
4. Fáltais maidir le Clár na Síochana	10	71	512
5. Ilghnéitheach	1,151	861	1,404
6. Maoiniú Cuntas Díomhaoin	3,000	1,624	2,239
H.2. Fáltais an Chéad Leibhéil			
1. Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Náisiúnta:			
(i) Aisíoc Aiscí faoi na scéimeanna aoisliúntais, 1934 go 1958, srl.	460	461	404
(ii) Ranníocaíochtaí leis na scéimeanna aoisliúntais	81,647	80,926	81,114
(iii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Múinteoirí	28,238	28,001	27,755
2. Ilghnéitheach	1,290	1,876	2,750
3. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, d'Airígh agus don Fhoireann Chléireachais i Scoileanna Náisiúnta (Fo-mhírcheann 4.	6,553	6,979	6,541
Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail	3,961	4,262	5,005
5. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí	288	344	288
H.3. Fáltais Dara Leibhéal agus Fáltais Bhreisoideachais			
1. Aoisliúntas srl. na múinteoirí meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna:			
(i) Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí	59,929	58,033	58,585
(ii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Meánmhúinteoirí	17,997	17,212	17,003
(iii) Aisíoc aiscí faoi Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí	79	151	82
2. Táillí cúrsa an Athscrúdaithe Ardteistiméireachta	83	118	90
3. Ilghnéitheach	2,725	4,868	1,992
4. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do Chúntóirí Cléireachais i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.)	948	1,130	1,004
5. Aisghabháil thuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail	4,259	2,785	4,089
6. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí	178	175	178

	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
H.4. Fáltais FÁS[1&2]			
1. FÁS - pinsin	4,000	4,236	2,532
2. FÁS - fáltais phinsin a eascraíonn ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)	4,500	3,963	3,555
H.5. Asbhaintí ó thaobh Pinsin			
1. Fáltais ón asbhaint ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí	358,962	369,439	353,956
Iomlán	**608,933**	**617,483**	**621,868**

1. Faoin Ordú um Chláir agus Seirbhísí Fostaíochta agus um Oiliúint Scileanna (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2010 (IR 187 de 2010), aistríodh feidhmeanna áirithe a bhí dílsithe roimhe sin d'Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chuig Oifig athainmnithe an Aire Oideachais agus Scileanna le héifeacht ó 1 Bealtaine 2010.

2. Tugadh Fáltais FÁS chun cuntais go dtí 30 Aibreán 2010 faoi Vóta 34, Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta.

Míniú ar dhifríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
H.1.		
2.	(725)	D'eascair farasbarr sna fáltais ón Aontas Eorpach mar tugadh isteach próiseas aisghabhála i gcomhair na foirne a bhí lonnaithe in Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin Eorpaigh i gContae na Mí. Tharla aisghabháil ar chostais dhá bhliain i rith 2011.
5.	290	D'eascair gannchion sna fáltais ó sholáthar i bhfad ní ba mhó ar bhailiúchán a bheith socraithe i gcomhair na bliana 2011 (€1.1m), a bhí ní b'airde de €0.04m ná an sprioc maidir le bailiúchán na bliana 2010. Fáltais de chineál ad-hoc ar deacair iad a mheas is ea na fáltais san fho-mhírcheann ilghnéitheach seo.
6.	1,376	Baintear feidhm as an bhfo-mhírcheann seo chun fáltais a bhaineann le caiteachas a thabhaítear ar Scéim Chistí na gCuntas Díomhaoin faoi Fho-mhírcheann B.10. a thabhairt chun cuntais. Déantar ioncam i bhFo-mhírcheann H.1.6 a nascadh le caiteachas ó Fho-mhírcheann B.10 sa dóigh go mbíonn sé neodrach ó thaobh an Státchiste de.

H.2.

2.	(586)	D'eascair farasbarr sna fáltais ó aisghabháil lacáistí iomarcaíochta, sochar árachais shóisialaigh agus fáltais ad-hoc eile ar deacair iad a mheas.
3.	(426)	D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar cheannaigh cúntóirí riachtanas speisialta agus airígh leibhéil seirbhíse pinsin a bhí ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré.
4.	(301)	D'eascair farasbarr na bliana 2011 go príomha ón athghreim ar bhillí gan íoc i leith daoine ar iasacht ó bhlianta roimhe sin.

H.3.

1.	2,609	D'eascair gannchion sna fáltais go mór mór mar bhí líon na bpost múinteoireachta ní ba lú sa bhliain 2011 agus freisin mar tharla gannchion sna fáltais aonuaire.
3.	(2,143)	D'eascair farasbarr sna fáltais ilghnéitheacha go príomha ón aisghabháil airgid ó údaráis áitiúla maidir le tionscadail faoi leith a thacaíonn le saoráidí feabhsaithe caipitil i scoileanna..
4.	(182)	D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar cheannaigh Cúntóirí Riachtanas Speisialta leibhéil seirbhíse pinsin a bhí ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré.
5.	1,474	D'eascair gannchion sna fáltais go mór mór ó laghdú i líon na socruithe i leith daoine ar iasacht a bhí i bhfeidhm i 2010/11.

H.4.

1.	(236)	D'eascair farasbarr sa bhliain 2011 mar bailíodh ní ba mhó ranníocaíochtaí pinsin ná mar a measadh roimh ré.
2.	537	D'eascair an gannchion sna fáltais ó thaobh na ranníocaíochtaí pinsin a d'íoc iarfhoireann na Comhairle Oiliúna (AnCO) le scéim dhúnta na bpinsean de chuid FÁS go príomha mar chuaigh ní ba mhó daoine ar scor, agus ba é an toradh a bhí air sin ná gur laghdaigh an líon ball a bhí ag íoc.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste	**2011**	**2010**
	€000	**€000**
Fáltais bhreise leis an Státchiste - [1]	17,281	345
Airgead coinsiasa	31	—

Nóta 1 - I rith na bliana 2011, aisíocadh na fáltais mhórluacha seo a leanas leis an Roinn chun go dtabharfaí suas iad don Roinn Airgeadais mar Fháltais bhreise leis an Státchiste. D'eascair na híocaíochtaí seo go háirithe ó iarmhéideanna barrachais a bheith gan chaitheamh ó dheontais a íocadh i mbliain roimhe sin agus tugadh suas iad ó na comhlachtaí seo a leanas:

	€000
FÁS	5,000
Bus Éireann	6,818
An tÚdarás um Ard-Oideachas - Oifig Náisiúnta Rochtana	3,800
An tÚdarás um Ard-Oideachas - Cláir Thaighde	1,602

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (coibhéisí lánaimseartha)[1]	94,613	96,919

1. Tá líon na bhfostaithe i gcomhair na bliana 2010 leasaithe ó 97,970, a tuairiscíodh i gcuntais fhoilsithe na bliana 2010, go 96,919 chun go mbeadh an cur chuige ar dhóigh chomhchuí. Coigeartaíodh an líon foirne a tuairiscíodh chun nach gcuimseofaí ach na poist chroíláir a maoiníodh ar an tríú leibhéal, mar cuimsítear na poist seo i gcomhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

2. I rith na bliana 2011 faoin Oifig um Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) 2011, aistríodh feidhmeanna áirithe na Roinne maidir leis an gclár críochnaithe scoile agus maidir leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais agus cuid d'fho-mhírcheann C.5 Deontais agus seirbhísí eile chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Ógra.

	€000	€000
Pá	54,597	53,817
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	291	278
Liúntais eile	104	113
Ragobair	724	699
ÁSPC an Fhostóra	4,481	4,241
Pá iomlán	**60,197**	**59,148**

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhfo-mhírcheann riaracháin A.1. - Tuarastail na Foirne.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2011 €	2010 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	65	5	19,585	19,548
Liúntais eile[1]	88	—	5,783	5,772
Ragobair agus tinreamh breise	252	10	17,964	16,974

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

Is leis an bhfoireann a íoctar as Fo-mhírchinn an Bhuiséid Riaracháin A.1. agus A.9. amháin a bhaineann na sonraí de liúntais agus d'íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo.

5.2 Socruithe Eile um Luach Saothair

Rinneadh naoi státseirbhíseach déag a bhí ar scor agus a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhruiliú ar bhonn táille ar chostas iomlán €91,673.

5.3 Ró-íocaíochtaí

As an tsuim ar luach de €3.15 milliún de ró-íocaíochtaí a dearbhaíodh i gClár Comhardaithe chuntais na Roinne, eascraíonn an tsuim de €1.18 milliún as ró-íocaíochtaí a pléadh i dTuarascáil 2011 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Mar chuid de Bhuiséad 2011, chuir an Rialtas laghdú deich faoin gcéad i bhfeidhm ar phá iontrálaithe nua don tseirbhís phoiblí. Chiallaigh socrú an Bhuiséid freisin gur thosaigh gach ceapaí nua don mhúinteoireacht agus gach múinteoir ar scor a d'fhill ar an múinteoireacht ag chéad phointe an scála phá ábhartha. Bhain téarmaí shocrú an Bhuiséid le foireann neamh-theagaisc atá á fostú i scoileanna freisin.

Eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ceithre mhíle is ceithre scór íocaíocht gach coicís d'fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc. D'éiligh na hathruithe a fógraíodh sa bhuiséad mórathruithe sna córais phárolla a bhí le forbairt agus le cur i bhfeidhm gan cur isteach in aon chor ar na príomhsheirbhísí párolla. Cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm laistigh den chreat ama ba ghiorra ab fhéidir, tar éis soiléiriú gach ceiste a bhain le ceapaithe nua, chomh maith le cinntiú go raibh na rialacha a bhí á gcur i bhfeidhm d'fheidhmiú an tsocraithe do bhaill fhoirne in earnáil an oideachais comhsheasmhach leis na cinn sin a bhí á gcur i bhfeidhm in earnálacha eile. Rinneadh téarmaí shocrú an Bhuiséid, na scálaí tuarastail athbhreithnithe agus doiciméad Ceisteanna Coitianta a ionchorprú i gCiorclán Roinne, 40/2011.

Is é polasaí na Roinne Oideachais agus Scileanna gach ró-íocaíocht a fháil ar ais. Cuirfear tús le fáil ar ais na ró-íocaíochtaí a rinneadh do cheapaithe nua i Ráithe 3, 2012.

6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá na fo-mhírchinn i Vóta 26 ónar íocadh an maoiniú a foinsíodh ón gCrannchur Náisiúnta tugtha thíos. Tá liosta iomlán le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie)

Faighteoirí an Mhaoinithe ón gCrannchur Náisiúnta	2011	2010
	€000	€000
Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Fo-mhírcheann B.1.)	854	864
Gníomhaíochtaí cultúir (Fo-mhírcheann B.14.)	187	196
Iomlán	1,041	1,060

6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach (AE)

An tsuim €20,071,525 ó fháltais Chiste Sóisialta na hEorpa €28,782,398 (€19,971,123 agus €8,811,275 Neamhphá) i H1.3 a fuarthas sa bhliain 2011 agus a taispeánadh mar Leithreasaí-i-gCabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na Fo-mhírchinn seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna: - A.1., B.5.,B.20, D.1., D.6., D.9., E.4., agus E.12, G.2 agus G.7.

Ag éirí as aistriú na bhfeidhmeanna i rith na bliana 2010, is ó chaiteachas faoin iar-Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - fo-mhírchinn chaiteachais K.2., M.1, M.2, M.3 agus M.5 de Vóta 34 sna blianta roimhe seo - a dhíorthaíonn an tsuim €8,710,873 a fuarthas sa bhliain 2011 ó ghníomhaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus a thaispeántar san ioncam iomlán H.1.3 €28,782,398. Is sna fo-mhírchinn G.2 agus G.7 a dhéantar taifead ar an gcaiteachas coibhéiseach leanúnach i Vóta 26 anois.

Maoiniú ón AE go díreach chuig comhlachtaí

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón AE chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2011.

Fo-mhírcheann	Tuairisc	Maoiniú 2011	Maoiniú 2010
		€[1]	€
G.1.	FÁS	412,062	567,204

[1]Is é an miondealú air seo ná é seo a leanas: cláir EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) - €197,000; Clár Soghluaiseachta na bPrintíseach €49,000; agus Ceannairí Scáileáin €166,000.

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

Is éard atá sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ná clár maoinithe an Aontais Eorpaigh a chuidíonn le Ballstáit an AE clár uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontraíochta a chur ar fáil d'oibrithe a ndéantar iomarcaíocht orthu de thoradh dhrochiarmhairtí an domhandaithe. I dtaca le cláir arna gcur isteach ag ballstáit sa tréimhse idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011, cuireann an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú maoiniú ar ráta suas le 65%, agus is as an maoiniú náisiúnta a riartar ar an 35% eile. Baineann ráta laghdaithe uas-chómhaoinithe 50% an AE le hairratais a chuirtear isteach ó 1 Eanáir 2012.

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (Ar Leanúint)

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 13(2) de rialachán AE 1927/2006, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú suas le 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an Ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh *sular* cuireadh an t-iarratas isteach a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do Bhallstát Tuarascáil Deiridh agus Ráiteas Caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Ina theannta sin, tá tréimhse chlabhsúir 6 mhí tar éis an Tuarascáil Deiridh i gcomhair an Choimisiúin Eorpaigh a fháil chun an clár a fhoirceannadh go foirmiúil. Ar deireadh, is ar fhoirceannadh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a bheidh cuntasaíocht iomlán ar mhaoiniú an chláir agus ar chaiteachas an chláir ar fáil.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

Sa bhliain 2010, fuair Éire íocaíochtaí €24.85m ón AE faoin gCiste i leith na n-iarratas Dell (€14.83m), Waterford Crystal (€2.57m) agus S R Technics (€7.45m). Thosaigh na cláir seo sa bhliain 2009 agus chríochnaigh siad idir Meitheamh 2011 agus Deireadh Fómhair 2011. Níor cuireadh ach tuarascáil deiridh amháin, an ceann i leith an chláir de chuid Dell, faoi bhráid an AE sa bhliain 2011. I Márta 2012 bhí an tuarascáil, agus eolas breise áirithe a iarradh i dtaobh na tuarascála, fós faoi bhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach. Cuireadh tuarascáil deiridh chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Waterford Crystal faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i bhFeabhra 2012 agus ní mór an tuarascáil deiridh i gcomhair an chláir de chuid S R Technics a chur isteach in Aibreán 2012.

Deimhníodh i dTuarascáil Deiridh Chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Dell a cuireadh faoi bhráid an AE go ndearnadh caiteachas €13.62m go hiomlán, ar mhaoinigh an tAE 65% (€8.85m) de agus ar mhaoinigh foinsí náisiúnta 35% (€4.77m) de.

Deimhníodh i dTuarascáil Deiridh Chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de chuid Waterford Crystal a cuireadh faoi bhráid an AE go ndearnadh caiteachas €3.09m go hiomlán, ar mhaoinigh an tAE 65%(€2.01m) de agus ar mhaoinigh foinsí náisiúnta 35% (€1.08m) de. I Márta 2012, ní raibh Tuarascáil Deiridh S R Technics tugtha chun críche.

Sa bhliain 2011, fuair Éire íocaíochtaí ón AE faoin gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €35.74m i dtaca le trí cinn d'iarratais fho-earnála a chuimsigh go hiomlán beagnach 9,000 oibrí tógála a bhí iomarcach. Tá maoiniú is ionann agus €60.59m faighte ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú go dtí seo, mar sin.

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:-

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, Fo-mhírcheann G.6 (tacaí fiontraíochta), Fo-mhírchinn G.2 agus E.1., (tacaí agus liúntais oiliúna agus oideachais, cúnamh teicniúil)
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna
- An Roinn Coimirce Sóisialaí (Vóta 38) (Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta)

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais

Bhí NQAI agus FETAC araon ag fáil maoinithe ón AE i 2011. Fuair NQAI maoiniú de €0.060 milliún maidir lena chuid gníomhaíochtaí EUROPASS. Faigheann FETAC maoiniú ar mhaithe lena sholáthar den rúnaíocht do EQAVET. Bhí suim iomlán de €0.411 milliún i gceist leis sin i 2011.

6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2011 €000	Caiteachas i 2011 €000	Caiteachas i 2010 €000
Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	1999	67,367	2,173	2,261
Coiste Athbhreithnithe um Fhorais Chónaithe	2003	6,633	678	840
Coimisiún um Chóiríocht Scoile	1996	3,518	1	12
Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[1]	2006	328	4	39
		77,846	2,856	3,152

6.4 Dliteanas Teagmhasach

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a shocrú ag an bpointe seo mar is obair leanúnach atá ar siúl faoi láthair ag an dá chomhlacht.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh 2011 ná €67,367,166. Ag an bpointe seo, meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €15 - €20 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Choimisiúin. Is soláthar trialach é seo ós rud é nach bhfuil toirt mhór costas dlíthiúil tríú páirtí idirbheartaithe fós ag an gCoimisiún.

Ba é an caiteachas a bhain leis an mBord um Shásamh go deireadh 2011 ná €1,087,898,420 agus ag an bpointe sin bhí timpeall is 14,855 iarratas próiseáilte as an neasiomlán 15,412 (agus 964 d'iarratais dhéanacha san áireamh) a fuair an Bord. Thairis sin, bhí 1,474 d'aighneachtaí déanacha le breithniú ag an mBord. Ag an bpointe seo meastar go bhféadfaidh costais bhreise d'isteach agus amach le €150 milliún éirí. Bunaítear an meastachán ar an meándámhachtain agus cuirtear an t-eolas is déanaí ar iarratais dhéanacha san áireamh freisin. Is meastachán trialach é seo, áfach, ós rud é go leanann an Bord d'iarratais dhéanacha a fháil agus a phróiseáil go dtí an dáta deiridh, 16 Meán Fómhair 2011, agus ós rud é go bhféadfaidh éagsúlacht leis an meánmhéid a bheith ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

6.5 Costais dlí agus cúiteamh

Chuimsigh an caiteachas faoi fho-mhírcheann B.2. dámhachtainí arbh fhiú €51,217 go hiomlán iad a d'eascair ó mholadh an Ombudsman. (S18/40/79)

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann B.12. dámhachtainí arbh fhiú go hiomlán iad ná €484,167 i dtaca le trí chás sásaimh. Tabhaíodh táillí dlí arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €271,422 sna trí chás seo agus in ocht gcás eile freisin. Tabhaíodh táillí imscrúdaitheacha agus táillí eile arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €5,851 i gceann de na cásanna sásaimh agus i dtrí chás dlí eile. (S18/10/04)

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann C.10 costais socraíochta €240,000 a bhain le ceithre chás oideachais speisialta. Tabhaíodh táillí dlí arbh fhiú go hiomlán iad ná €622,159 sna ceithre chás socraíochta agus i gcúig chás oideachais speisialta eile. (S18/7/00 agus S/18/7/00 (Cuid 1))

Cuimsíonn an caiteachas faoi fho-mhírcheann D.8. costais dlí €450,505 agus costais €75,000 mar shocraíocht ar chás cúirte lenar bhain múinteoir.

Chuimsigh an caiteachas faoi fho-mhírcheann E.1 socraíocht €17,500 agus táillí dlí €19,030 a d'eascair ó dheontas cothabhála a dhámhachtain. (Tagairt an Cheadaithe 1500 dar dáta 10/03/2011)

6.6 Sásamh i leith Foras Cónaithe

Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí cuntas speisialta arna mhaoiniú as 'airgead a sholáthróidh an tOireachtas' agus ag 'duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais'. Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an chuntais speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an chomhaontaithe slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gcuntas speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cuntas Speisialta um Shásamh Fad a Bheadh Bunú an Chiste Reachtúil ar Feitheamh

I Mí Aibreáin 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé i gceist aige eilimint airgid thirim ar luach €110 milliún de thairiscintí ranníoca na gcuallachtaí reiligiúnacha a úsáid le ciste reachtúil a bhunú agus a fheidhmiú le tacú le riachtanais mharthanóirí mhí-úsáid chónaithe institiúideach leanaí. Ar feitheamh bhunú an chiste reachtúil, osclaíodh cuntas speisialta úsmhar, faoi dhésmacht na Roinne Airgeadais (an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anois) agus na Roinne Oideachais agus Scileanna sa Bhanc Ceannais leis na ranníocaíochtaí airgid thirim a fháil ó na cuallachtaí. Le linn 2010, fuarthas €20.6 milliún den chineál seo ranníocaíochtaí, agus fuarthas €0.45 milliún breise i 2011. Aistreofar na ranníocaíochtaí seo, agus an t-ús gaolmhar a thuilltear ón gcuntas, chuig an gciste reachtúil nuair a bhunófar é. Ba í an iarmhéid deiridh don chuntas ag 31 Nollaig 2011 ná €21,232,058.

6.7 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírchinn C.5. agus D.8. suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €28,941,529 go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha scoileanna.

7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Cuntais Neamhvótáilte

	Urrúis	Airgead Tirim	Iomlán 2011	Iomlán 2010
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid na nurrús ar 1 Eanáir 2011	548	—	548	1,106
Urrúis a fuasclaíodh	—	—	—	(558)
Aistriú ó Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	—	—	—	558
Urrúis a ceannaíodh	—	—	—	—
Aistriú an airgid fhuascailte	—	—	—	(558)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2011	548	—	548	548

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig

	Iomlán 2011	Iomlán 2010
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir	143	114
Fáltais	24	607
Aistriú go cuntas caipitil [1]	—	(558)
Íocaíochtaí	(18)	(20)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	149	143

[1]I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (Vóta 24), agus le héifeacht ón mbliain 2010 tá na cistí dearlaice agus na sealbháin stoic araon á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta 2010 go 2013.

7.2 Scoileanna Dearlaice

Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Scoileanna Dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire) 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2011, i leith Caipitil agus Ioncaim.

	Urrúis	Airgead Tirim	Iomlán 2011	Iomlán 2010
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	416	—	416	601
Urrúis a fuasclaíodh	—	—	—	—
Aistriú ó chuntas fáltas agus íocaíochtaí	—	—	—	26
Aistriú cistí lena n-athinfheistiú [1]	—	—	—	(211)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	**416**	—	**416**	**416**

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir	13	20
Fáltais	16	249
Aistriú go Cuntas Caipitil	—	(211)
Íocaíochtaí	(20)	(45)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	9	13

[1]I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (Vóta 24), agus le héifeacht ón mbliain 2010 tá na cistí dearlaice agus na sealbháin stoic araon de chuid na Scoileanna Dearlaice á n-aistriú chuig na Coimisinéirí ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta 2010 - 2013

7.3 Ciste Deontas i gCabhair 2011

	2011	2010
	€000	€000
Fo-mhírcheann B.1. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)	854	864
Fo-mhírcheann B.8. - Íocaíochtaí i leith thionscadail na dTascfhórsaí Áitiúla Drugaí	412	2,461
Fo-mhírcheann B.14. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)	187	196
	1,453	3,521

Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, tá ceanglas orm Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an Cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, do sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Aistriú na bhfeidhmeanna

Ullmhaíodh an Cuntas seo faoi réir Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta 2011. Thug na leithdháiltí san áireamh scor na Roinne agus scor Vóta 27 in 2011. Aistríodh feidhmeanna na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, in éineacht le haon cheangaltais ghaolmhara, chuig Ranna éagsúla faoi mar a shracrianaítear thíos:

■ Aistríodh feidhmeanna comhionannais, comhtháthaithe, míchumais agus ceart daonna chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí le feidhm ó 1 Aibreán 2011 (I.R. Uimh. 139 ó 2011).. Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 19.

■ Go ginearálta aistríodh feidhmeanna na Gaeilge, na Gaeltachta agus na n-oileán chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 164 ó 2011) agus, maidir le cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht, ar 1 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 216 ó 2011).. Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta 35. I gcás fheidhm phleanála na Gaeltachta arna aistriú ar an 1 Meitheamh 2011, ní raibh aon chaiteachas sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Meitheamh 2011.

■ Aistríodh feidhmeanna cuimsithe shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 165 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 38.

■ Aistríodh feidhmeanna na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 166 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 39.

■ Aistríodh feidhmeanna dlí carthanachta chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 194 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 19.

■ Aistríodh feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 195 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 35.

■ Aistríodh feidhmeanna gnóthaí pobail chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le feidhm ó 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 196 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 25.

■ Rinneadh cuid d'fheidhmeanna na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige d'fheidhmeanna beartais teaghlaigh tar éis a bunaithe ar 2 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 214 ó 2011). Tá caiteachas roimh an dáta sin san áireamh i Vóta na Roinne seo (Vóta 27) agus tá caiteachas tar éis an dáta sin san áireamh i Vóta 43.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina pháirt den Chuntas seo.

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh Cuntais Leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an Chuntais seachas, gurb é beartas dímheasa naRoinne ná dímheas bliana iomláine a ghearradh sa bhliain éadála agus gan aon dímheas a ghearradh sa bhliain diúscartha/aistrithe.

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Chomh maith leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go dtí gur díscaoileadh.

Seosamh Ó hÁghmaill
Oifigeach Cuntasaíochta
Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
29 Márta 2012

Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa Vóta 27: Gnóthaí Pobail, Comhionannas agus Gaeltachta le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta cuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachais an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

Vóta 27 Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar an mheastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pánna agus liúntais	5,185	5,185	14,687
A.2.	Taisteal agus cothú	111	111	464
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	844	844	825
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	201	201	395
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	332	332	1,094
A.6.	Costais áitreabh oifige	178	178	350
A.7.	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1]	27	27	324
Ag Tacú le Pobail				
B.1.	Tacaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,514	3,514	11,567
B.2.	Deontas don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh	16,025	16,024	21,040
B.3.	Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	28,976	28,976	67,454
B.4.	Rialáil carthanas	100	100	407
B.5.	RAPID	706	706	6,067
B.6.	Bearta na gCuntas díomhaoin[3]	1,131	1,131	6,814
B.7.	Seirbhísí ilghnéitheacha[4]	16	16	399
—	*An Clár Seirbhísí Pobail*[2]	—	—	36,877
Ag Dul i nGleic le Mí-úsáid Drugaí				
C.	Tionscnaimh Drugaí	15,306	15,306	34,992
Forbairt Tuaithe				
D.1.	Coimisiún Forbartha an Iarthair[5]	895	895	2,175
D.2.	Oileáin[6]	2,687	2,687	17,021
D.3.	Forbairt Náisiúnta Tuaithe[7]	412	412	10,427
D.4.	LEADER – Fochlár um Gheilleagar na Tuaithe 2007 - 2013	8,928	8,928	44,271
—	*An Scéim Sóisialta Tuaithe*[2]	—	—	30,463

Seirbhís	2011 Soláthar an mheastacháin €000	2011 Táirgeacht €000	2010 Táirgeacht €000
An Ghaeilge agus an Ghaeltacht			
E.1. Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta[8]	1,424	1,424	18,231
E.2. Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	1,221	1,221	8,001
E.3. An Coimisinéir Teanga	199	199	743
E.4. Údarás na Gaeltachta - Toghchán	—	—	—
E.5. Údarás na Gaeltachta - Riarachán	3,452	3,452	11,000
E.6. Údarás na Gaeltachta - Caiteachas an Chláir Reatha	825	825	3,915
E.7. Údarás na Gaeltachta – Deontais do Thionscadail agus do Chaiteachas Caipitil ar Áitribh	500	500	18,000
Comhionannas, Lánpháirtiú agus Cearta an Duine			
F.1. An tÚdarás Comhionannais (deontas-i-gcabhair)	637	637	1,959
F.2. An Binse	682	682	1,594
F.3. Deontais chuig eagraíochtaí náisiúnta ban	132	132	284
F.4. Promhadh	—	—	252
F.5. Monatóireacht ar chomhionannas/coistí comhairliúcháin	58	58	264
Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 32: Iompar, Turasóireacht agus Spórt le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Tagraíonn caibidil 26 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2011 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 32 ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Seamus MacCárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2012

Vóta 32 Iompar, Turasóireacht agus Spórt
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís			2011	2011	2010
			Soláthar meastachán	Toradh	Toradh
Riarachán		**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	Tuarastail, pánna agus liúntais		30,646	30,663	29,405
A.2.	Taisteal agus cothabháil		1,003	911	931
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha		2,208	1,609	1,973
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		750	555	510
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF		1,667	1,523	1,565
A.6.	Costais áitreabh oifige		913	846	1,078
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais		599	397	452
Seirbhísí Eile Bóithre					
B.1	Feabhsú/cothabháil bóithre		1,258,998	1,270,666	1,635,455
B.2	Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre		27,582	17,075	29,163
B.3	Costais cheadúnú feithiclí agus tiománaithe		18,279	13,546	15,155
B.4	Taisteal níos cliste agus laghdú ar charbón		21,865	17,674	8,898
Iompar Poiblí					
C.1.	Íocaíochtaí um sholáthar seirbhíse poiblí		275,916	277,764	288,852
C.2.	Clár infheistíochta in iompar poiblí		370,000	377,210	614,341
C.3.	Gníomhaireachtaí agus costais iompair phoiblí		13,712	13,160	13,821
Eitlíocht Shibhialta					
D.1.	Árachas um imscrúdú timpistí		495	476	476
D.2.	Aerfoirt réigiúnacha		19,327	19,782	21,193
D.3.	Íocaíochtaí le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann maidir le seirbhísí díolmhaithe		2,558	2,916	2,809
D.4.	Seirbhísí eitlíochta ilghnéitheacha		123	60	76
Iompar agus Sábháilteacht Mhuirí					
E.1.	Riarachán muirí agus Gardaí Cósta na hÉireann		54,058	54,974	65,125
Iompar Ilghnéitheach					
F.1.	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta		8,337	6,611	7,664
F.2.	Seirbhísí ilghnéitheacha		13	10	42
F.3.	Tionscnaimh trasteorann		14,000	13,481	134

Seirbhís			2011 Soláthar meastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Seirbhísí Turasóireachta					
G.1.	Fáilte Éireann – (deontas cabhrach)		63,622	63,622	—
G.2.	Turasóireacht Éireann Teoranta– deontas do chostais riaracháin agus ghinearálta		17,006	17,006	—
G.3.	Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne (forbairt turasóireachta) (deontas cabhrach)		786	786	—
G.4.	Ciste um margaíocht turasóireachta (deontas cabhrach)		41,383	46,083	—
G.5.	Forbairt táirgí turasóireachta (deontas cabhrach)		24,790	14,790	—
Seirbhísí Spóirt agus Aineasa					
H.1.	Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)				
	Soláthar na bliana reatha	28,000			
	Forghéilleadh iarchurtha	5,000	33,000	23,403	—
H.2.	Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha		6,650	9,528	—
H.3.	An Chomhairle Spóirt (deontas cabhrach) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		46,837	46,837	—
H.4.	An Campas Náisiúnta Spórt		4,998	2,174	—
	Ollchaiteachas				
	Soláthar na bliana reatha	2,357,121			
	Forghéilleadh iarchurtha	5,000			
			2,362,121	**2,346,138**	**2,739,118**
	Lúide				
I.	**Dílsiú i gcúnamh**		**433,074**	**428,319**	**441,977**
	Glanchaiteachas				
	Soláthar na bliana reatha	1,924,047			
	Forghéilleadh iarchurtha	5,000			
			1,929,047	**1,917,819**	**2,297,141**
	Barrachas don bhliain			**11,228,933**	**14,369,986**
	Geilliúint larchurtha			**8,700,000**	**—**
	Barrachas le géilleadh			**€2,528,933**	**€14,369,986**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			36,504	35,914
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			2,309,634	2,703,204
Ollchaiteachas			2,346,138	2,739,118
Lúide				
Dílsiú i gcúnamh			428,319	441,977
Glanchaiteachas			1,917,819	2,297,141
Athrúcháin ar shócmhainní caipitiúla				
Airgead ceannaigh		(4,481)		
Dímheas		3,691	(790)	(8,992)
Athrúcháin ar shócmhainní atá faoi fhorbairt				
Íocaíochtaí airgid			(110)	(2,507)
Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha				
Laghdú ar fhabhruithe dúnta		(308)		
Laghdú ar stoc		20		
			(288)	(365)
Caiteachas díreach			1,916,631	2,285,277
Glan-chomhchaiteachas ar sheirbhísí	1.1		13,782	13,460
Cíosanna barúlacha			1,214	978
Costas iomlán oibriúcháin			**1,931,627**	**2,299,715**

1.1 Glan-chomhsheirbhísí

Is éard atá sa ghlan-chomhchaiteachas ar sheirbhísí na suimeanna measta a leanas maidir le Vóta 32 a tabhaíodh in áiteanna eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntais do Dhaoine ar Scor	7,945	7,621
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	5,595	5,522
20	An Garda Síochána	62	206
	An Lárchiste – Aire, pinsin etc	180	111
		13,782	**13,460**

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.1	11,834	19,543
Sócmhainní reatha	2.2	2,496	2,752
		14,330	**22,295**
Banc agus airgead			
Stoic	2.3	1,488	738
Réamhíocaíochtaí	2.4	655	675
Ioncam fabhraithe		322	443
Iarmhéideanna dochair eile		25	79
Sócmhainní Reatha Iomlána	2.5	2,319	1,476
Lúide dliteanais reatha		**4,809**	**3,411**
Costais fhabhraithe			
Iarmhéideanna creidmheasa eile		1,732	2,215
Glandliteanas don Státchiste	2.6	743	1,840
Dliteanais Reatha Iomlána	2.7	3,064	374
Glandliteanais reatha		**5,539**	**4,429**
Glansócmhainní		**(730)**	**(1,018)**
		13,600	**21,277**
Léirithe ag:			
Cuntas um chistiú an Stáit		**13,600**	**21,277**

2.1 Sócmhainní Caipitiúla

	Talamh agus Foirgnimh	Trealamh oifige	Troscán agus Feistis	Feithiclí	Trealamh Speisialtóra	Iomláin
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011	1,932	17,035	321	7,100	24,706	51,094
Aistriú ó Thurasóireacht, Cultúr agus Spórt [1]	—	49	10	—	—	59
Breisiúcháin	—	1,039	8	2,127	1,307	4,481
Coigeartú [2]	—	(342)	—	—	(8,470)	(8,812)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011	1,932	17,781	339	9,227	17,543	46,822
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011	—	13,794	259	4,900	12,598	31,551
Aistriú ó Thurasóireacht, Cultúr agus Spórt [1]	—	20	8	—	—	28
Dímheas don bhliain	—	1,140	63	710	1,778	3,691
Coigeartú [2]	—	—	—	—	(282)	(282)
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	—	14,954	330	5,610	14,094	34,988
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	1,932	2,827	9	3,617	3,449	11,834
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010	1,932	3,241	62	2,200	12,108	19,543

[1] Mar chuid d'aistriú fheidhmeanna na Turasóireachta agus Spóirt, aistríodh na sócmhainní seasta faoi seach chuig an Roinn seo.

[2] Baineann an coigeartú le híocaíochtaí maidir le tiomantas conartha caipitil agus le hathchóiriú oifige ar pléadh leo go mícheart mar shócmhainní seasta na Roinne.

2.2 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt

Córais Faisnéise	**2011**	**2010**
	€000	**€000**
Suimeanna a tugadh ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2011	2,752	1,899
Íocaíochtaí airgid don bhliain	110	2,507
Arna aistriú chuig an gClár Sócmhainní	(312)	—
Coigeartú [1]	(54)	(1,654)
Suimeanna a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011	2,496	2,752

[1] Mar chuid de mholadh Iniúchta Inmhéanach maidir le scrúdú a dhéanamh ar gach cuntas Obair Idir Lámha (OIL), athaicmíodh roinnt idirbheart ar pléadh leo roimhe seo mar chaipiteal.

2.3 Banc agus Airgead amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna agus airgead PMG	1,618	960
Orduithe amuigh	(130)	(222)
	1,488	738

2.4 Stoic amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Páipéarachas agus soláthairtí oifige	55	58
Tomhaltáin TF, etc.	73	19
	527	598
Tomhaltáin speisialaithe (Garda Cósta na hÉireann)	655	675

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Cnapshuimeanna scoir	1,826	985
Eile	493	491
	2,319	1,476

2.6 Iarmhéideanna Sochair eile amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna atá dlite don stát		
Cáin Ioncaim	333	10
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	—	(20)
Cáin á shiarchoinneáil ag Seirbhísí Gairmiúla	94	62
Cáin Bhreisluacha	245	125
Cáin Chonartha Ábhartha	—	113
	672	290
Muirir Phinsin	11	497
Eile	60	1,053
	743	1,840

2.7 Glandliteanas don amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le géilleadh	2,539	14,370
Géilleadh iarchurtha	8,700	—
Deontas an Státchiste neamhtharraingthe	(8,175)	(13,996)
Glandliteanas don Státchiste	3,064	374
Anra léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus Airgead	1,488	738
Iarmhéideanna dochair: fionraí	2,319	1,476
	3,807	2,214
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(672)	(290)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(71)	(1,550)
	(743)	(1,840)
	3,064	374

2.8 Ceangaltais amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
(a) Ceangaltais Dhomhanda		
(i) Fotheidil éadála*	629,806	639,511
ii) Fotheidil deontais	108,203	17,177
Iomlán na gceangaltas in-fheidhmithe go dlíthiúil	738,009	656,688

*** Tiomantais faoi fhotheidil soláthair**

	€
Seirbhísí héileacaptair	603,643,000
Aerfoirt	21,614,744
Ceadúnú Feithicle/Tiomána	3,444,831
An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí	355,800
Seirbhísí eile Gardaí Cósta	569,775
TF	177,754
	629,805,904

(b) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla

	Caiteachas go 31 Nollaig 2010	Caiteachas 2011	dá éis blianta	Costas iomlán
	€000	€000	€000	€000
Seirbhísí Héileacaptair Cuardaigh agus Tarrthála – conradh 2010*	8,470	6,776	19,311	34,557

* Baineann tiomantais chaipitil ilbhliantúla le híocaíochtaí caipitil láithreacha don soláthróir seirbhíse faoin gconradh nua a thosaíonn ar 1 Iúil 2012. Áirítear mar chuid de thiomantas iomlán ar luach €603.6 milliún do na seirbhísí seo táillí seasta míosúla, táille eitilte in aghaidh na huaire agus táillí breosla bunaithe ar uaireanta eitilte measta agus ar tháillí coimhdeacha. Is féidir go mbeidh na costais iarbhíre éagsúil ón meastachán seo, mar sin de.

2.9 Dliteanais Aibithe

B'ionann iomlán na ndliteanas aibithe amhail an 31 Nollaig agus €106,000

3 Athrúcháin ar Chaiteachas

Tugtar míniú thíos i gcás gach fotheidil chaiteachais sa chás go raibh athrú le sonrú ar an táirgeacht ón tsuim a cuireadh ar fáil, más breis agus €100,000 a bhí i gceist, agus más breis agus 5% (25% i gcás fotheidil riarácháin).

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a cuireadh ar fáil €000	Míniú
A.3.	599	Rinneadh iarracht chomhbheartaithe sa Roinn i 2011 costais a laghdú, iarracht as ar eascair laghduithe i míreanna leithéidí costais fhógraíochta, priontála agus siamsaíochta.
A.4.	195	Bhí an caiteachas níos lú ná mar a raibh coinne leis de bharr gur cuireadh éifeachtúlachtaí i bhfeidhm ar líonra cumarsáide na Roinne.
A.7.	202	Bhí an caiteachas ar chomhairleoireachtaí níos lú ná mar a raibh coinne leis agus bhí moill ar roinnt staidéar.
B.2.	10,507	De thairbhe ioncam táille a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis a bheith faighte ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, maidir le hiarratais ar scrúdú tiomána, tobhaigh TNG agus tástálacha teoirice tiomána, coigeartaíodh na suimeanna tarraingthe anuas míosúla faoin bhfotheideal faoi €9,957.
B.3.	4,733	Tugadh isteach roinnt beart sábhála costais, lena n-áirítear conarthaí tacaíochta nua a mbíonn coigilteas suntasach ag baint leo, seirbhísí nua baincéireachta ar líne, athrú ar líne próiseála úinéireachta.
B.4.	4,191	Baineadh amach gannchaitheamh in 2011 ar chaitheamh caipitiúil ar Thaisteal Níos Cliste a d'eascair mar thoradh ar chur siar scéim na Limistéar um Thaisteal Níos Cliste go dtí go mbainfear amach sóiléireacht chistithe do na blianta amach anseo sa mhullach ar shaincheisteanna uainithe maidir le tionscadail éagsúla um bonngeagar Taistil Níos Cliste.
D.3.	(358)	Theastaigh maoiniú breise ó Údarás Eitlíochta na hÉireann. Bunaíonn an tÚdarás a n-áireamh ar ioncam táille ar mheastacháin eitiltí a bhíonn ag feidhmiú in aerspás atá faoi smacht na hÉireann. Deonadh cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an caiteachas breise a aistriú idir cuntais.
F.1.	1,726	Chomh maith le síntiúis Eurocontrol, déanann an fotheideal seo soláthar freisin do shíntiúis bhallraíochta na hÉireann don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), an Chomhdháil um Eitlíocht Shibhialta Eorpach (ECAC) agus ABIS, grúpa beag réigiúnach de 7 Stát a mbíonn Éire páirteach ann le dul i bhfeidhm i gcúrsaí ICAO. Déantar na síntiúis a chinneadh ag na heagraíochtaí féin i ngach cás agus mar sin de ní bhíonn ionchur ar bith ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) i bpróiseas measta na ranníocaíochtaí.
G.4.	(4,700)	Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe soláthar €4.7 milliún sa bhreis do G.4 in 2011, de dheasca chinneadh an Rialtais an Cháin Aerthaistil €3 a choimeád, ar feitheamh breis athbhreithniú in Earrach 2012, agus le cuid mhór de na hioncaim a eascraíonn óna coimeád a úsáid chun tacú le turasóireacht isteach, trí mhargaíocht chomhoibríoch a chistiú. Tugadh cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an gcaiteachas breise a aistriú.
G.5.	10,000	Is éard is cúis leis an gcoigilt €10 milliún, go príomha, leagáid an chalctha ar liúntais chaipitiúla a thit amach in 2009. Bhí moill ar chaiteachas ar an gclár de bharr an lín ísil de cheaduithe tionscadal sa bhliain sin. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas in 2012 de bharr liúntas a rinneadh in 2010 agus in 2011.

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a cuireadh ar fáil €000	Míniú
H.1.	9,597	De bharr go bhfuil an fotheideal a bhraitheann ar éileamh, is gnách gur deacair an tarraingt anuas a réamh-mheas go beacht d'aon bhliain ar leith. Bhí an tarraingt anuas ag ráthaíochtaí níos moille in 2011 ná mar a raibh coinne leis. D'fhéadfadh roinnt cúiseanna bheith leis seo, ach is dócha go bhfuil deacrachtaí ann maidir le ráthaíochtaí tionscadail a thabhairt chun críche sa timpeallacht reatha gheilleagrach.
H.2.	(2,878)	Seoladh tionscnamh speisialta le linn na bliana le cistiú a chur ar fáil d'údaráis áitiúla d'éifeachtacht fuinnimh agus do bhearta um rochtain ag daoine faoi mhíchumas i dtaobh linnte snámha. Bhí an t-éileamh ar an tionscnamh seo níos mó ná mar a raibh coinne leis. Tugadh cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an gcaiteachas breise a aistriú.
H.4.	2,824	D'eascair na coigiltí de bharr gur cuireadh moill ar thairiscint d'Oifig na nOibreacha Poiblí in 2011 ach leanfar ar aghaidh léi in 2012.

3.1 Toradh Iomlán na Seirbhísí do 2011

Faoi mar ar cuireadh síos air san intreoir don chuntas, míníodh an caiteachas ar sheirbhísí atá le fáil sa Vóta roimhe seo i Vóta 35. Taispeánann an clár thíos an chomparáid bliain ar bhliain.

		2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
G.1.	Fáilte Éireann – (deontas cabhrach)	63,622	67,016
G.2.	Turasóireacht Éireann Teoranta– deontas do chostais riaracháin agus ghinearálta	17,006	18,740
G.3.	Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne (forbairt turasóireachta) (deontas cabhrach)	786	831
G.4.	Ciste um margaíocht turasóireachta (deontas cabhrach)	46,083	44,250
G.5.	Forbairt táirgí turasóireachta (deontas cabhrach)	14,790	10,000
H.1.	Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	23,403	50,042
H.2.	Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha	9,528	3,122
H.3.	An Chomhairle Spóirt (deontas cabhrach) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	46,837	49,572
H.4.	An Campas Náisiúnta Spórt	2,174	5,459
H.5.	Bóthar Lansdowne	—	4,451
H.6.	Deontas chun cabhrú le spórt i gceantair faoi mhíbhuntáiste (cistí díomhaoine arna maoiniú)	—	395
Ollchaiteachas		**224,229**	**253,878**

4 Fáltais

4.1 Dílsiú i gcúnamh	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Aisghabháil don fhoireann a tugadh ar iasacht	450	—	—
2. Táillí ceadúnais Iompair ar Bóthar	1,150	1,007	800
3. Aisíocaíocht síntiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta Údarás Eitlíochta na hÉireann	7,560	6,511	7,489
4. Aisghabháil cíosanna Údarás Eitlíochta na hÉireann, etc.	305	305	533
5. Costais chomhghaolmhara Údarás Eitlíochta na hÉireann	2,200	2,268	2,361
6. Aisghabháil costas iniúchadh sábháilteachta an IAA	—	—	—
7. Fáltais ilghnéiteacha	260	224	370
8. Fáltais ón gCiste Rialtais Áitiúil	415,780	410,788	426,263
9. Bóithre náisiúnta dolaí	—	—	—
10. Fáltais faoin Acht Loingis Cheannaíochta agus Raidió-Theileagrafaíochta	480	562	531
11. Ranníocaíocht Pinsin ón gCoimisún um Rialáil Tacsaithe	—	1,196	25
12. Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann	258	333	—
13. Fáltais ó asbhaint phinsean-bhunaithe ar luach saothair sheirbhíse poiblí	4,631	5,125	3,605
Iomlán	**433,074**	**428,319**	**441,977**

Míniú ar athrúcháin shuntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gach fotheidil sa chás go raibh athrú le sonrú ar an tsuim a réamh-mheasadh, más breis agus €100,000 a bhí i gceist, agus más breis agus 5% a bhí i gceist.

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a réamh-mheasadh €000	Míniú
1	450	I 2011, rinneadh forchúiteamh na gcostas foirne a chur do shochar A.1 agus níor tugadh isteach é mar leithreasaí i gcabhair faoi mar a tharla i mblianta eile roimhe seo.
2	143	Mar gheall ar an gcor chun donais sa gheilleagar, bhí na hiarratais ar cheadúnais agus ar athnuachan níba lú mar a bhíothas ag dréim leis.
3	1,049	Ós rud é go raibh na ranníocaíochtaí faoi fhotheideal F.1 níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis, bhí an forchúiteamh ó Údarás Eitlíochta na hÉireann.
11	(1,196)	I 2011 ní dhearnadh aon soláthar maidir le ranníocaíochtaí pinsin ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe (CTR). I 2011, áfach, rinneadh an CTR a ionchorprú san Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), mar sin de bhí na fáltais phinsin a fuarthas a bailíodh maidir leis an CTR/NTA níba mhó ná mar a bhíothas ag dréim leis.
13	(494)	Chinn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an figiúr do 2011 agus bhí na fáltais níba mhó ná mar a bhí measta acu.

4.2 Fáltais Bhreise den Státchiste

	2011	2011
	€000	€000
Fáltas ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	500	—
Aisghabháil costas a thabhaigh Garda Cósta na hÉireann	24	35
Fáltas ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	28	—
Aisghabháil costais taistil	2	—
Iomlán	554	35

5 Líon agus pá na bhfostaithe

	2011	2010
Líon na bhfostaithe ag deireadh na bliana (coibhéisí lán-aimseartha)	497	496
	€000	€000
Pá	27,302	26,128
Ardliúntais, liúntais speisialta nó liúntais dualgas breise	685	699
Liúntais eile	681	743
Ragobair	551	480
ÁSPC fostóra	1,444	1,355
Pá iomlán	**30,663**	**29,405**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair	Íocaíocht uasta aonair
			2011	2010
			€	€
Ardliúntais, liúntais speisialta nó liúntais dualgas breise	261	56	63,791	54,222
Liúntais eile	96	22	32,195	15,321
Ragobair	68	39	15,573	30,844

Nóta: Fuair roinnt daoine luach breise saothair i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Socruithe Eile um Luach

Athfhostaíodh ochtar státseirbhíseach ag a raibh pinsin seirbhíse sibhialta, ar bhonn táille ar chostas iomlán €71,416.

6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Maoiníodh caiteachas iomlán de €70.240 milliún (€99.614 milliún i 2010) faoi fhotheidil H.1. agus H.3 go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta faoi mar a thaispeántar thíos.

		2011 €000	2010 €000
H.1.	Deontais do chomhlachtaí spóirt agus do sholáthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire	14,724	30,589
H.3.	An Chomhairle Spóirt (deontas cabhrach)	29,467	30,301
		44,191	60,890

Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fhotheideal H.1. ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, (www.dttas.ie).

6.2 Cúiteamh agus Costais Dhlíthiúla

Íocadh cúiteamh agus costais chomhghaolmhara dhlíthiúla agus ilghnéiteacha den tsuim iomlán €375,938 agus idir €1,421 agus €150,000 i gceithre chás déag i leith an Aire.

Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta

Reámhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar mhuirir an Ghailearaí Náisiúnta, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirtear an tsuim a d'fhéadfaí a usaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na notaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeanácha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

De bharr tréithe uathúla bhailiúchán an Ghailearaí, tá sé indéanta luacháil ceart a dhéanamh.
Dá bharr sin níl aon luachanna san áireamh sa chuntas seo i leith an bhailiúcháin.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcorás um rialú inmheánach airgeadais atá I bhfeidhm sa An Gailearaí Náisiúnta.

Mar chuid den phróiseas bainistithe riosca, tá clár riosca an Ghailearaí tugtha cothrom le dáta agus bainistíonn sé a rioscaí trí Fhóram Bainistithe Riosca.

Déantar athbhreithniú ar éifeachtúlacht ghinearálta na Dánlainne maidir lena rialú riaracháin agus airgeadais chomh maith lena comhlíonadh leis an rialachas corparáideach is fearr go leantach in obair an Iniúchta Inmheánaigh agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Gerry D'Arcy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Gailearaí Náisiúnta
23 Feabhra 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 33: An Gaileraí Náisiúnta na hÉireann le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Gaileraí Náisiúnta na hÉireann. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Lúnasa 2012

Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	5,790	5,191	5,476
A.2.	Taisteal agus cothú	42	43	74
A.3.	Costais theagmhasacha	895	801	1,074
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	160	133	150
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige	277	280	390
A.6.	Costais áitreabh oifige	710	679	717
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	185	324	226
Seirbhísí eile				
B.	Ciste Deontas-i-gcabhair le haghaidh sealbhuithe agus caomhnaithe	2,000	2,000	2,000
C.	Comhaltacht Íosánach An Gailearaí Náisúnta (deontas-i-gcabhair)	41	41	41
	Olliomlán	**10,100**	**9,492**	**10,148**
	Bain de:			
D.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**253**	**283**	**322**
	Glaniomlán	**9,847**	**9,209**	**9,826**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€637,620**	**€337,460**

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúchain 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			7,451	8,107
Caiteachas ar sheirchísí agus ar chláir			2,041	2,041
Olliomlán			9,492	10,148
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			283	322
Glaniomlán			9,209	9,826
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(78)		
Dímheas		268		
Faltais ó dhiúscairtí		—		
Caillteanas ar dhiúscairtí		—		
			190	46
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			—	(21)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Meadú ar fhachraithe deiridh		33		
Laghdú ar stoc		—		
			33	66
Caiteachas díreach			9,432	9,917
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		984	977
Measchíosanna				
Costas oibriúcháin			10,416	10,894

Nóta: Níl aon taifead ar chíos barúlach i leith fhoirgnimh an Ghailearaí atá faoi úinéireacht Stáit agus á gcothabháil ag an OOP.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 33 tabhaithe in áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	235	258
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	749	719
		984	977

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	881	849
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	—	247
		881	1,096
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	2,006	528
Stoic	2.4	6	6
Réamhíocaíochtaí		105	107
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	84	6
Glandliteanas ón Státchiste	2.7	1,232	1,289
Iomlán na sócmhainni reatha		3,433	1,936
Dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		217	212
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	3,322	1,823
Iomlán na ndliteanas reatha		3,539	2,035
Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha)		(106)	(99)
Glansócmhainní		**775**	**997**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**775**	**997**

2.1 Ráiteas faoi Sócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige agus Feithiclí €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	2,527	1,462	3,989
Breiseanna	15	285	300
Diúscairtí	—	—	—
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	2,542	1,747	4,289
Dímheas Carntha			
Iarmhéid toscaigh ag 1 Eanáir 2011	2,140	1,000	3,140
Dímheas don bhliain	135	133	268
Dímheas ar Dhiúscairtí	—	—	—
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2011	2,275	1,133	3,408
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	267	614	881
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	387	462	849

2.2 Raiteas faoi Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ag 31 Nollaig 2011	Trealamh speisialtóra €000
Méideanna tughta ar aghaidh ar 1 Eanáir 2011	247
Aistrithe chuig clár sócmhainne	(247)
Méudeabba tughta ar aghaidh ar 31 Nollaig 2011	—

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	2,006	671
Orduithe/ lóisteáil íocaíochta gan ioc	—	(143)
	2,006	528

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	3	4
Ábhair Ghlantóireachta	3	2
	6	6

2.5 Iarmhéideanna eile dochair

ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Lacáistí iomarcaíochta	60	—
Ilgheithéach	24	6
	84	6

2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suim atá dlite don Stát		
Deontas-i-gcabhair Le haghaidh Sealbhuithe agus Caomhnaithe	3,106	1,629
Comhaltacht Íosnách an Ghailearaí Náisiúnta deontas-i-gcabhair	211	194
Cáin Bhreisluacha	5	—
	3,322	1,823

2.7 Glandliteanas ón Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	638	337
Deontas ón Státchiste nár tarraíngiodh	(1,870)	(1,626)
Glandliteanas ón Státchiste	(1,232)	(1,289)
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	2,006	528
Iarmhéideanna eile dochair	84	6
	2,090	534
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna creidmheasa	(3,322)	(1,823)
	(1,232)	(1,289)

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theideal	Níos lú/(Níos mó) ná a soláthraíodh €000	Miniu
A. 1	599	Tharla an choigilt de dheasca neamhlíonadh folúntas foirne faoin moratóir ar earcaíocht foirne san earnáil phoiblí agus iomarcaíochtaí foirne a d'éag a gcuid conarthaí ar téarma seasta in 2011.
A. 7	(139)	Tá caiteachas ar an bhfotheideal seo ann ar bhonn éilimh. Tharla an farasbarr seo de bharr caiteachas níos mó ná mar a réamh-mheasadh ar ábhair na bhfostaithe agus caidrimh thionsclaíoch, earcaíocht, agus comhairleacht i ndáil le Máistir-Chlár Forbartha na Gailearaí.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair		2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1	Fáltais ilghnéitheacha	1	1	29
2	Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as	252	282	293
Iomlán		**253**	**283**	**322**

Nóta: Chomh maith leis na cistí a vótáileadh ag an Oireachtas, ghin Gailearaí Náisiúnta na hÉireann cistí ó raon éagsúil gníomhaíochtaí, lena n-áirítear taispeántais, tabhartais, dleachtanna, agus díolacháin agus coimisiún miondíola. Mínítear na cistí breise seo i gCuntais Chomhcheangailte Dhánlann Náisiúnta na hÉireann.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana**	98	115

	2011 €000	2010 €000
Tuarastail agus pá	4,712	4,980
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	9	9
Liúntais eile	2	3
Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise	52	54
ÁSPC an Fhostóra	416	430
Pá iomlán	5,191	5,476

5.1 Liúntais agus óicaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteorirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2011 €	Uasíocaíocht aonair 2010 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta no dualgas breise	3	—	3,523	—
Liúntais eile	34	—	235	—
Ragobair	44	—	9,906	10,105

5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Cuirtear carr ar fáil do Stiúrthóir an Ghailearaí faoina théarmaí fostaíochta.

5.3 Iocaíochtaí Iomarcaíochta

Rinneadh ollíocaíochtaí de €99,559, laistigh de théarmaí ceadaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, maidir le hiomarcaíocht reachtúil ag eascairt as dul as feidhm conarthaí téarmaí seasta do líon foirne i 2011. Ba é ranníoc glanchostais Dánlann Náisiúnta na hÉireann €39,824 agus bhí an iarmhéid de €59,735 le haisíoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh via an Roinn Coimirce Sóisialaí.

6 Ilghnéithneach

6.1 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an Dánlann ag tabhairt faoi roinnt dúshlán dlíthiúla ar féidir go ndéanfaidh siad dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na ndúshlán seo. Tá méid nó ionú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

7 Cuntais Ilghnéithneacha

7.1 Ciste Deontas-i-gCabhair le Haghaidh Sealbhuithe Agus Caomhnaithe

	Ceannach agus Deisiú Pictiúir	Caomhnú Saothair Ealaíne	Ceannach Leabhair agus Irisleabhair	Iomláin
	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2011	1,508	38	83	1,629
Deontas-i-gcabhair (Fo-theideal B)	1,940	30	30	2,000
Caiteachas	(445)	(41)	(37)	(523)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2011	3,003	27	76	3,106

7.2 Ciste Deontas-I-gCabhair le Comhaltacht Iosanach an Ghailearaí Náisiúnta

	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2011	194
Deontas-i-gcabhair (Fo-theideal C)	41
Caiteachas	(24)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2011	211

Vóta 34 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi na scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den Chuntas.

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, chuir mé ráiteas isteach san fhormáid chaighdeánach maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

John Murphy
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
8 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 34: Post, Fiontar agus Nuálaíochta le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
17 Lúnasa 2012

Vóta 34 Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Suim soláthraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais		27,564	28,107	31,268
A.2. Taisteal agus cothú		1,033	816	860
A.3. Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha		846	673	635
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		863	823	914
A.5. Fearas oifige agus seirbhísí seachtracha TF		4,256	3,419	4,429
A.6. Costais áitreabh oifige		1,169	1,062	1,035
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1]		210	139	158
A.8. Fógraíocht agus poiblíocht		282	154	143
A.9. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach		5,967	3,397	3,674
A.10 An Chúirt Oibreachais		2,695	2,442	2,412
A.11 An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta		6,946	6,642	6,935
— Athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí[1]		—	—	*5*
Forbairt Fiontar, Eolaíochta agus Teicneolaíochta				
B.1. Forfás - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		42,877	34,683	35,505
B.2. Forfás - Íocaíochtaí pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009		14,417	9,777	9,046
B.3. Idir-Thrádáil Éireann		8,041	6,638	7,848
C.1. GFT Éireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		38,577	37,377	39,240
C.2. GFT Éireann - Deontais le haghaidh Tionscal		85,000	84,841	90,460
C.3. GFT Éireann - Deontas le haghaidh maoin thionsclaíoch				
Suim bhunaidh	1,000			
Suim fhorlíontach	10,000	11,000	11,000	1,000

Seirbhís		**2011 Suim soláthraithe sa mheastachán**	**2011 Toradh**	**2010 Toradh**
	€000	**€000**	**€000**	**€000**
D.1. Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		84,300	80,600	84,420
D.2. Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh Tionscal				
Suim bhunaidh	78,923			
Suim fhorlíontach	(12,000)	66,923	54,800	80,123
D.3. Fiontraíocht Éireann - Deontas le haghaidh caiteachas caipitil		1,000	1,000	850
E.1. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		2	—	—
E.2. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Deontais do Thionscail				
Suim bhunaidh	3,600			
Suim fhorlíontach	2,001	5,601	5,600	5,272
E.3. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta - Íocaíochtaí Pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)2009		3,516	2,751	2,834
F.1. An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta		320,670	302,659	292,132
F.2. Baile Átha Cliath- Cathair na hEolaíochta		832	932	370
F.3. Clár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)[2]		55,563	57,856	—
G. Forbairt Fiontar Contae		27,242	29,957	31,091
H.1. Faireacháin agus measúnú ar Chláir an AE		89	16	—
H.2. Forbairt Fiontar INTERREG		2,000	1,512	1,379
I. An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		6,836	6,336	7,338
— *Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha* [2]		—	—	*27,500*

Seirbhís		2011	2011	2010
		Suim soláthraithe sa mheastachán	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
— *An tÚdarás um Ard-Oideachas- Deontais Tógála agus Deontais Chaipitil d'Ollscoileanna agus do Choláistí, d'Institiúidí Teicneolaíochtaí d'Institiúidí ainmnithe Ard-Oideachais agus do Thaighde agus d'Fhorbairt (Deontas i gCabhair)* [2]		—	—	*13,700*
Forbairt an Lucht Oibre				
L. Fiontraíocht Éireann - Scéim Shealadach Fóirdheontas Fostaíochta - Airgeadteoranta		4,250	4,250	93,353
Riarachán agus costais ghinearálta FÁS [3]		—	—	*44,310*
Oiliúint agus comhtháthú FÁS [3]		—	—	*22,184*
— *Cláir Fostaíochta FÁS* [3]		—	—	*127,831*
— *Caipiteal FÁS* [3]		—	—	*2,029*
— *FÁS- Íocaíochtaí pinsin a d'eascair ón Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)* [3] *2009*		—	—	*8,151*
— *Deontas d'Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe* [3]		—	—	*52*
— *Clár Oibriúcháin d'Fhorbairt Acmhainní Daonna - Cúnamh Teicniúil* [3]		—	—	*362*
— *Ciste Sóisialta na hEorpa - ciste um Thionscnaimh Phobail* [4]		—	—	*5,845*
Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch				
N. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais- Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		5,359	4,959	5,108
O.1. Deontais le haghaidh Seirbhísí Oideachais agus Comhairleoireachta Ceardchumann		874	874	805
O.2. Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre		296	255	307
P. Cónascthaí Ceardchumann		10	—	15

Seirbhís		2011 Suim soláthraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht				
Q. Deontas le haghaidh an Údaráis Iomaíochta		5,116	3,621	4,551
R.1. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		6,366	5,499	5,578
R.2. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí - Deontas le haghaidh faisnéis airgeadais agus feidhmeanna oideachais		2,000	1,622	—
R.3. Tacaíocht do Thomhaltóirí		50	—	29
S.1. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		7,428	7,463	7,897
S.2. Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (Deontas i gCabhair)		1,598	1,442	1,282
S.3. An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta		58	55	57
Sláinte agus Sábháil				
T. An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta		20,556	19,828	20,059
Seirbhísí Eile				
U. Taighde		168	1	25
V. An Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil		2	—	54
W. Suibscríbhinní d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, etc.		17,184	17,855	17,457
X.1. Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta		425	207	299
X.2. Íocaíochtaí Ilghnéitheacha		1,647	78	356
X.3. Aoisliúntais agus Pinsin do Bhaill na Cúirte Oibreachais, an Choimisiúin um Chleachtais Shriantacha		758	587	561
X.4. Árachas Creidmheasa Easpórtála - Aisíocaíocht leis an Státchiste		8	7	32

			2011 Suim soláthraithe sa mheastachán	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
	Ollchaiteachas				
	Suim bhunaidh	**900,469**			
	Suim fhorlíontach	**1**	**900,470**	**844,612**	**1,151,165**
Y.	**Bain as Leithreasuithe-i-gcabhair**		**55,629**	**56,085**	**81,724**
	Glanchaiteachas				
	Suim bhunaidh	**844,840**			
	Suim fhorlíontach	**1**			
			844,841	**788,527**	**1,069,441**
	Barrachas don bhliain			**€ 56,314,575**	**€ 41,824,150**
	Tabhairt suas iarchurtha			**€ 18,125,000**	—
	Barrachas le tabhairt suas			**€ 38,189,575**	**€ 41,824,150**

[1] Cónascadh an fo-mhírchinn do Sheirbhísí Comhairleoireachta (A.7) agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe (A.12) le héifeacht ón 1 Eanáir agus léirítear iad anois mar fho-mhírcheann amháin (A.7).

[2] Taispeánadh na heilimintí caipitil agus na heilimintí reatha den chlár PRTLI ar bhonn scartha i 2010, agus déantar iad a chumasc i bhfotheideal amháin anois (F.3).

[3] Aistríodh an tseirbhís chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le héifeacht ón 1 Bealtaine 2010.

[4] Cuireadh an fo-mhírcheann ar scor ar an 31 Nollaig 2010.

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			47,674	52,468
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			796,938	1,098,697
Ollchaiteachas			844,612	1,151,165
Bain as				
Leithreasuithe-i-gcabhair			56,085	81,724
Glanchaiteachas			788,527	1,069,441
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin in airgead tirim		(512)		
Dímheas		2,391		
Diúscairtí airgid		5		
Caillteanas ar dhiúscairtí		5	1,889	1,886
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim		(839)	(839)	(1,117)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Méadú ar fhabhruithe deiridh		560		
Laghdú ar stoc		96		
			656	(1,205)
Caiteachas díreach			790,233	1,069,005
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		22,048	22,483
Measchíosanna			1,669	2,447
Costas oibriúcháin iomlán			**813,950**	**1,093,935**

1.1 Glansócmhainní gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 34 a iompraíodh in áiteanna eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	14,830	14,791
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	262	269
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	6,512	6,956
20	Garda Síochána	61	211
	An Lár-Chiste - pinsin na nAirí etc.	383	256
		22,048	**22,483**

2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	7,498	8,882
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	552	546
		8,050	**9,428**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	37,596	3,827
Stoic	2.4	279	375
Réamhíocaíochtaí		442	439
Ioncam fabhraithe		883	779
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	1,699	1,752
Iomlán na sócmhainní reatha		**40,899**	**7,172**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		647	405
Ioncam iarchurtha		1,668	1,243
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	18,774	3,804
Glandliteanas don Státchiste	2.7	20,521	1,775
Iomlán na ndliteanas reatha		**41,610**	**7,227**
Glandliteanais reatha		**(711)**	**(55)**
Glansócmhainní		**7,339**	**9,373**
Léirithe ag:			
Cuntas mhaoiniú an Stáit		**7,339**	**9,373**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Mótarfheithiclí	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2011	14	33,917	6,747	40,678
Aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí [1]	—	(1,356)	(144)	(1,500)
Aistriú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta [2]	—	—	(2)	(2)
Breiseanna	—	1,312	33	1,345
Diúscairtí	(14)	(986)	(10)	(1,010)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011	—	32,887	6,624	39,511
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011	9	25,627	6,160	31,796
Dímheas ar aistriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí [1]	—	(1,037)	(135)	(1,172)
Dímheas ar aistriú chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta [2]	—	—	(2)	(2)
Dímheas don bhliain	—	2,132	259	2,391
Dímheas ar dhiúscairtí	(9)	(982)	(9)	(1,000)
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2011	—	25,740	6,273	32,013
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	—	**7,147**	**351**	**7,498**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010	**5**	**8,290**	**587**	**8,882**

[1] Aistríodh sócmhainní TFC agus troscán agus feistis a raibh glanluach leabhar de €328,197 orthu chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag éirí as aistriú feidhmeanna áirithe ón Roinn seo chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2011.

[2] Aistríodh troscán agus feistis a raibh glanluach leabhar nialais orthu chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar athshannadh seomraí áirithe i Sráid Chill Dara don Roinn sin i 2011.

2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig 2011	Feidhmchláir ríomhairí inmheánacha €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag an 1 Eanáir 2011	546
Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain	839
Tugtha in úsáid sa bhliain	(833)
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011	552

2.3 Banc agus Airgead Tirim amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	37,771	4,824
Orduithe gan íoc	(175)	(997)
	37,596	3,827

2.4 Stoic amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	201	286
Soláthairtí TF	61	66
Ábhair	17	23
	279	375

2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Réamh-Óinchistí	20	20
An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	35	35
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	7	7
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí	30	25
Iarmhéideanna dochair ilghnéithigh	527	487
Caiteachas in-fhorchúitithe	1,080	1,178
	1,699	1,752

2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	66	101
Ranníocaíochtaí aoisliúntais	389	564
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	(25)	(64)
Tobhach Ioncaim	(1)	(1)
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	71	137
CBL ar Fhálacha laistigh den AE	31	67
	531	804
Iarmhéideanna creidmheasa ilghnéithigh[1]	18,243	3,000
	18,774	3,804

[1]Cuimsíonn sin suim de €16.108m a thug Fiontraíocht Éireann ar ais don Roinn maidir le cistí gan úsáid agus ioncam acmhainne féin farasbairr. Fuarthas an t-airgead seo ag an Roinn ar 29 agus ar 31 Nollaig 2011 agus ina dhiaidh sin íocadh don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar Fháltas Breise Státchiste i Mí Eanáir 2012.

2.7 Glandliteanas don Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le tabhairt suas	38,190	41,824
Tabhairt suas iarchurtha	18,125	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(35,794)	(40,049)
Glandliteanas don Státchiste	20,521	1,775
Atá léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	37,596	3,827
Iarmhéideanna dochair ar fionraí	1,699	1,752
	39,295	5,579
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(531)	(804)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(18,243)	(3,000)
	(18,774)	(3,804)
	20,521	1,775

2.8 Ceangaltais

amhail an 31 Nollaig

Ceangaltais dhomhanda		2011 €000	2010 €000
(A)	**Soláthar**	71	734
(B)	**Deontais***	1,239,167	1,421,238

*áirítear leo caiteachas ó ioncam acmhainní féin.

Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35m [1]

	Caiteachas Carnach chomh fada leis an 31 Nollaig 2010 €000	Caiteachas i 2011 €000	Blianta Ina Dhiaidh Sin €000
GFT Éireann	188,400	40,000	93,900
Fiontraíocht Éireann [2]	71,259	19,591	112,700
Forbairt na Sionainne	8,412	4,588	10,420
Fondúireacht Eolaíochta Éireann [2]	180,803	53,866	126,577
An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI)	4,192	30,307	138,577
	453,066	148,352	482,174

[1] Baineann sé seo le conarthaí aonair a raibh luach os cionn €6.35m orthu.

[2] Coigeartaíodh caiteachas carnach chomh fada le Nollaig 2010 tar éis athbhreithnithe ar chaiteachas i mblianta roimhe ar chonarthaí a raibh luach €6.35m orthu.

2.9 Dliteanais Aibithe

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár scaoileadh ag deireadh na bliana agus €454,497.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírchinn riaracháin).

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.8.	128	Mar aon leis an gcroí-chaiteachas ar fhógraíocht, ar phoiblíocht agus ar shuibscríbhinní, níor tháinig caiteachas a rabhthas ag dréim leis ó 2007 le haghaidh chur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, chun cinn go dtí seo. D'fhoilsigh an Roinn Scéim Reachtúil faoin Acht i 2010, agus rinneadh foráil sna Meastacháin do 2011 do chaiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na bPointí Gníomhaíochtaí éagsúla faoin Scéim ach, mar gheall ar easpa foirne, cuireadh moill ar an bPlean Cur Chun Feidhme.
A.9.	2,570	D'eascair na coigiltí go príomha ón eilimint neamhphá de bhuiséad Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Den chuid is mó, bhí sé seo amhlaidh mar gheall ar chostais dlí a bheith i bhfad níos lú ná mar a ceapadh, mar nár tháinig breithiúnais ionchasacha na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte chun cinn.
B.1.	8,194	Tháinig coigiltí de €6.984m ar phinsin B1 chun cinn go príomha mar gheall go raibh níos lú scor i 2011 ná mar a ceapadh. Tugadh isteach sa Bhuiséad do 2011 tobhach ar phinsin reatha (Laghdú Pinsin na Seirbhíse Poiblí), rud a laghdaigh leibhéal na n-íocaíochtaí ar phinsin reatha. Tá coigilt €0.6m ar an eilimint neamhphá inchurtha i leith uainiú na socrúchán conarthaí agus an chríochnaithe oibre.
B.2.	4,640	Tháinig an choigilt ar phinsin B2 chun cinn go príomha mar gheall go raibh níos lú scor i 2011 ná mar a ceapadh.
B.3.	1,403	Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar gheall ar choigiltí de €231,281 ar an ráta malairte euro/steirling le linn 2011 (oibríonn Idir-Thrádáil Éireann i steirling) agus mar gheall go ndearna an Roinn laghdú €1,172,058 (comhionann le Stg£1m) ar an iarmhéid in airgead tirim i mí na Nollag, rud a chuir deireadh leis an ngá leis na cistí seo a tharraingt anuas i 2011. Comhaontaíodh an laghdú i gcomhar le Roinn chomhurraithe Idir-Thrádáil Éireann i dTuaisceart Éireann.
D.2.	24,123	Tharla coigilt reatha D2 de €1.1m go príomha mar gheall ar chealuithe agus ar chur siar tionscadal faoi na cláir forbartha um bainistíocht cliant. Tá coigilt chaipitil D2 de €23m go príomha mar thoradh (1) ar ghannchaiteachas €15m ar an gCiste Nuálaíochta agus (2) ar Thacaíochtaí Airgeadais do Thionscadail Tionscal agus Leathnaithe. Le linn 2011 rinne Fiontraíocht Éireann scrúdú mionsonraithe ar cheangaltais agus ar thionscadail amach anseo D2 agus d'aithin sí gannchaiteachas measta de €8m.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
E.3	765	Tháinig an gannchaiteachas chun cinn mar gheall ar an deacracht a bhaineann le líon ionchais na ndaoine a rachadh ar scor le linn 2011 a mheas. Laghdaigh an Buiséad do 2011 tuarastal do phinsinéirí, rud a laghdaigh riachtanas tarraingthe anuas E3 le haghaidh Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne.
F.1.	18,011	Bhí gannchaiteachas de €7m ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar dheontais Chaipitil. Bhain sé seo go príomha le caiteachas laghdaithe ar cheangaltais reatha ó dheontais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bronnadh i mblianta roimhe. Bhí ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann freisin athsceidealú a dhéanamh ar íocaíochtaí áirithe ar thionscadail taighde go 2012. Bhí coigiltí Pá de €395k agus coigiltí Neamh-Phá de €1.105m ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Mar thoradh ar an tsuim a tharraing Fiontraíocht Éireann anuas, bhí coigilt de €9.25m i.e. (Coigilt Chaipitil de €9m agus Coigilt Reatha de €0.25m).
F.2	(100)	Bhí gá le leithdháileadh breise de €100,000 do chlár ESOF/Baile Átha Cliath- Cathair na hEolaíochta 2012 mar rinneadh an cinneadh clárú a oscailt i mí na Samhna 2011 seachas i mí na Samhna 2012 mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar gheall air seo, éilíodh go ndéanfaí feachtas fógraíochta i 2011. Níor cuireadh Maoiniú ón AE don chlár ar fáil go 2012. Bhíothas ag súil go mbeadh roinnt maoinithe i 2011.
F.3	(2,293)	Tharla gannchaiteachas reatha an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal de €2.7m mar gheall ar chaiteachas ar roinnt tionscadal, go príomha ar chúig Chlár Struchtúrtha PhD Shraith 5 déag, rudaí nár tosaíodh ach san fhómhar i 2011, a bheith níos moille ná mar a ceapadh. Tarraingíodh leithdháileadh Caipitil €27.007m an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal go hiomlán anuas. Ina theannta sin, mar gheall ar choigiltí caipitil a d'eascair ó áiteanna eile agus mar gheall ar cheangaltais an Státchiste faoin gClár le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, fuarthas cead chun caipiteal breise €5m a sholáthar do chaiteachas i 2011. Mar thoradh ar na tosca thuas, bhí difríocht iomlán €2.29m os cionn leithdháileadh tosaigh ceadaithe an Chláir le haghaidh Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal do 2011.
G.	(2,715)	Cuireadh suim iomlán de €27.2m ar fáil faoin bpróiseas Meastacháin do na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCCanna). Cuireadh Caipiteal breise €3.3m a foinsíodh ó choigiltí in áiteanna eile sa Roinn leis an tsuim seo sa cheathrú ráithe de 2011. Tabhaíodh an barrachas i gcaiteachas Caipitil agus úsáideadh é chun tacú le tionscnamh gnó agus le coinneáil post i ngnólachtaí reatha.
H.2.	488	Bhí de thoradh ar easpa iarratas tionscadail Fiontair d'ardchaighdeán moill sa phróiseas faofa agus i ngnólachtaí nuathionscanta. Bhí an Roinn agus na gníomhaireachtaí ag obair i gcomhar le Invest NI agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta (DETI) sa Tuaisceart le feabhas a chur ar chaighdeán na n-iarratas.
I.	500	Ní raibh a leithdháileadh iomlán ag teastáil ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann i 2011 mar gheall ar rialú costas daingean as ar tháinig eis-sreabhadh airgid níos ísle agus mar gheall ar a phróiseas bailithe fiach a thug sreabhadh airgid isteach a bhí níos mó ná mar a ceapadh.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
N.	400	D'eascair an choigilt €80,922 i bpá ó fholúntais foirne nár líonadh. Bhí an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar an eolas go mbeadh athchóiriú na gComhlachtaí Stáit a bhfuil baint acu i gCearta Fosaíochta agus i gCaidreamh Tionsclaíoch mar chuid den chlár oibre athchóirithe uileghabhálach i 2011 agus rinne an tAire fógra den sórt sin ar an 1 Iúil 2011. In oirchill na forbartha seo, chuir an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais moill ar chaiteachas áirithe a bhí beartaithe chun feabhas a chur ar Chórais Bhainistíochta Cásanna, ar ghníomhaíocht eile a bhaineann le TF agus ar Thaighde. B'ionann an choigilt i Neamh-Phá agus €320,000.
Q.	1,495	Níor tharraing an tÚdarás aon chuid dá leithdháileadh buiséid neamhphá de €1,008,000 anuas le linn 2011 mar gheall ar bharrachas a bheith aige ina chuntas bainc. D'eascair an barrachas ó charnadh cistí chun an dliteanas teagmhasach a chlúdach, rud a bhain le bronnadh costas dlí, measta ag €1.7m, in aghaidh an Údaráis i gcás na hArd-Chúirte. Níor tháinig an dliteanas chun cinn i 2011 mar nár éisteadh achomharc an Údaráis chuig an Ard-Chúirt. Níor bhain an tÚdarás úsáid as a leithdháileadh buiséid phá iomlán mar nár tháinig ranníocaíochtaí breise fostóirí pinsin a ndearna an Roinn foráil bhuiséid dóibh chun cinn i 2011.
R.1	867	Bhí gannchaiteachas €426,792 i mbuiséad pá na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí mar nach raibh an Ghníomhaireacht in ann leibhéil foirne cheadaithe an Chreata Rialaithe Fostaíochta a bhaint amach le linn 2011. Bhí gannchaiteachas €440,454 sa bhuiséad neamhphá mar gheall ar laghdú ar eisíocaíochtaí airgeadais sna réimsí taighde sheachtraigh, dlí agus fógraíochta agus margaíochta. Tugadh suim de €87,000 ar ais don Státchiste i mí an Mhárta agus thug an Ghníomhaireacht €231,000 ar ais i mí na Samhna 2011.
R.2	378	Maoiníonn an Roinn costais neamhphá na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí tríd an bhfo-mhírcheann seo agus aisíocann an Ghníomhaireacht leis an Roinn ar aisíoc an tobhaigh. Ní raibh gá le suim de €130,000 mar gur laghdaigh an Banc Ceannais a tháille mheasa maidir le bailiú thobhach na seirbhísí airgeadais thar ceann na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí le linn 2011. Ní raibh gá le suim bhreise de €170,000 le haghaidh imeachtaí ionchasacha chun tobhaigh a ghnóthú ó aonáin seirbhísí airgeadais mhainneachtana mar go raibh an bailiú do thobhaigh do 2011 fós ar siúl. D'eascair iarmhéid an ghannchaiteachais (€77,799) ón gcaiteachas ar na Seirbhísí Airgeadais, Oideachais, Margaíochta agus Dáilte a bheith níos ísle ná mar a ceapadh.
S.2	156	Cheadaigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann líon foirne de 15 duine. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, b'ionann an líon foirne agus 14 duine. Mar gheall air seo, bhí gannchaiteachas i 2011
U.	167	Rinne an Roinn iarrachtaí chun íoslaghdú a dhéanamh ar chaiteachas ar chomhairleachtaí i gcomhréir le cinntí an Rialtais roimhe agus le treoracha an Roinn Airgeadais sna blianta beaga anuas, agus leathnaíodh an cur chuige sin chuig an bhfó-mhírcheann Taighde.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
X.1	218	Tá sé deacair caiteachas a d'fhéadfadh a bheith ann faoin bhFo-mhírcheann seo a thuar go cruinn. Rinneadh coigiltí ar fud gach ní ainmniúil san fho-mhírcheann seo mar gheall ar na bearta laghdaithe costais a rinneadh le linn na bliana.
X.2	1,569	Soláthraítear an meastachán san Fho-mhírcheann seo chun raon de chostais dlí atá deacair a thuar go cruinn a chlúdach. D'eascair coigiltí go príomha mar nár tháinig costais dlí réamh-mheasta chun cinn ina dhiaidh sin.
X.3	171	Mar aon le híocaíochtaí i leith scor éigeantach agus íocaíochtaí pinsin le baill scortha na Cúirte Oibreachais, is í an chúis atá leis an éagsúlacht idir an tsuim soláthraithe sa mheastachán agus an toradh go ndearnadh foráil do scoir fhéideartha mar gheall ar leathnú na tréimhse breise ina raibh scoir bunaithe ar thuarastail (réamhghearrtha) i 2009. Rinneadh forálacha freisin do theagmhais amhail scoir dhrochshláinte nó Bás i Seirbhís. Is gá forálacha teagmhasacha a dhéanamh mar gheall ar a nádúr gan choinne.

4 Fáltais

4.1 Leithreasuithe i gCabhair

€000	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta	2,020	3,152	4,486
2. Táillí Ceadanna Oibre	5,500	2,868	3,816
3. Ceadúnais do Ghníomhaireachtaí Fostaíochta	230	216	223
4. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	18,000	20,604	20,254
5. Clárlann na gCara-Chumann	100	101	—
6. Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna, 1963 agus faoi Acht na bPaitinní, 1964	9,000	8,271	8,978
7. Ceadúnais Trádála Ócáidí	8	4	3
8. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí	374	383	370
9. Fógraí Cumaisc	320	320	384
10. Fáltais ó GFT Éireann	—	—	13,836
11. Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	50	211	22
12. Forbairt Fiontar Contae	350	27	332
13. Ilghnéitheach	70	176	1,229
14. Fáltais ón Údarás Iomaíochta	—	400	1
15. Beartas Fiontraíochta (Idir-Thrádáil Éireann)	50	93	37
16. An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí – Deontas le haghaidh Faisnéis Airgeadais agus feidhmeanna oideachais	2,000	1,563	—
17. Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	241	490	313
18. Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta	1,909	1,909	1,233
19. Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta	600	369	522
20. GFT Éireann – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)	2,290	2,371	2,586
21. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha)	1,040	1,138	1,143
22. Fáltais ó asbhaint Phinsean-ábhartha ar luach saothair Seirbhíse Poiblí	11,477	11,419	13,555
Pinsin FÁS [1]	—	—	*1,226*
Pinsin FÁS – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) [1]	—	—	*1,223*
Ciste Sóisialta na hEorpa [1]	—	—	*5,952*
Iomlán	**55,629**	**56,085**	**81,724**

[1] Aistríodh an tSeirbhís chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna le héifeacht ón 1 Bealtaine 2010

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos ná an tsuim a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a measadh.

Ceann-teideal	Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000	Míniú
1	(1,132)	Aistríodh an fhreagracht as riarachán na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, le haistriú comhfhreagrach foirne lárnaí agus buiséad bainteach. Sannadh acmhainní suntasacha foirne, áfach, don obair go fóill go dtí aistriú foirmiúil an riaracháin, rud a bhí ar siúl ag deireadh mhí Mheán an Fhómhair agus a thugann cúiseanna leis an gcúiteamh níos airde bainteach leis na scéimeanna sin ná a measadh.
2	2,632	Is féidir an laghdú ar fháltais a chur den chuid is mó i leith €2m a cuireadh san áireamh sa Mheastachán 2011 ar dtús chun cúis a thabhairt leis an bhféidearthacht go bhféadfaí ioncam táille teacht aníos mar thoradh ar an mbunú creata, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, chun tabhairt faoi shaincheist na mac léinn am istigh agus faoin gcor chun donais leanúnach sa gheilleagar freisin, rud a bhí ina chúis le laghdú ar éilimh le haghaidh ceadanna.
4	(2,603)	Tá pionóis ar chomhdú mall chomh mór sin in ioncam san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus is deacair réamhaisnéis a dhéanamh ó bhliain go bliain ar líon na gcuideachtaí a bheidh mall le comhdú a dtuairisceán bliantúil. Bhí treocht anuas ann in ioncam na hOifige um Chlárú Cuideachtaí le blianta beaga anuas agus, mar thoradh air sin, measadh meastachán €18m a bheith stuama do 2011. Bhí ioncam níos airde ná lena rabhthas ag coinne i 2011, de bharr méadaithe ar phionóis ar chomhdú mall, go príomha, i gcomparáid le 2010.
6	729	D'imir cúngú i ngníomhaíocht ghnó in Éirinn a raibh an cúlú mar chúis leis drochthionchar ar fháltais táille na hOifige go pointe níos mó ná lena rabhthas ag coinne. De bhreis air sin, ní bhfuarthas go dtí mí Eanáir 2012 roinnt fáltas ón EDMI de mhéid €109,134 a bhí dlite le híoc i mí na Nollag 2011.
11	(160)	Is deacair réamhaisnéis a dhéanamh ar líon na bhfáltas mar is deacair costais a bhronntar ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. B'ionann an meastachán €50,000 agus figiúr barúlach.
12	332	Is figiúr ainmniúil é an meastachán, atá táscach maidir leis an gcumas atá ag airgead deontais na mBord Fiontar Contae arna scaipeadh le linn bliana roimhe sin a bheith le tabhairt ar ais ag tionscnóirí tionscadal micreathionscadail i gcás nach bhfuil siad incháilithe le haghaidh an deontais níos mó. Ní bhfuarthas an t-airgead sin i 2011. Ina theannta sin, mar gheall ar líon níos airde scor foirne ná lena rabhthas ag coinne, bhí ioncam ranníocaíochta ó na scéimeanna pinsin níos lú ná na híocaíochtaí amach lena rabhthas ag coinne. Seasann an figiúr ioncaim €26,842 d'fháil mhall ranníocaíochtaí scéim pinsean fhoireann na mBord Fiontar Contae do 2010, arna bhfáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Eanáir 2011.
13	(106)	Mar gheall ar a nádúr is deacair tuar a dhéanamh maidir le leibhéal na bhfáltas a gheofar faoin gcatagóir seo. Cuimsíonn an barrachas roinnt fáltas ilghnéitheach.

Ceann-teideal	Níos lú/ (níos mó) ná a measadh €000	Míniú
14	(400)	Bhí an fáltas i ndáil leis an socrú costas i ngníomh forfheidhmiúcháin an Údaráis Iomaíochta san Ard-Chúirt in aghaidh Shochaí Forbartha an Tionscail Mhairteola. D'astarraing an cosantóir a chosaint i mí Eanáir 2011 agus scriosadh an cás amach. Chomhaontaigh an tÚdarás le scriosadh amach an cháis ar an mbonn go ndearna an cosantóir ranníocaíocht shuntasach le costais dlí an Údaráis. B'ionann an ranníocaíocht seo agus €400,000.
16	437	Déantar faisnéis airgeadais agus feidhmeanna oideachais na Gníomhaireachta a mhaoiniú trí bhíthin tobhaigh ar aonáin rialáilte seirbhíse airgeadais. Maoiníonn an Roinn na costais neamhphá agus déanann an Ghníomhaireacht aisíocaíocht leis an Roinn tar éis chúiteamh an tobhaigh seo, arb ionann é agus socrú neodrach Státchiste. Tháinig an t-athraitheas seo aníos toisc nach bhfuair an Ghníomhaireacht an t-airgead ar fad a bhí dlite di ón tobhach i 2011 agus aisíocadh an t-iarmhéid leis an Roinn i 2012.
17	(249)	Soláthraíonn an Státchiste 50%, a bheag nó a mhór, de chistiú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann. Is í an mheicníocht i leith chur ar fáil an chistithe seo go soláthraíonn an Roinn seirbhísí párolla d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus go n-íocann an Roinn tuarastal foirne na Gníomhaireachta ar fad. Ós rud é go sáraíonn costas na dtuarastal an riachtanas cistithe, d'aisíoc Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann an difríocht. Bhí an aisíocaíocht níos mó ná lena rabhthas ag coinne mar nár earcaigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann a líon lán foirne faoi dheireadh na bliana.
19	231	Baineann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ranníocaíochtaí pinsin as a chuid fostaithe trína chóras párolla. Cuireann sé na ranníocaíochtaí seo agus airgead aoisliúntais eile glan ó chnapshuimeanna scoir/aiscí báis srl. ar ais chuig an Roinn gach mí. B'ionann an ollranníocaíocht aoisliúntais arna fáil agus €664,179 san iomlán. Asbaineadh €279,979 i ndáil le cnapshuimeanna/aiscí báis srl. a íocadh, rud a d'fhág €384,200 a bheadh le cur ar ais chuig an Roinn. Laghdaigh aisce bháis agus aisce scoir nach raibh réamh-mheasta an méid a aisíocadh. Cuireadh íocaíocht aoisliúntais na Nollag de €14,986 ar ais i 2012.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	Measta €	Réadaithe €
Creidmheas Easpórtála – aisghabhálacha ón Iaráic	50,000	—
GFT Éireann – fáltais ón Tionscadal Idirnascachta	—	45,985
GFT Éireann – Reatha	—	20,000
GFT Éireann – Caipiteal (C2, C3)	—	110,000
Fiontraíocht Éireann – Reatha (D1, D2, F1, G1)	—	3,320,822
Fiontraíocht Éireann – Caipiteal (D2, D3)	—	33,299,924
Forfás – Reatha	1,232,000	1,232,000
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta – Aisíocaíocht Costas Bunaithe	—	6,937,640
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	99,000	99,314
Fondúireacht Eolaíochta Éireann - Caipiteal (F)	—	20,436
An tSochaí Faisnéise – Aisíocaíocht i ndáil le tionscadail de chuid	—	10,122
Ilghnéitheach	—	685,397
	1,381,000	45,781,640

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2011	2010
Líon Foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	831	861

	2011 €000	2012 €000
Pá	38,180	41,197
Liúntais i leith dualgas níos airde, speisialta nó breise	631	763
Liúntais eile	430	382
Ragobair	345	722
ASPC Fostóra	2,066	2,215
Pá Iomlán	**41,652**	**45,279**

Nóta: Gearrtar pá iomlán €41.652m ar fho-cheannteidil A.1, A.3, A.9, A.10, A.11 agus S.1.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon Faighteoirí	Faighteoirí de €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2011 €	Uasíocaíocht aonair 2010 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	97	4	20,614	24,026
Liúntais eile	191	3	69,127	56,316
Ragobair	142	8	12,831	19,266

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Níor íocadh aon íocaíochtaí feidhmíochta ná fiúntais i 2011.

5.3 Socruithe Luach Saothair Eile

Íocadh €14,196 san iomlán le triúr státseirbhíseach ar scor a bhí rannpháirteach i ndualgais éagsúla an athuair le linn 2011.

6 Ilghnéitheach

6.1 Cistiú ón AE

Ní bhfuair aon fhorais faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón AE i 2011.

Fo-theideal	Tuairisc	2011 Iomlán €	2010 Iomlán €
E.2.	Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionainne	—	206,857
		—	206,857

6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain an cheaptha	2011 €	2010 €
An Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil	2004	—	53,706
Comhchoistí Oibreachais [1]	1946	18,746	18,036
Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí	1994	—	15,246
Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí	2000	19,966	23,780
Grúpa ar Rialúchán Gnó	2006	15,054	36,970
Sábháilteacht san Ionad Oibre	2002	140,000	200,000
Coiste Iniúchta na Ranna	2004	4,500	498
Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin	2009	9,173	4,197
Iomlán		207,439	352,433

[1]I mí Iúil 2011, d'aimsigh Rialú ón Ard-Chúirt go raibh oibriúchán an Chórais Choimhchoistí Oibreachais

6.3 Aisíoc na dTáillí um Cheadanna Fostaíochta

Go mall i 2011, shonraigh athbhreithniú ar an mbonn dlí le haghaidh táillí a ghearradh ar Cheadanna Fostaíochta gur cheart don uastáille chuí le haghaidh na hathnuachana ceada d'fhostaithe na chéad uaire a bheith mar €1,500 agus ní €2,250, faoi na rialacháin reatha. Tá socruithe á ndéanamh chun an líon beag iarrthóirí ceada a d'aisíoc an táille níos airde a aisíoc. Déanfar na haisíocaíochtaí seo i 2012 agus meastar gurb ionann an aisíocaíocht iomlán atá dlite agus €12,000.

6.4 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas Íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987

	Carnach go dtí an 31 Nollaig 2011 €	Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €	Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 €
An méid a fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta	2,890,713,003	310,750	544,455
An méid a d'íoc an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach sa Státchiste	2,890,713,003	310,750	544,455

Vóta 35 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, tá ceanglas orm gach bliain Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina pháirt den Chuntas seo.

Aistriú na bhfeidhmeanna

Ullmhaíodh an Cuntas seo faoi réir Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 2011. Áiríonn Meastachán Athbhreithnithe 2011 na haistrithe feidhmeanna seo a leanas:

■ Aistríodh feidhmeanna Gaeilge, Gaeltachta agus Oileán go ginearálta chuig an Roinn le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 164 de 2011) agus, i ndáil le cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht, ar an 1 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 216 de 2011). Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh in iar-Vóta 27 (Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo. I gcás fheidhm phleanála na Gaeltachta arna aistriú ar an 1 Meitheamh 2011, ní raibh aon chaiteachas sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Meitheamh 2011.

■ Aistríodh feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 195 de 2011). Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh in iar-Vóta 27 (Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

■ Aistríodh feidhmeanna Turasóireachta agus Spóirt go ginearálta, leithéidí Campas Spóirt Éireann agus an Chomhairle Spóirt, chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 32) le feidhm ó 1 Aibreán 2011 (I.R. uimh. 140 ó 2011) agus, maidir le gach feidhm eile Turasóireachta agus Spóirt, aistríodh leithéidí cláir an Chaipitil Spóirt agus na Linnte Snámha agus Turasóireacht Éireann, ar 1 Meitheamh 2011 (I.R. uimh. 2017 ó 2011). Tá gach cineál caiteachais Turasóireachta agus Spóirt ó 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta 32.

■ Aistríodh feidhmeanna oidhreachta chuig an Roinn ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar a bhí (Vóta 25) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 192 de 2011). Tá an caiteachas Oidhreachta uile ón 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

■ Tá an caiteachas ealaíon uile ón 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

Baineann na figiúirí comparáideacha do 2010 atá le fáil sa chuntas leis an iar-Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (Vóta 35)

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh Cuntais Leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an Chuntais, cé is móite den méid seo a leanas:

Dímheas

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

De réir bheartas na hiar-Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ní dhearnadh réadmhaoin stairiúil áirithe, leithéidí páirceanna agus sócmhainní oidhreachta ar nós déantúsán agus lámhscríbhinní a luacháil.

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh

Chomh maith leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh atá i bhfeidhm sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Seosamh Ó hÁghmall
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
30 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 35: Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam gur choinnigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
6 Méan Fomhair 2012

Vóta 35 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht
Cuntais Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar an mheastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pánna agus liúntais	30,462	30,696	9,347
A.2.	Taisteal agus cothú	1,539	1,164	208
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	926	417	180
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	660	578	257
A.5.	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,385	1,272	281
A.6.	Costais áitreabh oifige	875	676	351
A.7.	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí	211	36	64
	Fógraíocht agus poiblíocht	—	—	*9*
	Athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí	—	—	*4*
Na hEalaíona agus Cultúr				
B.1.	Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil	56	29	28
B.2.	Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta	1,458	1,522	1,775
B.3.	Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (deontas-i-gcabhair)	12,896	12,896	14,069
B.4.	Iarsmalanna, dánlanna, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha	4,297	4,296	4,418
B.5.	Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha	8,265	8,460	15,463
B.6.	Cultúr Éireann	6,997	6,994	5,070
B.7.	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) (deontas i gcabhair)	65,167	65,163	68,649
B.8.	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann (deontas i gcabhair)	14,240	14,240	15,125
B.9.	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (deontas i gcabhair)	8,084	8,084	9,251

Seirbhís	2011 Soláthar an mheastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
	€000	€000	€000
Na hEalaíona agus Cultúr			
B.10. Bord Scannán na hÉireann (deontas i gcabhair)	18,431	18,431	19,272
Oidhreacht			
C.1. Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,992	5,992	—
C.2. Oidhreacht thógtha	3,666	3,509	—
C.3. Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	14,034	13,617	—
C.4. Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann	375	375	—
An Ghaeilge agus an Ghaeltacht			
D.1. Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta	9,076	9,454	—
D.2. Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,379	5,456	—
D.3. An Coimisinéir Teanga	471	431	—
D.4. Údarás na Gaeltachta - toghchán	1	—	—
D.5. Údarás na Gaeltachta - riarachán	6,848	6,848	—
D.6. Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha	2,475	2,475	—
D.7. Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh	5,500	5,500	—
D.8. Na hOileáin	6,713	6,808	—
Comhoibriú Thuaidh/Theas			
E.1. An Foras Teanga	12,434	11,707	—
E.2. Uiscebhealaí Éireann	20,176	20,176	—
Seirbhísí Turasóireachta	—	—	*140,837*

	Seirbhís	2011 Soláthar an mheastacháin	2011 Táirgeacht	2010 Táirgeacht
		€000	€000	€000
	Seirbhísí Spóirt agus Caitheamh Aimsire	—	—	*113,041*
	Rásaíocht Capall agus Con	—	—	*32,788*
	Ollchaiteachas	**269,089**	**267,302**	**450,487**
F.	**Lúide Leithreasaí-i-gcabhair**	**4,990**	**5,614**	**4,628**
	Glanchaiteachas	**264,099**	**261,688**	**445,859**
	Barrachas don bhliain		**€2,410,967**	**€19,050,334**
	Tabhairt suas a iarchur		—	**€5,000,000**
	Barrachas le tabhairt suas		**€2,410,967**	**€14,050,334**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			34,839	10,701
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			232,463	439,786
Ollchaiteachas			267,302	450,487
Lúide				
Leithreasaí-i-gcabhair			(5,614)	(4,628)
Glanchaiteachas			261,688	445,859
Athruithe i sócmhainní caipitil				
Airgead Ceannachán		(768)		
Dímheas		1,376		
Caillteanas ar chur de láimh		6	614	89
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí airgid			(115)	—
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(433)		
Méadú ar stoc		(222)		
Caiteachas díreach			(655)	11
			261,532	445,959
Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara	1.1		8,884	10,678
Measchíosanna			4,182	5,663
Costas iomlán oibriúcháin			**274,598**	**462,300**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 35 agus a íocadh in áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,135	5,514
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	4,148	4,476
19	Cóir agus Comhionannas - Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais	62	386
20	An Garda Síochána	377	202
	Lárchiste - pinsin Aireachta etc.	162	100
		8,884	**10,678**

2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	40,324	2,699
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	8,598	—
		48,922	**2,699**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	10,774	10,135
Stoic	2.4	262	40
Réamhíocaíochtaí		1,108	41
Ioncam fabhraithe		219	261
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,124	261
Iomlán na sócmhainní reatha		**13,487**	**10,738**
Lúide fiachais reatha			
Costais fabhraithe		823	231
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,486	938
Glandliteanas don Státchiste	2.7	10,412	9,458
Iomlán na bhfiachas reatha		**12,721**	**10,627**
Glansócmhainní reatha		**766**	**111**
Glansócmhainní		**49,688**	**2,810**
Ionannaithe ag:			
Cuntas chiste an stáit		**49,688**	**2,810**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh	Fearais agus Innealra	Oifig Trealamh	Troscán agus feistis	Iomláin
	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ar an 1 Eanáir 2011	—	—	3,025	3,668	6,693
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	33,272	8,963	788	2,554	45,577
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	—	—	2,466	233	2,699
Coigeartú de bharr athrangaithe	1,774	—	—	(1,774)	—
Breiseanna	403	47	232	86	768
Sócmhainní a aistríodh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	—	—	(49)	(10)	(59)
Diúscairtí	—	—	(55)	(39)	(94)
Ollsócmhainní ar an 31 Nollaig 2011	**35,449**	**9,010**	**6,407**	**4,718**	**55,584**
Dímheas carntha:					
Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir 2011	—	—	2,399	1,595	3,994
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	8	6,672	602	453	7,735
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	—	—	2,104	167	2,271
Coigeartú do shócmhainní a aistríodh	98	—	—	(98)	—
Dímheas don bhliain	38	695	432	211	1,376
Sócmhainní a aistríodh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	—	—	(20)	(8)	(28)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(54)	(34)	(88)
Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2011	144	7,367	5,463	2,286	15,260
Glansócmhainní caipitil ar an 31 Nollaig 2011	**35,305**	**1,643**	**944**	**2,432**	**40,324**
Glansócmhainní caipitil ar an 31 Nollaig 2010	**—**	**—**	**626**	**2,073**	**2,699**

Glacadh le sócmhainní TEC suas go holl-luach de €131,000, a aithníodh le diúscairt ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lena ndiúscairt ar son na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Níor cuireadh na sócmhainní seo le haghaidh diúscartha san áireamh i gclár na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ós rud é nach raibh sé riamh i gceist iad a úsáid ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

2.2 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ar an 31 Nollaig	Aerstráicí atá á bhforbairt
	€000
Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2011	—
Aistrithe ón RGPCG ar an 1 Bealtaine 2011	8,483
Íocaíochtaí airgid sa bhliain	115
Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní	—
	8,598

2.3 Banc agus airgead tirim

	2011	2010
	€000	€000
Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta	11,423	12,327
Orduithe gan réiteach	(649)	(2,192)
	10,774	10,135

2.4 Stoic

ar an 31 Nollaig	2011	2010
	€000	€000
Ábhar tógála agus gléasraí beaga	73	—
Breoslaí agus leasacháin	28	—
Stáiseanóireacht	23	23
Trealamh intomhalta	12	—
Soláthair na bhfeighlithe agus garchabhair	29	—
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	39	17
Ilghnéitheach	58	—
	262	40

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ar an 31 Nollaig	2011	2010
	€000	€000
Oifig na nOibreacha Poiblí	130	20
Eile	994	241
	1,124	261

2.6 Iarmhéideanna sochair eile ar an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	531	142
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	236	75
Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla	13	10
Cáin Bhreisluacha	12	61
Asbhaintí pinsin	76	32
	868	320
Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2)	459	525
Eile	159	93
	1,486	938

2.7 Glandliteanas don Státchiste ar an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Barrachas le tabhairt suas	2,411	19,050
Exchequer grant overdrawn	8,001	(9,592)
Glandliteanas don Státchiste	10,412	9,458
Ionannaithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	10,774	10,135
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,124	261
	11,898	10,396
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(868)	(320)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(618)	(618)
	(1,486)	(938)
	10,412	9,458

2.8 Gealltanais	2011 €000	2010 €000
(a) Gealltanais domhanda		
Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí	21,242	4,900

	Caiteachas 2003-2010 €000	Caiteachas 2011 €000	Na blianta ina dhiaidh sin €000	Costas iomlán €000
(b) Gealltanais chaipitil ilbhliantúla				
ACCESS (deontais forbartha cultúir)	66,128	5,267	21,353	92,748
Tionscadail chaipitil ealaíon eile	95,146	2,717	2,416	100,279
Cé Chill Rónáin	40,410	2,817	866	44,093
Cé an Chalaidh Mhóir	13,922	82	—	14,004
	215,606	10,883	24,635	251,124

2.9 Dliteanais aibithe

Ba é luach na ndliteanas aibithe gan íoc ag deireadh na bliana ná €20,455.

3 Éagsúlachtaí ar Chaiteachas

3.1Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fo-mhírcheann caiteachais sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5% (25% i gcás fo-mhírchinn riaracháin) idir an táirgeacht agus an méid a cuireadh ar fáil:

Fomhírcheann	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000	Míniú
A.3.	509	Sa tréimhse idir bhunú na Roinne agus deireadh bliana, rinneadh atheagrú suntasach ar na struchtúir thacaíochta chorparáideacha agus thóg sé am roinnt próiseas/tacaíochtaí a bhunú. Sa chomhthéacs sin, laghdaíodh an t-éileamh ar fho-mhírcheann A3 le hais blianta eile.
A.7.	175	D'eascair an coigilteas ós rud é gur cuireadh bearta i gcrích le cinntiú nach dtabharfaí ach faoi chomhairleachtaí bunriachtanacha i 2011.
E.1.	727	D'eascair an coigilteas ós rud é nár cuireadh tús le tionscadal molta taighde faoin nGaeilge faoi mar a bhí beartaithe agus ós rud é go raibh moill ann maidir le hearcú foirne i 2011.

3.2 Comparáid chaiteachais d'aistriú na bhfeidhmeanna

Léiríonn an tábla thíos caiteachas iomlán na bliana d'fho-mhírchinn iomlána na Gaeilge agus na Gaeltachta agus Comhoibriú Thuaidh Theas a bhí ina chuid de Vóta 27 agus 25 faoi seach go dtí an 30 Aibreán 2011.

Cur Síos ar an bhFo-mhírcheann			2011	2010
	Vóta 27 €000	Vóta 35 €000	Iomlán €000	Iomlán €000
An Ghaeilge agus an Ghaeltacht				
D.1. Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta	1,424	9,454	10,878	18,231
D.2. Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	1,221	5,456	6,677	8,001
D.3. An Coimisinéir Teanga	199	431	630	743
D.4. Údarás na Gaeltachta - Toghchán	—	—	—	—
D.5. Údarás na Gaeltachta - Riarachán	3,452	6,848	10,300	11,000
D.6. Údarás na Gaeltachta - Caiteachas an chláir reatha	825	2,475	3,300	3,915
D.7. Údarás na Gaeltachta – Deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh	500	5,500	6,000	18,000
D.8. Na hOileáin	2,687	6,808	9,495	17,021
Comhoibriú Thuaidh/Theas				
E.1. An Foras Teanga	4,166	11,707	15,873	16,199
E.2. Uiscebhealaí Éireann	10,124	20,176	30,300	32,919
Oidhreacht (Vóta 25)				
C.1. Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	—	—	5,992	8,482
C.2. Oidhreacht thógtha	—	—	3,509	15,502
C.3. Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	—	—	13,617	26,908
C.4. Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann	—	—	375	436

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. An Chartlann Náisiúnta	56	30	29
2. Fáltais ilghnéitheacha	411	715	206
3. Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó léasú na gceart iascaigh srl.)	120	156	395
4. Díol maoine	25	10	—
5. Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra	375	790	—
6. Táillí/muirir a bhaineann le haerstráicí	57	1	—
7. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa	3,946	3,912	3,465
Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann Teoranta	—	—	*440*
Fáltais phinsin Chomhairle Spórt na hÉireann	—	—	*57*
Fáltais phinsin Bhord Scannán na hÉireann	—	—	*36*
Iomlán	**4,990**	**5,614**	**4,628**

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

Ceannteideal	Níos lú/(mó) ná mar a bhí measta €000	Míniú
2	(304)	D'eascair an farasbarr mar gheall ar fháltais phinsin a bheith faighte ó ghníomhaireachtaí a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis.
5	(415)	D'eascair an farasbarr mar gheall ar leibhéal fáltas sna Páirceanna Náisiúnta a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis, go príomha de thairbhe mhéadú líon na gcuairteoirí agus de thairbhe na bhfáltas gaolmhar ó Pháirc Náisiúnta Chill Airne agus ó Theach Mhucros.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Meánlíon foirne (ionann agus lánaimseartha)	609	153
	€000	**€000**
Pá	27,941	8,694
Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise	164	46
Liúntais eile	299	60
Ragobair	435	131
ÁSPC an fhostóra	1,857	416
Pá iomlán	**30,696**	**9,347**

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon fáltas	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2011	2010
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó	31	5	15,093	13,644
Liúntais eile	277	—	6,209	15,121
Ragobair	229	7	18,180	12,812

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise in níos mó ná catagóir amháin.

6 Ilghnéitheach

6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Faoi fho-mhírchinn B.7, C.1 agus D.2, rinne an Crannchur Náisiúnta páirtmhaoiniú ar chaiteachas iomlán de €76.611 milliún. Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fhomhírcheann D.2 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.ahg.gov.ie).

6.2 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas

Léiríodh an tabhairt anonn chaipitil de €5 mhilliún don iar-Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (Vóta 35) sna Meastacháin Athbhreithnithe do na Seirbhísí Poiblí 2011 don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 32).

7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Íocaíochtai i leith Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, An Ceoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann B.3).

	2011	2010
	€000	€000
Íocaíochtaí		
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	6,093	6,671
Leabharlann Chester Beatty	2,579	2,714
An Ceoláras Náisiúnta	2,874	3,105
Áiléar Crawford, Corcaigh	1,350	1,579
	12,896	14,069

7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	525	622
Íocaíochtaí	(66)	(97)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	459	525

7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithe Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh i leith Tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

		2011	2010
		€000	€000
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir		228	276
Ús fabhraithe pionósach bliantúil		5	4
Díscríobh iasachtaí		—	(12)
Aisíocaíochtaí			
Príomhshuim	(10)		
Ús	(5)	(15)	(40)
Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig		218	228

Vóta 36 Cosaint

Réamhra

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin; ar phá agus ar chostais Óglaigh na hÉireann; agus ar íoc deontas i gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna gcur ar fáil ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil soláthair in 2011, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2010, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Luacháil Stoic

Déantar stoic mhíleata a luacháil ag meánchostas. Déantar stoic eile a luacháil ag an luach ceannaigh is déanaí.

Dímheas

Déantar sócmhainní míleata a dhímheas go luachanna iarmharacha ar rátaí idir 3% - 20% in aghaidh na bliana agus an modh de réir méid chothroim á úsáid.

Sócmhainní Caipitil

Tá clár sonrach á choimeád de thailte agus d'fhoirgnimh atá faoi riar na Roinne Cosanta. Ós rud é nach bhfuil luachanna ar fáil do gach ceann de na maoine seo, ní áirítear iad leis an ráiteas faoi shócmhainní caipitil (Nóta 2.1).

Cuimsíonn an ráiteas sócmhainní caipitil gach cineál trealaimh mhíleata agus gach sócmhainn TE ach ní chuirtear san áireamh ann troscán agus feistis go bhfuil costas níos lú ná €600.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Cosanta.

Michael Howard
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta
29 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 36: Cosaint le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Lúnasa 2012

Vóta 36 Cosaint
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís			2011 Soláthar don mheastachán	2011 Caiteachas	2010 Caiteachas
		€000	€000	€000	€000
Riarachán					
A.1.	Tuarastail, pánna agus liúntais		17,485	16,065	16,417
A.2.	Taisteal agus cothú		369	407	210
A.3.	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha		280	194	219
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		900	723	934
A.5.	Trealamh oifige agsu seirbhísí IT seachtracha		2,400	2,065	2,302
A.6.	Costais áitreabh oifige		1,716	1,262	1,036
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais		50	—	93
Óglaigh na hÉireann					
B.	Na Buan-Óglaigh: pá		442,374	421,329	433,235
C.	Na Buan-Óglaigh: liúntais		43,600	42,245	44,144
D.	Na hÓglaigh Cúltaca: pá, etc.		4,386	3,935	4,014
E.	Séiplínigh agus eaglaisigh feidhmithe: pá agus liúntais		1,225	1,172	1,175
F.	Sibhialtaigh a bhaineann le haonaid: pá, etc.		35,746	32,779	34,457
G.	Trealamh cosanta		32,000	36,617	37,412
H.	An tAerchór: trealamh agus costais		16,400	15,488	16,800
I.	Iompar míleata		15,000	14,372	15,812
J.	An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus costais		21,400	30,542	37,087
K.	Costais bheairicí agus trealamh innealtóireachta		15,028	15,119	15,896
L.	Foirgnimh				
	Soláthar na bliana reatha	17,000			
	Tabhairt suas a iarchur	1,500	18,500	16,943	17,875
M.	Ordanás, éadaí agus lónadóireacht		21,000	19,823	19,627
N.	Cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise		7,640	7,683	10,205
O.	Traenáil mhíleata		2,400	2,390	3,716
P.	Seirbhísí taistil agus lasta		5,200	2,600	10,489
Q.	Costais leighis		3,000	2,896	3,019
R.	Tailte		1,049	1,179	1,037
S.	Eachaíocht		900	898	868
T.	Cúiteamh		6,000	4,884	4,135
U.	Caiteachas ilghnéitheach		3,495	2,722	4,054

	Seirbhís		**2011**	**2011**	**2010**
			Soláthar don mheastachán	**Caiteachas**	**Caiteachas**
		€000	**€000**	**€000**	**€000**
V.	Costais dhíreacha de thoradh rannpháirtíocht na hÉireann i mBeartas Eorpach Slándála agus Cosanta an AE		900	583	600
W.	An Bord Cosanta Sibhialta (deontas i gcabhair)		5,585	5,585	6,061
X.	Cros Dhearg na hÉireann (deontas i gcabhair)		951	951	951
	Ollchaiteachas				
	Soláthar na bliana reatha	725,479			
	Tabhairt suas a iarchur	1,500	**726,979**	**703,451**	**743,880**
	Asbhain				
Y.	**Leithreasaí-i-gcabhair**		**46,749**	**42,509**	**50,149**
	Glanchaiteachas				
	Soláthar na bliana reatha	678,730			
	Tabhairt suas a iarchur	1,500			
			680,230	**660,942**	**693,731**
	Farasbarr don bhliain			**€19,288,433**	**€12,793,851**
	Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas			**€500,000**	**€1,500,000**
	Farasbarr le tabhairt suas			**€18,788,433**	**€11,293,851**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			20,716	21,211
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			682,735	722,669
Ollchaiteachas			703,451	743,880
Asbhain				
Leithreasaí-i-gcabhair			42,509	50,149
Glanchaiteachas			660,942	693,731
Athruithe ar shócmhainní caipitil				
Ceannacháin (airgead)		(21,017)		
Dímheas		39,171		
Caillteanas ar dhiúscairtí		2,076	20,230	2,801
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí airgid			(9,752)	(10,829)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(18,446)		
Méadú ar stoc		(24,206)		
			(42,652)	(32,128)
Caiteachas díreach			628,768	653,575
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		8,081	7,941
Cíosanna barúlacha			1,951	4,579
Costas iomlán oibriúcháin			**638,800**	**666,095**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna measta a leanas i ndáil le Vóta 36 a taobhaíodh in áit eile agus suimeanna iompartha ar an vóta maidir le seirbhísí eile:

Vóta		2011 €000	2010 €000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	(413)	(411)
2	Roinn an Taoisigh	(75)	(75)
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	9,020	9,009
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	766	667
20	An Garda Síochána	58	207
37	Pinsin Airm	(1,726)	(1,734)
	An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí etc.	451	278
		8,081	**7,941**

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	363,474	383,946
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	3,570	4,062
		367,044	**388,008**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	1,419	16,103
Stoic	2.4	269,617	245,411
Réamhíocaíochtaí	2.5	49,076	32,098
Ioncam fabhraithe		1,967	550
Iarmhéideanna eile dochair	2.6	2,524	1,838
Iomlán na sócmhainní reatha		**324,603**	**296,000**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		2,319	2,640
Ioncam iarchurtha		44	16
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.7	254	14,646
Glandliteanas don Státchiste	2.8	3,689	3,295
Iomlán na ndliteanas reatha		**6,306**	**20,597**
Glansócmhainní reatha		**318,297**	**275,403**
Glansócmhainní		**685,341**	**663,411**
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		**685,341**	**663,411**

2.1 Sócmhainní caipitil

	De chuid an airm trealamh	Oifig/IT trealamh	Troscán agus feistis	Iomláin
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2011	853,394	42,313	3,400	899,107
Breiseanna	18,826	1,751	198	20,775
Diúscairtí	(9,335)	(1,600)	(35)	(10,970)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2011	862,885	42,464	3,563	908,912
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2011	477,782	35,722	1,657	515,161
Dímheas don bhliain	36,766	2,183	222	39,171
Dímheas ar dhiúscairtí	(7,359)	(1,507)	(28)	(8,894)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2011	507,189	36,398	1,851	545,438
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	**355,696**	**6,066**	**1,712**	**363,474**
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2010	**375,612**	**6,591**	**1,743**	**383,946**

Riarann an Roinn Cosanta tailte (tuairim is 8,200 heicteár) agus foirgnimh ag 100 ionad éagsúil, chomh maith le 20 maoin lasmuigh de bheairicí atá ann mar cheathrúna pósta. Táthar fós ag iarraidh na réadmhaoine seo a chur de láimh. Mar a chuirtear in iúl sa réamhrá, ní áirítear talamh agus foirgnimh leis an ráiteas seo.

2.2 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

amhail an 31 Nollaig	Conarthaí tógála
	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2011	4,062
Íocaíochtaí airgid don bhliain	9,752
Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní[1]	(10,244)
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011	3,570

[1]Aistriú barúlach chuig clár na sócmhainní. Ní thaispeántar talamh agus foirgnimh sa Shócmhainní Caipitil.

2.3 Banc agus Airgead amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta, banc agus airgead tirim	4,783	17,098
Orduithe íocaíochta gan íoc	(3,364)	(995)
	1,419	16,103

2.4 Stoic amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Stoic mhíleata	269,550	245,342
Páipéarachas, etc.	24	25
Ábhar inchaite IT, etc.	43	44
	269,617	245,411

2.5 Iarmhéideanna eile dochair amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Tógáil árthaí cabhlaigh	38,720	22,000
Eile	10,356	10,098
	49,076	32,098

2.6 Iarmhéideanna eile dochair amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Fionraí	2,524	1,838
	2,524	1,838

2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Méideanna dlite don Stát		
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	(13)	6,303
Cáin ioncaim	64	4,083
Cáin bhreisluacha	(23)	3,240
Tobhacht ar ioncaim	—	743
Cáin chonarthaí iomchuí	—	97
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	148	96
Ranníocaíochtaí pinsin	13	20
	189	14,582
Asbhaintí ó thuarastail	6	32
Fionraí	59	32
	254	14,646

2.8 Glandliteanas don Státchiste amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Farrasbarr le tabhairt suas	18,788	11,294
Tabhairt suas a iarchur	500	1,500
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(15,599)	(9,499)
Glandliteanas don Státchiste	3,689	3,295
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	1,419	16,103
Iarmhéideanna eile dochair	2,524	1,838
	3,943	17,941
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(189)	(14,582)
Iarmhéideanna eile creidmheasa	(65)	(64)
	(254)	(14,646)
	3,689	3,295

2.9 Ceangaltais amhail an 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Iomlán na gceangaltas atá infheidhme de réir an dlí	128,727	133,150

(A) Ceangaltais Dhomhanda

Meastar gur €129 milliún iomlán na gceangaltas a bheidh infhorghníomhaithe le dlí amhail an 31 Nollaig 2011. Áirítear leis seo €89m do Chlár Athsholáthair na nÁrthach Cabhlaigh; €35m do cheannach trealaimh chosanta agus feithiclí; agus €4m do roinnt tionscadail tógála.

(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúil

Freastal le déanamh ar chaiteachas i 2011 agus ar thiomantais sna blianta ina dhiaidh sin de bhun na dtionscadal, agus iad le maoiniú ó fhotheidil ina bhfuil le fáil soláthair chaipitil vótáilte, mar a raibh conarthaí atá in-fheidhmithe go dlíthiúil i bhfeidhm ag 31 Nollaig:

	2011 **€000**	**2010** **€000**
Caiteachas	9,752	10,829
Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin	2,865	5,324

2.10 Dliteanais aibithe

B'ionann na dliteanais aibithe a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana agus €808,898.

3 Athruithe ar Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
A.6	454	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar mhoilleanna ar chonarthaí áirithe soláthair agus costas níos ísle teasa, breosla agus cothabhála ná mar a rabhthas ag súil leo.
D.	451	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar níos lú gníomhaíochtaí oiliúna agus ar an úsáid a baineadh as áiseanna oiliúna níos láraithe.
F.	2,967	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar laghdú ar líon na bhfostaithe sibhialtacha.
G.	(4,617)	Tá an barrachas ann mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le trealamh riachtanach breise cosanta a cheannach i gcomhair oibríochtaí Óglaigh na hÉireann.
H.	912	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar riachtanas ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis le haghaidh seirbhísí aeriompair agus costais iarchurtha sainoiliúna.
J.	(9,142)	Tá an barrachas ann go príomha mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le híocaíochtaí CBL a dhéanamh i dtaobh chonradh nua na mbád cabhlaigh, nár soláthraíodh dóibh sa Mheastachán do 2011, agus costais bhreise bhreosla.
L.	1,557	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar dhul chun cinn ní ba mhoille ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le roinnt tionscadal.
M.	1,177	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar mhoilleanna ar orduithe áirithe éadaí agus ar chostais ní ba lú lónadóireachta, agus tá sí seach-churtha go páirteach ag riachtanas le haghaidh trealamh breise ordanáis.
P.	2,600	Tá an choigilt ann go príomha mar thoradh ar chostais ní b'ísle taistil agus lasta ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le hoibleagáidí thar lear.
R.	(130)	Tá an barrachas ann go príomha mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le tuilleadh obair shábháilteachta agus shlándála agus le soláthar riachtanach eile.
T.	1,116	Tá caiteachas faoin bhfotheideal seo faoi réir líon athróg nach féidir a mheas, lena n-áirítear líon, luach agus tráthúlacht bronntaí agus socruithe.
U.	773	Tá an choigilt ann mar thoradh ar athróga, lena n-áirítear costais a bhaineann le boird agallaimh, cúirteanna airm, tacaíocht mhisin thar lear, agus costais iarchurtha maidir le cartlann mhíleata.
V.	317	Tá an choigilt ann mar thoradh ar chostais choitianta ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo i dtaca le misin an AE agus le costais na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, etc.	6,000	3,662	7,108
2. Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascaigh	50	1,073	325
3. Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí tionlacain airgid	8,500	8,913	8,839
4. Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla	165	196	166
5. Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc	500	966	582
6. Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc	60	54	65
7. Fáltais ar bhreosla eitlíochta	70	71	70
8. Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach	50	47	41
9. Talamh agus áitribh:-			
(a) Cíosanna, etc.	350	567	423
(b) Díolacháin	6,000	50	4,140
10. Díol stóras iomarcach	200	105	388
11. Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	80	35	82
12. Nithe ilghnéitheacha	400	267	593
13. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse	24,324	26,503	27,327
Iomlán	**46,749**	**42,509**	**50,149**

Míniú ar na mórathruithe

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain le breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
1.	2,338	Tharla an t-imlonnú don Liobáin níba dhéanaí ná mar a bhí beartaithe, agus bhí de thoradh air sin níba lú míonna inchúitithe ná mar a bhíothas ag súil leis.
2.	(1,023)	Tá an barrachas ann de bharr fáltas ón gCoimisiún Eorpach in 2011 nach rabhthas ag súil leo go dtí 2012.
5.	(466)	Tharla an farasbarr mar gheall ar líon pearsanra a bhí níb'airde ná mar a réamh-mheasadh a bhain leas as candaim le linn 2011.
9.b	5,950	Tharla an sprioceasnamh fáltas díolacháin ós rud é nach ndearnadh an dul chun cinn maidir le roinnt díolachán réadmhaoine a rabhthas ag súil leis.
12.	133	Is deacair na fáltais a bhaineann leis an teideal seo a mheas de thairbhe go bhfuil roinnt tosca inathraitheacha i gceist.
13.	(2,179)	Is deacair na fáltais a bhaineann leis an teideal seo a mheas go cruinn de thairbhe roinnt tosca, lena n-áirítear liúntais inathraitheacha a íocadh le pearsanra míleata.

5 Líon agus pá na bhfostaithe

Iomláin

	2011	2010
Líon ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	10,448	10,634

	2011	2010
	€000	€000
Pá	427,732	441,041
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	181	173
Ragobair	579	736
Liúntas uainoibre agus uainchláir	143	156
Liúntais mhíleata	32,864	35,025
PRSI fostóra	38,422	38,943
Pá iomlán	**499,921**	**516,074**

Ní áirítear leis na hiomláin an Bord Cosanta Sibhialta, Oifig an Ombudsmain d'Óglaigh na hÉireann agus Coiste an Asgard lena mbaineann 28 pearsanra agus €1.5m d'íocaíochtaí iomlána agus de liúntais. Cuireann gach ceann de na comhlachtaí seo a gcuid cuntas féin ar fáil.

Ní áirítear caiteachas neamh-phá arna mhuirearú go fotheidil pá áirithe sna figiúirí pá iomlána thuas.

5.1 Státseirbhísigh

	2011	2010
Líon ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	320	324

	2011	2010
	€000	€000
Pá	15,341	15,740
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	116	102
Ragobair	71	103
Liúntas uainoibre agus uainchláir	—	2
PRSI fostóra	537	534
Pá iomlán	**16,065**	**16,481**

Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uas-íocaíocht aonair 2011	Uas-íocaíocht aonair 2010
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	31	4	19,585	19,605
Ragobair	80	—	5,369	6,085
Liúntas uainoibre agus uainchláir	—	—	—	1,590

Fuair roinnt daoine aonair idir liúntais agus íocaíochtaí ragoibre.

5.2 Fostaithe sibhialtacha

	2011	2010
Líon ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	660	728

	2011	2010
	€000	€000
Pá	25,180	26,575
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	65	71
Ragobair	508	633
Liúntas uainoibre agus uainchláir	143	154
PRSI fostóra	2,617	2,748
Pá iomlán	**28,513**	**30,181**

Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uas-íocaíocht aonair	Uas-íocaíocht aonair
			2011	2010
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	30	—	7,461	7,951
Ragobair	239	5	21,143	13,912
Liúntas uainoibre agus uainchláir	23	5	16,903	16,804

Fuair roinnt daoine aonair íocaíochtaí faoi bhreis is fhotheideal amháin.

5.3 Na Buan-Óglaigh (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus an tSéiplíneacht)

	2011	2010
Líon ag deireadh na bliana	9,468	9,582

	2011	2010
	€000	€000
Pá agus liúntas na seirbhíse míleata	387,211	398,726
Liúntais thar lear	10,915	12,727
Liúntais dualgais slándála	12,072	11,691
Liúntais dualgais teorann	4,468	4,941
Liúntais dualgais patróil	3,403	3,510
Liúntais ilghnéitheacha	2,006	2,156
PRSI fostóra	35,268	35,661
Pá iomlán	**455,343**	**469,412**

Liúntais

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uas-íocaíocht aonair	Uas-íocaíocht aonair
			2011	2010
			€	€
Liúntais thar lear	1,223	565	38,325	38,790
Liúntais dualgais slándál	8,180	40	19,441	19,449
Liúntais dualgais teorann	1,043	—	7,891	10,011
Liúntais dualgais patróil	794	4	11,126	11,839
Liúntais ilghnéitheacha	1,064	11	20,086	21,456

Fuair daoine áirithe liúntais i mbreis agus catagóir amháin.

Cuimsíonn na teidil dualgais slándála agus ilghnéitheacha roinnt liúntas éagsúla agus fuair roinnt faighteoirí i ngach catagóir níos mó ná liúntas amháin agus déantar iad a chomhaireamh níos mó ná uair amháin.

6 Ilghnéitheach

6.1 Misin thar lear

Áirítear sa chuntas seo na suimeanna a shonraítear thíos i ndáil le luach saothair na bpearsanra míleata atá ag feidhmiú le hoibríochtaí um thacaíocht síochána an AE agus na NA chomh maith le heagraíochtaí éagsúla eile, mar aon le costais taistil, chothaithe, agus iompair:

	2011	2010
	€000	€000
Misin na NA agus an AE:		
UNIFIL (An Liobáin)	19,982	—
MINURCAT (Sead - 15 Márta 2009 go dtí an 20 Bealtaine 2010)	—	21,217
KFOR (an Chosaiv)	1,285	7,794
EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	2,720	3,968
Misin eile na NA agus an AE	2,893	3,710
	26,880	36,689
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	1,813	1,978
Grúpa Cogaidh Nordach	953	1,392
Eagras um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip	433	533
Iomlán	**30,079**	**40,592**

Den €27 milliún san iomlán a caitheadh ar mhisin NA agus AE, baineann €7 milliún le misin ar a bhfuil an Stát ag íoc an costas iomlán. Baineann an €20 milliún eile le UNIFIL, agus tá socruithe déanta leis an NA maidir le haisíoc costais áirithe ina leith sin. Ba é an suim a fuarthas ón NA mar leithreasaí i gcabhair in 2011 ná €3.66 milliún (Nóta 4.1), ar bhain €2.16 milliún de le costais pearsanra agus €1.5 milliún le costais trealamh. Ba é an tsuim gan íoc ag deireadh na bliana €1.7 milliún (€0.4 milliún de chostais phearsanra agus €1.3 milliún de chostais trealaimh).

Cuireadh éileamh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe maidir le costais a bhain leis an tarraingt siar ó MINURCAT. Tá sé seo fós á phlé.

6.2 Tacaíocht do Chumainn Ionadaíocha

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €461,788 i leith luach saothair d'oifigigh míleata ar iasacht chun ionadaíocht a dhéanamh ar chumainn agus costais riaracháin ghaolmhara eile.

6.3 Foireann ar Iasacht

Áirítear sa chuntas seo iomlán de €121,540 i leith luach saothair oifigigh mhíleata agus státseirbhísigh ar iasacht.

6.4 Cúnamh a Thabhairt do Rannóga Eile

Tugadh cúnamh gan mhuirear don Gharda Síochána i leith dhiúscairt na n-ábhar pléascach.

Soláthraíodh aerárthaí an Aerchóir gan mhuirear do Ranna Rialtais eile agus don Gharda Síochána.

Áirítear sa chuntas seo costais iomlána oibriúcháin aerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda Síochána chomh maith leis na costais phíolóta amháin i dtaca le dhá héileacaptar de chuid an Gharda Síochána.

Soláthraíodh aerárthaí an Aerchóir gan mhuirear d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i leith misin otharchairr.

6.5 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh €179,601 de thoradh 215 cás lenar bhain fiacha do-inghnóthaithe.

B'ann d'fhaillí maidir le cailliúint nó damáiste do stórais, trealamh nó maoin nach bhféadfaí a chur i leith aon duine; díscríobhadh €16,812 mar gheall air seo.

Díscríobhadh €15,023 de thoradh 12 cás ina ndearnadh damáiste d'fheithiclí míleata.

6.6 Tabhairt Anonn go 2011

Faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn €500,000 de leithdháileadh neamhchaite i ndáil le gné chaipitil d'fhotheideal L go dtí an bhliain 2012.

6.7 Éilimh Díobhála Pearsanta

Bhí 462 éileamh díobhála pearsanta ar láimh amhail an 31 Nollaig 2011, dár tarchuireadh 319 chuig Gníomhaireacht Éileamh an Stáit.

6.8 Cóir Leighis

Tugadh seirbhísí forasacha agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaithe an phearsanra liostáilte in ospidéil na sibhialtach gan cur i bhfeidhm an mhuirir reachtúil agus in ospidéil mhíleata gan muirear a ghearradh ar Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

6.9 Maoiniú an AE

Fuarthas leithreasuithe i gcabhair de luach €1,073,430 ó Chlár Faireachais Chosanta Iascach an AE i ndáil le caiteachas a chuathas ina bhun um chaomhnú agus bainistiú na n-acmhainní iascach faoi fho-cheannteidil H. agus J.

6.10 Íocaíochtaí Speisialta

Íocadh €1,461,965 le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2011 mar shocrú an dliteanais a tháinig chun cinn maidir le cánachas liúntas laethúil chaidre na nÓglach Cúltaca don tréimhse idir Eanáir 2007 agus Feabhra 2011.

Vóta 37 Pinsin Airm

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, srl., agus ar il-ranníocaíochtaí agus il-chaiteachais a mbaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Cosanta.

Michael Howard
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta
27 Feabhra 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 37: Pinsin Airm le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta i ndáil leis an Vóta ar Phinsin an Airm. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
20 Iúil 2012

Vóta 37 Pinsin Airm
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís			2011 Soláthar don mheastachán	2011 Caiteachas	2010 Caiteachas
		€000	€000	€000	€000
	Bord na bPinsean Airm				
A.	Tuarastail, pá agus liúntais		103	100	99
	Pinsin, liúntais, srl.				
B.	Scéimeanna Fórsaí Cosanta (Pinsin) agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe				
	Meastachán bunaidh	197,835			
	Meastachán forlíontach	15,800	213,635	213,681	207,897
C.	Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill na nÓglach				
	Meastachán bunaidh	8,500			
	Meastachán forlíontach	(40)	8,460	8,420	8,716
D.	Íocaíochtaí maidir le hAthlaochra Chogadh na Saoirse				
	Meastachán bunaidh	1,400			
	Meastachán forlíontach	(270)	1,130	1,124	1,430
E.	Íocaíochtaí cúitimh				
	Meastachán bunaidh	200			
	Meastachán forlíontach	(180)	20	18	18
F.	Fearais liachta, costais taistil agus teagmhasacha				
	Meastachán bunaidh	50			
	Meastachán forlíontach	(10)	40	36	42
	Olliomlán				
	Meastachán bunaidh	208,088			
	Meastachán forlíontach	15,300	**223,388**	**223,379**	**218,202**
	Bain de				
G.	**Leithreasaí-i-gcabhair**				
	Meastachán bunaidh	6,221			
	Meastachán forlíontach	(300)	**5,921**	**6,125**	**6,230**
	Glaniomlán				
	Meastachán bunaidh	201,867			
	Meastachán forlíontach	15,600			
			217,467	**217,254**	**211,972**
	Farasbarr don bhliain			**€212,526**	**€21,227**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán		100	99
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		223,279	218,103
Olliomlán		223,379	218,202
Bain de			
Leithreasaí-i-gcabhair		6,125	6,230
Caiteachas díreach		217,254	211,972
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	1.1	1,726	1,734
Costas iomlán oibriúcháin		218,980	213,706

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna measta a leanas i ndáil le Vóta 37 a taobhaíodh in áit eile

Vóta		2011 €000	2010 €000
36	Cosaint	1,726	1,734
		1,726	1,734

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	216	1,229
Iarmhéideanna eile dochair	2.2	1	9
Iomlán na sócmhainní reatha		**217**	**1,238**
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna creidmheasa	2.3	5	1,218
Glandliteanas don Státchiste	2.4	212	20
Iomlán na ndliteanas reatha		**217**	**1,238**
Glansócmhainní reatha		—	—
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniú Stáit		—	—

2.1 Banc agus Airgead Tirim

Ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus airgead tirim	664	2,477
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	(448)	(1,248)
	216	1,229

2.2 Iarmhéideanna Eile Dochair

Ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Fionraí agus asbhaintí ó thuarastail	1	9
	1	9

2.3 Iarmhéideanna creidmheasa

Ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3	946
Tobhacht ar ioncaim	—	156
Árachas Sóisialach Pá - Choibhneasta	—	100
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	—	1
	3	1,203
Fionraí agus asbhaintí ó thuarastail	2	15
	5	1,218

2.4 Glandliteanas don Státchiste Ag 31 Nollaig	**2011** **€000**	**2010** **€000**
Farasbarr le tabhairt suas	213	21
Deontas an státchiste nár tarraingíodh	(1)	(1)
Glandliteanas don Státchiste	212	20
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	216	1,229
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1	9
	217	1,238
Creidiúnaithe		
Méideanna dlite don Stát	(3)	(1,203)
Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí agus asbhaintí ó thuarastail	(2)	(15)
	(5)	(1,218)
	212	20

3 Athruithe ar Chaiteachas

Ní raibh an toradh maidir le caiteachas ar an uile fhotheideal an-difriúil ó na suimeanna a cuireadh ar fáil.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin na bhFórsaí Cosanta um Chéilí agus Leanaí				
Meastachán bunaidh	4,721			
Meastachán forlíontach	(300)	4,421	4,677	4,847
2. Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann		1,400	1,291	1,294
3. Aisghabháil ró-íocaíochtaí		30	96	31
4. Iocaíochtaí a fuarthas maidir le seirbhís aistrithe		30	29	27
5. Ilghnéitheach		35	27	26
6. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse		5	5	5
		5,921	6,125	6,230

Míniú ar na mórathruithe
Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
1.	(256)	D'éirigh níos mó pearsanra as Óglaigh na hÉireann in 2011 ná mar a rabhthas ag súil leis agus bhí na ranníocaíochtaí a baineadh as a gcuid aiscí faoin scéim seo ní b'airde ná mar a rabhthas ag súil leis.
2.	109	Tugadh meastachán thar a luach ar na fáltais a rabhthas ag súil leo don bhliain 2011. Is deacair fáltais a thuar go cruinn de thairbhe go n-athraíonn líon na ndaoine a íocann ranníocaíochtaí le linn na bliana.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	**2010**
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana**	2	2

	2011 €000	**2010 €000**
Pá	94	93
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	—	—
Liúntais eile	—	—
Ragobair	—	—
ÁSPC an Fhostóra	2	2
Pá iomlán	**96**	**95**

Tugann an bheirt bhall foirne tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean. Mar aon leis na costais phárolla seo, íocadh timpeall €3,724 i leith taistil agus cothú in 2011.

Tá baint ag 26 fostaithe de chuid na Roinne Cosanta le riarachán pinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Is ionann a luach saothair agus thart ar €1.2m, agus gearrtar é ar Vóta 36.

6 Ilgnéitheacha

6.1 Nithe a Díscríobhadh

Le linn na bliana rinneadh suim de €5,262 a dhíscríobh maidir le 43 cás de ró-íocaíocht pinsean agus liúntas. B'ionann na ró-íocaíochtaí comhlána agus €6,211 dá ndearnadh €949 a aisghabháil.

Vóta 38 Coimirce Shóisialach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 38, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a bhí riartha ag an Oifig sin agus ar íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, chomh maith leis na nótaí 1 go dtí 6.

Aistriú na bhFeidhmeanna

Aistríodh an tSeirbhís Leasa Pobail, a chuimsíonn 1,100 ball foirne, go foirmeálta chuig an Roinn seo ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i 2011. Léirítear caiteachas gaolmhar don bhliain iomlán sna cuntais seo.

Aistríodh freagracht mhaoinithe do chláir fhostaíochta FÁS agus na costais riaracháin ghaolmhara chuig an Roinn seo ón Roinn Oideachais agus Scileanna ó 1 Eanáir 2011. Aistríodh thart ar 750 ball foirne isteach sa Roinn seo ó 1 Eanáir 2012.

Aistríodh na feidhmeanna a bhaineann leis an Rannán um Chuimsiú Sóisialta chuig an Roinn seo ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ó 1 Bealtaine 2011.

Aistríodh na feidhmeanna a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar 1 Bealtaine 2010. Ar cealú na Ranna Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, aistríodh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 1 Bealtaine 2011.

Scéimeanna Nua Fostaíochta

Tá mar chuid de na Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta dhá scéim nua a bunaíodh i 2011. Tugadh Tús isteach tar éis fhógairt bhuiséad 2011, agus tugadh an Scéim Náisiúnta Intéirneachta isteach ó 1 Iúil 2011 mar chuid den Tionscnamh Jabanna.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chruthú i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Coimirce Sóisialaí.

Niamh O'Donoghue
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí
3 Lúnasa 2012

Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar an gCuntas Leithreasa don Vóta: 38 Coimirce Sóisialaí do 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Prionsabail. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithreasa, agus bunús na tuairime iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críche m-iniúchta. Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh an Roinn Coimirce Sóisialaí leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í mo thuairim, go gcuireann an Cuntas Leithreasa i láthair i gceart fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Ceanglaítear orm, faoi alt 3 (5) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tagairt a dhéanamh i mo theastas iniúchta ar chuntas leithreasa d'aon chás ábhartha mar nach réitíonn idirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás a n-airbheartaíonn siad a bheith curtha i gcrích faoi. Baineann caibidil 22 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2011 le híocaíochtaí leasa shóisialaigh atá sa bhreis ar theidlíocht a chuirtear san áireamh i gCuntas 2011 do Vóta 38.

Tagraíonn caibidlí 21, 23 agus 24 den tuarascáil do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 38, ar mheas mé é a bheith oiriúnach tuairisc a thabhairt fúthu de réir Ailt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Seamus MacCárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
24 Lúnasa 2012

Vóta 38 Coimirce Shóisialach
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís	2011 Suim Soláthraithe	2011 Toradh	2010 Toradh
	€000	€000	€000
Riarachán			
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais	235,279	247,664	230,451
A.2. Taisteal agus cothú	3,208	3,110	3,108
A.3. Oiliúint, forbairt agus costais theagmhasacha	11,131	6,907	7,571
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	21,080	19,393	18,340
A.5. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	27,061	26,423	27,326
A.6. Costais áitreabh oifige	11,981	10,979	12,055
A.7. Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus	1,360	893	597
A.8. Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta	61,527	65,656	63,398
A.9. Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais	7,500	1,342	1,876
Athbhreithniú ar luach ar airgead agus polasaí [1]	—	—	287
Cúnamh Sóisialach			
B. Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)	951,150	971,769	977,293
C. Pinsean na nDall	15,360	15,624	16,032
D. Sochar Linbh	2,066,780	2,076,338	2,213,429
E. Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	2,644,620	2,974,987	2,809,381
F. Scéim Cúnamh Feirme	122,620	113,724	110,931
G. Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta	355,430	342,876	278,092
H. Liúntas Réamhscoir	62,350	59,942	77,850
I. Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	1,111,710	1,088,897	1,110,328
J. Íocaíochtaí a bhaineann le Baintreacha / Baintreacha Fir / Páirtnéirí Marthanacha Sibhialta agus Caomhnóirí (Neamh-ranníocach)	25,730	23,583	23,949
K. Liúntas Banchéile Thréigthe	4,470	4,211	5,020
L . Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	199,260	204,543	185,998
M. Liúntas Cúramóra	499,020	507,193	501,789
N. Liúntais Leasa Fhorlíontacha	951,333	961,523	1,009,190
O. Liúntas Míchumais	1,066,220	1,089,178	1,109,505
P. Deontas Cúram Faoisimh	131,160	130,392	128,097
Q. Saor-Scéimeanna (Cúnamh)	395,028	399,437	381,808
R. Scéimeanna Béilí Scoile	35,000	34,975	34,939
S. Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	46,640	45,114	44,986
T. Liúntas Cúram Baile	104,235	99,924	95,710

	Cúnamh Sóisialach - ar leanúint	2011 Suim Soláthraithe	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
U.	Scéim Shóisialta Tuaithe	46,140	46,835	13,872
V.	Clár Seirbhísí Pobail	47,415	45,452	8,198
W.	Cláir fostaíochta FÁS, cláir thacaíochta comhtháite, costais ghaolmhara riaracháin	477,497	468,095	—
X.	Seirbhísí ilghnéitheacha	3,651	3,016	3,857
	Deontas don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh	—	—	9,909
	Árachas Sóisialach			
Y.	Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	1,906,168	1,460,362	1,862,286
	Caiteachas comhlán	**13,649,114**	**13,550,357**	**13,377,458**
	Bain			
Z.	**Leithreasaí i gcabhair**	**221,702**	**232,753**	**218,132**
	Glanchaiteachas	**13,427,412**	**13,317,604**	**13,159,326**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€109,807,760**	**€110,842,156**

[1] Ar mhaithe le soiléire fheabhsaithe a chur ar fáil maidir le riarachán, tá na costais a bhain leis an bhfocheannteideal Tionscnamh Athbhreithnithe a bhí ann roimhe seo ar Luach ar Airgead agus Polasaí, tá siad athdháilte ar na ceannteidil bhainteacha caiteachas pá agus neamhphá.

Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			382,367	365,009
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			13,167,990	13,012,449
Caiteachas comhlán			13,550,357	13,377,458
Bain				
Leithreasaí i gcabhair			232,753	218,132
Glanchaiteachas			13,317,604	13,159,326
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Airgead tirim ceannachán		(14,403)		
Dímheas		20,414		
Caillteanas ar dhiúscairtí		13	6,024	13,241
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			(5,925)	(3,815)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhrú deiridh		(694)		
Méadú ar an stoc		(132)		
			(826)	1,462
Caiteachas díreach			13,316,877	13,170,214
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		39,402	31,173
Measchíosanna			10,393	14,588
Costas oibriúcháin iomlán			13,366,672	13,215,975

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 38 a íocadh in áiteanna eile

Vóta		2011 €000	2010 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	23,645	22,411
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	15,501	8,495
20	An Garda Síochána	66	209
	An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl.	190	58
		39,402	31,173

2 An Clár Comhordaithe amhail ar 31 Nollaig 2011

		2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	49,466	52,425
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	19,880	16,648
		69,346	69,073
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.4	709	577
Réamhíocaíochtaí		2,119	2,321
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	329,173	215,202
Iomlán na sócmhainní reatha		332,001	218,100
Lúide dliteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	293,390	155,378
Costais fhabhraithe		15,216	16,076
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	22,048	35,451
Glandliteanas chuig Státchiste	2.7	13,735	24,373
Iomlán na ndliteanas reatha		344,389	231,278
Glandliteanais reatha		(12,388)	(13,178)
Glansócmhainní		56,958	55,895
Léirithe ag:			
Cuntas maoiniúchán Stáit		56,958	55,895

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Sócmhainní comhlána			
Costas nó luacháil ar 1 Eanáir 2011	249,260	30,720	279,980
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta[1]	12	—	12
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta[2]	1,356	144	1,500
Breiseanna	16,158	974	17,132
Diúscairtí	(191)	(8)	(199)
Costas nó luacháil ar 31 Nollaig 2011	266,595	31,830	298,425
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir 2011	204,179	23,376	227,555
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	4	—	4
Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	1,037	135	1,172
Dímheas na bliana	18,817	1,597	20,414
Dímheas ar dhiúscairtí	(180)	(6)	(186)
Dímheas carnach ar 31 Nollaig 2011	223,857	25,102	248,959
Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2011	42,738	6,728	49,466
Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2010	45,081	7,344	52,425

[1] Aistríodh sócmhainní TEC le glanluach de réir na leabhar de €8,257 ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ag eascairt as aistriú feidhmeanna áirithe chuig an Roinn seo le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

[2] Aistríodh sócmhainní TEC agus troscán agus feistis le glanluach de réir na leabhar de €328,196 ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag eascairt as aistriú feidhmeanna áirithe chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh le feidhm ó 1 Eanáir 2011. Coimeádtar na sócmhainní seo ag an Roinn seo ar son an Chiste Árachais Shóisialaigh.

2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ar 31 Nollaig 2011	Ríomhchláir in-tí
	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2011	16,648
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	5,925
Aistrithe go dtí clár na sócmhainní	(2,693)
Méideanna tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig 2011	19,880

Tabhair faoi deara: Ní chuimsíonn íocaíochtaí airgid thirim bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach agus a fhorbraítear go hiomlán i rith chúrsa na bliana.

2.3 Banc agus Airgead Tirim ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ag An Post	10,918	151,688
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	(424,308)	(422,332)
Banc agus airgead tirim eile	120,719	117,429
Orduithe íocaíochta gan íoc	(719)	(2,163)
	(293,390)	(155,378)

2.4 Stoic ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	703	570
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	6	7
	709	577

2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais	1,026	1,020
Airleacain do OOP le haghaidh troscán oifige agus obair leictreach	887	778
Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh[1]	308,800	209,162
Cur ar fionraí an Chláir Réitigh Íocaíochta agus Gníomhaireachta	57	57
Nithe dochair fionraí eile[2]	18,403	4,185
	329,173	215,202

[1] Is ionann seo agus airleacain ó Vóta 38 do chuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh nach raibh caite faoi dheireadh na bliana.

[2] Tá réamh-íocaíochtaí scéimeanna Vóta san áireamh trí An Post ar luach €11.6 milliún.

2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	2,667	1,754
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	567	364
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	1,637	1,703
Cáin Bhreisluacha Interstat	31	78
Cáin Shiarchoinneálach	507	387
Fáltais bhreise státchiste	54	—
	5,463	4,286
Asbhaintí Párolla	2,857	1,963
Dlite don gCiste Árachais Shóisialaigh maidir le hÍocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Saor-Scéimeanna	12,591	28,860
Nithe sochair fionraí eile	1,137	342
	22,048	35,451

2.7 Glandliteanas don Státchiste ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	109,808	110,842
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(96,073)	(86,469)
Glandliteanas chuig Státchiste	13,735	24,373
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	329,173	215,202
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(293,390)	(155,378)
Dlite don Stát	(5,463)	(4,286)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(16,585)	(31,165)
	(315,438)	(190,829)
	13,735	24,373

2.8 Gealltanais ar 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí	30,504	39,405

3 Athruithe ar Chaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-cheannteideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfo-cheannteideal riaracháin).

Fo-cheann-teideal	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
A.3.	4,224	Cuimsíonn an fo-cheannteideal seo ciste teagmhais na Roinne nár caitheadh, méid arbh ionann é agus €2.3m. Chomh maith leis sin, rinneadh gannchaiteachas €0.5m ar oiliúint foirne agus fógraíocht ar luach €0.17m, chomh maith le coigilteas breise €0.5m ar ghlantachán agus €0.15m ar dhiúscairt dramhaíola, mar shampla.
A.7.	467	Níor tharla roinnt caiteachais a próifílíodh i rith 2011, rud ba chúis leis an ngannchaiteachas.
A.9.	6,158	Bhí moilleanna ar dhul i mbun conarthaí agus ceannach na gcóras cruaearraí agus bogearraí a bhfuil gá leo le haghaidh tháirgeadh an Chárta Seirbhísí Poiblí, rudaí ba chúis leis an ngannchaiteachas.
E.	(330,367)	Meánlíon níos airde faighteoirí, mar gheall ar thoradh níos airde Beochláir ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán agus cóimheas níos airde faighteoirí an Liúntais Chuardaitheora Phoist v cóimheas fhaighteoirí an tSochair Chuardaitheora Phoist. Fritháiríodh seo ag gannchaiteachas ar Shochar an Chuardaitheora Phoist ar Chuntas an Chiste Árachais Shóisialta.
F.	8,896	Bhí caiteachas toraidh 2011 ar an Scéim Chabhrach Feirme €8.9m níba lú ná a phróifíl; bhain €6.2m de sin le líon níb'ísle faighteoirí, bhain €2.9m de sin le meánluachanna íocaíochta níb'ísle, ach fritháiríodh sin ag coigeartuithe idirscéime níb'airde de €0.2m.
J.	2,147	Luachanna meánacha íocaíochta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo ar Phinsean (Neamh-Ranníocach) Baintrí / Baintrí Fir / Páirtnéara Shibhialta Mharthanach.
K.	259	Meanlíon faighteoirí Liúntais Bhanchéile Thréigthe a bhí níb'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.
X.	635	Tabhaíodh an gannchaiteachas carnach €635,000 ar gach ceann de na haon mhír chaiteachais déag a bhí i gceist le Seirbhísí Ilghnéitheacha.
Y.	445,806	Bhí fóirdheontas státchiste níos ísle don Chiste Árachais Shóisialaigh i gceist mar gheall ar ioncam níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ó ranníocaíochtaí ÁSPC agus caiteachas níos ísle ar scéimeanna.

3.1 Toradh Iomlán Scéime do 2011

Faoi mar a cuireadh síos air san intreoir don chuntas, aistríodh feidhmeanna áirithe don Roinn seo le linn na bliana. Míníodh an caiteachas ar na feidhmeanna seo i vótaí eile roimhe seo. Mionsonraíonn an clár thíos an caiteachas a thabhaítear ag gach vóta agus an chomparáid bliain-ar-bhliain.

				2011	2010
		An vóta seo	An vóta roimhe seo	Iomlán	Toradh
		€000	€000	€000	€000
FÁS					
W.1.	Cláir Fhostaíochta	397,286	—	397,286	414,338
W.2.	Cláir Thacaíochta Lánpháirtithe	27,448	40,267	67,715	45,537
W.3.	Costais Riaracháin	43,361	85,491	128,852	133,169
Cuimsiú Sóisialta					
X.9.	Bliain an AE chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a chomhrac 2010	5	2	7	366
X.10.	Clár Comhphobail an AE um Fhostaíocht agus um Dhlúthpháirtíocht Shóisialta (Dul chun Cinn) 2007-2013	—	—	—	40
X.11.	Tionscnaimh Chuimsithe Shóisialta	54	11	65	70
	Caiteachas comhlán	**468,154**	**125,771**	**593,925**	**593,520**

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Aisghabháil na gcostas riaracháin ón gCiste Árachais Shóisialaigh	177,280	177,080	178,207
2. Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh	13,000	23,320	12,314
3. Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith méideanna a íocadh ar dtús mar Chúnamh Sóisialach	9,500	11,829	8,551
4. Fáltais faoi na forálacha i leith "Dliteanas um Theaghlach a Chothú" i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005	850	524	657
5. Fáltais ó Oifig an Chláraitheora Ghinearálta	700	610	671
6. Fáltais na gCuntas Díomhaoin	466	274	1,014
7. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa do ghníomhachtú agus do pháirtíocht na ndaoine faoi mhíchumas	185	160	179
8. Fáltais ó Asbhaint ó Luach Saothair na Seirbhíse Poiblí a bhaineann le Pinsin	11,786	12,508	4,769
9. Fáltais ón AE le haghaidh na bliana um Chomhrac na Bochtaineachta agus Cuimsiú Sóisialta	35	—	—
10. Ilghnéitheach	7,900	6,448	11,770
Iomlán	221,702	232,753	218,132

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Ceann-teideal	Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
2	(10,320)	Gnóthú níb'airde ró-íocaíochtaí ná mar a bhíothas ag súil leis ó raon de 26 scéim Chabhrach Sóisialta.
3	(2,329)	Is ionann iad seo agus riaráistí athruithe idir scéimeanna a aisghabhadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh tar éis deireadh bliana ina ndéantar a leithéid d'íocaíochtaí eatramhacha. Tugtar na méideanna a aisghabhtar chun sochair mar Leithreasaí-i-gcabhair. Tá sé deacair riaráistí athruithe idir scéimeanna a thuar.
4	326	Tharla an difríocht mar gheall ar ghaolta faoi dhliteanas ar ann dóibh cheana tosú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil agus ní féidir dul sa tóir orthu le haghaidh íocaíochta, agus daoine eile a bheith ann a roghnaigh an tuismitheoir aonair a íoc go díreach. Ina theannta sin tá líon méadaithe gaolta faoi dhliteanas ina gcónaí lasmuigh den dlínse.
6	192	Tharla an tarraingt anuas níb'ísle ós rud é go raibh moill i gceist le cur i bhfeidhm chuid de na cláir oiliúna a mhaoinítear ag fáltais chuntas díomhaoin.
8	(722)	Bhí fáltais níos airde ná mar a measadh ann mar gheall ar chorprú iar-fhostaithe de chuid FSS sa Roinn i nDeireadh Fómhair 2011.
10	1,452	Cuimsíonn sé seo aon fháltas amháin ilghnéitheach is fiche i rith 2011, arbh é tabhairt ar ais seiceanna cealaithe ag faighteoirí scéimeanna cúnaimh shóisialaigh an ceann ba mhó acu.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2011	2010
	€000	€000
Airgead coinsiasa	14	42
Costais finnéithe	6	10
Fíneálacha an Bhoird Pinsean	34	—
	54	52

Níor íocadh fáltais atá iníoctha don Státchiste go dtí 2012.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	6,174	4,812

	2011	2010
	€000	€000
Pá	229,238	212,691
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	619	573
Liúntais eile	499	469
Ragobair	5,538	6,100
ÁSPC an Fhostóra	11,770	10,618
Pá iomlán	**247,664**	**230,451**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2011	2010
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	353	12	19,585	19,605
Liúntais eile	198	16	13,806	13,824
Ragobair	2,361	70	29,327	21,486

Tabhair faoi deara: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Bronnadh iomlán €71,248 ar fhoireann Roinne mar dhámhachtainí fiúntais, mar a bhí ceadaithe faoin Scéim Buiséad Riaracháin, méid arbh ionann é agus dámhachtainí do dheichniúr ar leith, idir €250 agus €650 in aghaidh an duine, agus do 8 bhfoireann idir €100 agus €500 in aghaidh an bhaill foirne.

5.3 Socruithe Eile Luach Saothair

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €55,957 le hocht mball foirne déag faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 – 2007.

6 Ilghnéitheach

6.1 Aisghabháil ró-íocaíochtaí

Bhí staid achomair na ró-íocaíochtaí cúnaimh ar 31 Nollaig 2011 mar seo a leanas:

	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 1 Eanáir	231,503	205,472
Glanmhéid na ró-Íocaíochtaí a cláraíodh	61,984	54,441
	293,487	259,913
Lúide:		
Suimeanna aisghafa [1]	37,609	23,203
Méideanna díscríofa mar mhéideanna do-aisghabhála	3,071	5,207
	40,680	28,410
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig	252,807	231,503

[1] Cuimsíonn an tsuim a gnóthaíodh

€23,320,000 i bhfáltais airgid thirim a eascraíonn mar gheall ar ghnóthú airgid thirim ó éilitheoirí cúnaimh agus suimeanna a íocadh ón gCíste Árachais Shóisialta go Vóta 38 maidir le ró-íocaíochtaí a gnóthaíodh trí shiarchoinneáil íocaíochtaí sochair. Mínítear na suimeanna seo faoi Fhotheideal Z.

Siarchoinníodh €14,289,000 ó theidlíochtaí cúnaimh a mhínítear mar laghdú i gcaiteachas na scéime.

6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Íocadh cúiteamh agus costais ghaolmhara dhlíthiúla agus ilghnéitheacha a raibh suim iomlán de €35,099 i gceist leo, idir €340 agus €27,085 i gcúig chás éileamh díobhála pearsanta agus glantaí eile maidir le fostaithe.

Rinneadh íocaíochtaí a raibh suim iomlán de €39,406 i gceist leo idir €252 agus €26,625 maidir le costais dhlíthiúla, damáistí agus costais i sé chás maidir le díobháil phearsanta a fuarthas ar réadmhaoin na Ranna agus i gcásanna eile.

Íocadh íocaíochtaí iomlána de €1,086,735 i gcostais dhlíthiúla idir €20 agus €750,923 maidir le hocht gcás a tógadh in aghaidh na Ranna.

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia, íocaíochtaí caillteanais chumhachta ceannaigh agus costais dlíthiúla a raibh suim iomlán de €85,446 i gceist leo idir €49 agus €29,695 maidir le Liúntas do Chúramóirí, Sochar Linbh, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Liúntas Míchumais, Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) agus Liúntas an Chuardaitheora Phoist.

6.3 Tabhairt ar Aghaidh an Bhuiséid Riaracháin

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin scéim Buiséad Riaracháin, tá coigilteas €2,073,000 a tugadh ar aghaidh ó 2011 san áireamh i Meastacháin 2012.

6.4 Maoiniú ón AE

Fuarthas €160,407 ón AE maidir leis an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais. Is clár idirghníomhaireachta é an tionscadal atá á chómhaoiniú ag an Roinn agus ag Clár Oibríochtúil Infheistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa i gCaipiteal Daonna le haghaidh na tréimhse 2007-2013.

6.5 Díscríobh

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2011 chun méid comhlán €32,035 a dhíscríobh maidir le ró-íocaíochtaí áirithe tuarastail a tharla i rith na tréimhse ó 2000 go dtí 2011.

6.6 D'fhéadfadh mí-leithghabháil a bheith i gceist

Bhí hocht gcás de mhí-leithghabháil fhéideartha airgid phoiblí ag fostaithe ar luach iomlán garbh €45,229. Níl na méideanna cinnte go fóill i gcásanna áirithe.

Vóta 39 Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte, agus maidir le seirbhísí áirithe eile arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Ionchorpraíonn an Cuntas Leithreasa na haistrithe feidhmeanna seo a leanas faoi mar a ndéantar soláthar dóibh sna Meastacháin Athbhreithnithe do 2011.

Feidhmeanna aistrithe chuig an Roinn
Aistríodh Tionscnamh na nDrugaí (Fotheideal B3) ón iar-Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Vóta 27) le feidhm ó 1 Bealtaine 2011.

Feidhmeanna aistrithe ón Roinn
An soláthar bliana iomláine maidir leis na feidhmeanna seo a leanas aistrithe chuig an Roinn nua Óige agus Gnóthaí Óige arna bunú ar 2 Meitheamh 2011:

• Costais phá agus neamhphá na foirne sin a bhíonn ag obair in Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige
• Maoiniú breise le costais phá agus neamhphá a chlúdach go páirteach d'fheidhmeanna corparáideacha na Roinne nua
• Deontais Chrannchuir Náisiúnta agus táillí dlíthiúla maidir le cúrsaí leasa agus cosanta leanaí
• Leithdháiltí d'Údarás Uchtála na hÉireann, d'Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Bhord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta
Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Cuireadh Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 san fhormáid chaighdeánach faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht leis an gcuntas seo. Tá na bearta breise seo a leanas i gcrích, nó tá siad ar bun, chun feabhas a chur ar an gcóras um rialú inmheánach.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Ullmhaítear clár iniúchta bliantúil faoi choimirce an Choiste Iniúchta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh chuig an gCoiste ar chur i bhfeidhm an chláir seo agus ar thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúchta. Cuireadh bailchríoch ar dheich dtuarascáil iniúchta san iomlán in 2011 agus eisíodh iad. Bhain naoi gcinn de na tuarascálacha le clár na bliana 2010 agus cuireadh bailchríoch ar cheann amháin agus eisíodh é faoi chlár na bliana 2011. Cuireadh bailchríoch ar obair iniúchta i leith seacht dtuarascáil bhreise ó chlár na bliana 2011 agus tuarascáil amháin ó chlár na bliana 2010 in 2011. D'aontaigh an Coiste Iniúchta faoi shé cinn de na tuarascálacha deiridh seo i Márta 2012. Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh araon de réir Cairte scríofa.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais

Suas go 31 Nollaig 2009 bhí árachas ag an FSS in aghaidh dliteanas an fhostóra agus in aghaidh rioscaí dliteanais phoiblí suas go teorainn chúitimh, faoi bhoinn aisráta agus ráta chomhréidh araon. Faoin mbonn aisráta, ní dhéantar an phréimh dheiridh a chinneadh go dtí deireadh na tréimhse clúdaigh agus bunaítear í ar thaithí chaillteanais na FSS don tréimhse chéanna. Tá an coigeartú aisráta atá iníoctha ag an FSS faoi réir ag uasteorainneacha agus ag íosteorainneacha. Ag 31 Nollaig 2011 níorbh fhéidir an dliteanas a chainníochtú go cruinn, más ann dó, ar féidir go n-eascródh sé de thoradh ar aisrátáil amach anseo. Is iad na huasdliteanais d'éilimh aisráta atá fós le híoc, bunaithe ar leibhéil chomhaontaithe gach riosca inárachais ná €4,699 agus €2,394,662 do dhliteanas an fhostóra agus don dliteanas poiblí faoi seach. Íocadh gach préimh árachais ó 1 Eanáir 2001 ar bhonn ráta chomhréidh amháin agus ní bhaineann aon aisráta leis an gclúdach ón dáta seo ar aghaidh.

Ó bhí an 1 Iúil 2009 ann maoinítear an FSS d'éilimh a dhéantar a phróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ó 1 Eanáir 2010 shín Ordú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean na bhFeidhmeanna) 2009 slánaíocht an Stáit d'éilimh díobhála pearsanta agus d'éilimh dhamáiste do mhaoin tríú páirtí in aghaidh na FSS. Mínítear íocaíochtaí a íocadh d'éilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhonn íoctar mar a úsáidtear. Ag 31 Nollaig 2011, ba é luach an dliteanais mheasta a tabhaíodh suas chuig an dáta sin faoin Scéim Shlánaíochta Cliniciúla agus ba í Slánaíocht an Stáit ná €866m.

6.4 Ús a bhaineann le híoc Pras Cuntas

Ba é luach an úis d'Íoc Pras a íocadh ag an FSS i 2011 ná €0.3m (€0.3m i 2010).

6.5 Dliteanais theagmhasacha

Thaisc cógaiseoirí éileamh leis an FSS do chaillteanas marcála suas miondíola ar tháirgí a dhíoltar faoi théarmaí an chárta leighis do dhaoine thar 70 bliain, táirgí a bheadh faoi réir, murach sin, ag corrlach níos airde nuair nach raibh lánteidlíocht i gceist. Tá €100 milliún i gceist leis an éileamh, sin sa bhreis ar an tsuim de €30 milliún a íoctar per annum faoi láthair. Thug Aontas Cógaisíochta na hÉireann (IPU) le fios go dtabharfaidh siad faoi eadráin neamhcheangailteach ach is féidir go dtógfaidh siad cás cúirte in aghaidh na FSS má bhíonn siad míshásta leis an toradh. Chuir an tAire Sláinte deireadh le teidlíocht uilíoch chárta leighis do dhaoine thar 70 bliain d'aois i 2009. Tá deimhnithe ag an Roinn Sláinte go bhfuil an beartas curtha i bhfeidhm ag an FSS faoi mar a leagadh amach é agus faoi mar a bhí i gceist thar an tréimhse ina raibh teidlíocht uathoibríoch ag baint le daoine thar 70 bliain d'aois.

Tá baint ag an FSS le roinnt éileamh ina bhfuil imeachtaí dlíthiúla i gceist ar féidir go nginfidh siad dliteanais, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá clúdach árachais ag an FSS d'éilimh dhliteanais phoiblí agus fhostóra, dóiteáin agus d'éilimh shonracha gach cineál riosca. I mórchuid na gcásanna bheadh a leithéid d'árachas dóthaineach le gach costas a chlúdach, ach ní féidir bheith cinnte faoi sin.

6.6 Eile

D'íoc an FSS €5.2m maidir le préimheanna árachais i 2011(€7.4m i 2010) agus léirítear sin sa toradh d'Fhotheideal A.1 agus B.1 go B.4.

Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh faoi Vóta 41 sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 maidir le soláthar seirbhísí áirithe i ndáil le leanaí agus gnóthaí óige, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha agus deontais i gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Ar an 4 Meitheamh 2011, aistríodh feidhmeanna an Vóta i gcomhair Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus aistarraingíodh an Vóta seo.

Is é atá i gceist leis na figiúirí toraidh ná caiteachas go 2 Meitheamh 2011.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialáil inmheánach airgeadais a chuirtear i bhfeidhm in Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Michael Scanlan
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
31 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 41: Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte i leith Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Méan Fomhair 2012

Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar sna meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Íocaíochtaí cúram leanaí				
A.	Íocaíocht Luathchúram Leanaí	—	—	10,950
Cláir um chúram leanaí				
B.	An Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí	57,024	57,024	97,369
C.	Clár Luath-Idirghabhála do Leanaí (páirtchistithe ag ciste na gcuntas díomhaoin)	749	749	2,966
D.	Scéim bliana réamhscoile ECCE	85,920	85,920	153,542
An Straitéis Náisiúnta Leanaí				
E.	An Straitéis Náisiúnta Leanaí - Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir eile	9,353	9,353	23,783
Gnóthaí Óige				
F.	Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige	4,303	4,303	8,000
G.	Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	16,494	16,493	38,599
Seirbhísí Eile				
H.	Costas i ndáil leis an reifreann bunreachtúil a reáchtáil ar chearta leanaí	—	—	—
	Ollchaiteachas	**173,843**	**173,842**	**335,209**
	Bain de :			
I	**Leithreasaí-i-gcabhair**	—	—	**2,966**
	Glanchaiteachas	**173,843**	**173,842**	**332,243**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€846**	**€19,025,384**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2011

	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán [1]		—	—
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		173,842	335,209
Ollchaiteachas		173,842	335,209
Bain de			
Leithreasaí-i-gcabhair		—	2,966
Glanchaiteachas		173,842	332,243
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid	—		
Dímheas	—		
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhruithe deiridh	503		
Méadú ar an stoc	—		
		503	(6,398)
Caiteachas díreach		174,345	325,845
Costas oibriúcháin iomlán		**174,345**	**325,845**

Tabhair faoi deara: [1]Clúdaítear costais riaracháin na hOifige seo in 2011, lena n-áirítear costais chóiríochta, ó Vóta na Roinne Sláinte agus Vóta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil		—	—
		—	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	111	27
Réamhíocaíochtaí		—	483
Iarmhéideanna dochair eile	2.3	—	157
Sócmhainní reatha iomlána		**111**	**667**
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		—	135
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	—	20
Glandliteanas don Státchiste	2.5	111	9
Dliteanais reatha iomlána		**111**	**164**
Glansócmhainní reatha / (dliteanais)		—	**503**
Glansócmhainní / (dliteanais)		—	**503**
Arna léiriú ag:			
Cuntas cistithe Stáit		—	**503**

2.1 Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla

Léirítear na sócmhainní caipitiúla i gCuntas Leithreasa na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

2.2 Banc agus Airgead Tirim amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta	111	57
Orduithe íocaíochta gan íoc	—	(30)
	111	27

2.3 Iarmhéideanna Dochair Eile amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Míreanna dochair fionraí eile	—	2
Ró-íocaíochtaí ar scéim réamhscoile ECCE	—	155
	—	157

2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	—	—
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	—	—
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	—	17
Cáin Bhreisluacha	—	3
Pinsin	—	—
	—	20

2.5 Glandliteanas don Státchiste amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	1	19,025
Deontas ón Státchiste rótharraingthe	110	(19,016)
Glandliteanas don Státchiste	111	9
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	—	2
Banc agus airgead tirim	111	27
	111	29
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	—	(20)
	—	(20)
	111	9

2.6 Ceangaltais Iomlána amhail an 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Ceangaltais ar dócha a thiocfaidh i gceist sna blianta dá éis maidir le:		
Fotheidil soláthair	—	29,333
Fotheidil deontas	—	19,797
Ceangaltais iomlána	—	49,130

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó, agus breis is 5% níos mó, ná an tsuim a soláthraíodh. Níor shásaigh aon toradh ar an Vóta seo na critéir sin in 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Fáltais an AE	—	—	—
2. Cistiú ó Chuntais Díomhaoine	—	—	2,966
Iomlán	—	—	2,966

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Tugtar cuntas ar chostais foirne agus phá i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an vóta sa chuntas leithreasa i gcomhair Vóta 43: Leanaí agus Gnóthaí Óige.

6 Ilghnéitheach

6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta

Fotheideal	Cur síos	2011 Meastachán €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
G.	Ciste deontais i gcabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachais eile i ndáil le gníomhaíochtaí óige (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	16,494	16,493	38,599

Tugtar liosta d'fhaighteoirí an chistithe agus de na suimeanna a íocadh ar láithreán Gréasáin na hOifige 'www.dcya.gov.ie'.

6.2 Seirbhísí gníomhaireachta

Cuireann Pobal na seirbhísí gníomhaireachta ar fáil don Oifig seo maidir le seirbhísí a cuireadh chun dochair Fotheideal B agus Fotheideal D.

Vóta 42 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

I dteannta leis an gCuntas, tá ráiteas curtha faoi bhráid agam san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a fheidhmíonn in Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 42.

Aistriú na bhfeidhmeanna

Bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar 5 Iúil 2011. Sular socraíodh feidhmeanna na Roinne Airgeadais a scaradh i dhá roinn, d'fheidhmíodh sí faoi cheithre Limistéar Rannacha. Aistríodh dhá chlár caiteachais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

- Caiteachas poiblí agus beartas earnála
- Beartas bainistíochta i leith na seirbhísí poiblí

D'fhan dhá chlár sa Roinn Airgeadais :
- Cánachas Buiséid agus Beartas Eacnamaíoch
- Beartas na seirbhísí Airgeadais.

Cruthaíodh clár nua, feidhm na Seirbhísí Roinnte leis na costais sin a ghabháil a bhaineann le bainistiú linne comhchoitinne foirne agus áiseanna idir an dá Roinn.

Cé nár bunaíodh an Roinn go dtí Mí Iúil, bhain na meastacháin don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an mbliain iomlán 2011 agus cuirtear an cuntas i láthair ar an mbonn sin de réir Ailt 24 den Acht um Státchiste agus Roinn Iniúchta 1866.

Scoilteadh na sócmhainní seasta idir an dá Roinn. Taispeántar trealamh TE i gcuntas Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coimeádadh sócmhainní seasta eile, troscán agus feistis agus trealamh oifige i gcuntas Oifig an Aire Airgeadais. Scoiltear costais dímheasta na sócmhainní seasta idir an dá Roinn ar bhonn líon na foirne.

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
28 Márta 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 42: Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam gur choinnigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

Seamus McCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
11 Méan Fomhair 2012

Vóta 42 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís			2011 Soláthar measta	2011 Toradh	2010 Toradh[1]
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas cláir					
A	Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí		17,835	17,079	17,981
B	Polasaí bainistíochta na seirbhíse poiblí				
	Meastachán bunaidh	22,644			
	Meastachán forlíontach	1	22,645	18,019	17,334
	Ollchaiteachas				
	Meastachán bunaidh	40,479			
	Meastachán forlíontach	1	**40,480**	**35,098**	**35,315**
C	**Asbhain Leithreasaí-i-gcabhair**		**5,639**	**5,047**	**4,034**
	Glanchaiteachas				
	Meastachán bunaidh	34,840			
	Meastachán forlíontach	1	**34,841**	**30,051**	**31,281**
	Farasbarr le tabhairt suas			**€4,790,181**	

		2011 Soláthar measta	2011 Toradh	2010 Toradh[1]
		€000	€000	€000
Riarachán				
(i)	Tuarastail, pánna agus liúntais	21,573	19,544	18,455
(ii)	Taisteal agus cothabháil	262	119	116
(iii)	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	152	217	219
(iv)	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	75	70	66
(v)	Trealamh oifige agus trealamh TF seachtrach	555	613	886
(vi)	Costais áitreabh oifige	—	7	—
(vii)	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile	7	4	—
		22,624	20,574	19,742

[1] San áireamh sa toradh do 2010 tá costais a bhaineann leis na cláir a aistríodh ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011.

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 [1] €000
Caiteachas cláir			13,062	13,231
Pá			21,006	20,782
Neamhphá			1,030	1,302
Ollchaiteachas			35,098	35,315
Asbhain				
Leithreasaí-i-gcabhair			5,047	4,034
Glanchaiteachas			30,051	31,281
Athruithe i sócmhainní caipitil				
Airgead tirim um cheannacháin		(150)		
Dímheas		1,236	1,086	427
Athruithe i sócmhainní á bhforbairt				
Íocaíochtaí airgid tirim			(43)	(170)
Athruithe i nglansócmhainní reatha				
Méadú i bhfabhruithe deiridh		(336)		
Méadú stoic		(25)		
			(361)	(77)
Caiteachas díreach			30,733	31,461
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara	1.1		784	215
Meas-chíosanna			1,513	2,364
			33,030	**34,040**

1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile.

Vóta		2011 €000	2010 €000
6	Airgeadas	143	—
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	450	—
20	Garda Síochána	29	107
	Lárchiste - pinsin na nAirí s.rl.	162	108
		784	**215**

[1] San áireamh sa toradh do 2010 tá costais a bhaineann leis na cláir a aistríodh ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011.

2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2011 [1]

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	2,110	—
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.2	132	—
		2,242	—
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	717	—
Stoic	2.4	25	—
Réamhíocaíochtaí		355	—
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	125	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**1,222**	—
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		19	—
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	716	—
Glan-fhiachas don Státchiste	2.7	126	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**861**	—
Glansócmhainní reatha		**361**	—
Glansócmhainní		**2,603**	—
Arna léiriú ag:			
Cuntas um maoiniú Stáit		**2,603**	—

[1] Léiríonn iarmhéideanna 2011 feidhmeanna ar leith á n-aistriú ó Oifig an Aire Airgeadais (Vóta 6) in 2011. Áirítear iarmhéideanna 2010 i ndáil leis na feidhmeanna seo faoi Vóta 6.

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	—	—	—
Aistrithe ón Roinn Airgeadais	24,343	—	24,343
Breiseanna	275	2	277
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	24,618	2	24,620
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	—	—	—
Dímheas ar aistrithe ón Roinn Airgeadais	20,389	—	20,389
Dímheas don bhliain	2,121	—	2,121
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2011	22,510	—	22,510
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	**2,108**	**2**	**2,110**

Suas go 31 Nollaig 2010, taifeadadh gach sócmhainn chaipitil ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann clár na sócmhainní ionad lonnaithe an ghnólachta atá ag baint úsáide as an tsócmhainn. Dá thoradh sin, níorbh fhéidir na sócmhainní a scoilt idir na haonaid sin atá fós sa Roinn agus na cinn sin a bhí le haistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealaimh oifige a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní trealaimh TE a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar dímheas ar shócmhainní a ghearradh chuig gach Roinn ar bhonn líon na foirne.

2.2 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ag 31 Nollaig 2011	Feidhmchláir ríomhaireachta in-tí
	€000
Iarmhéid ar aghaidh ag 1 Eanáir 2011	—
Méideanna aistrithe ón Roinn Airgeadais	186
Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain	43
Aistrithe chuig clár sócmhainne	(97)
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2011	132

2.3 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta	718	—
Orduithe gan íoc	(1)	—
	717	—

2.4 Stoic ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	18	—
Ábhair inchaite TF	7	—
	25	—

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 6) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 42) a gcuid stoc. Le haghaidh éifeachtúlachta agus áisiúlachta, déantar caiteachas ar stáiseanóireacht agus stoic a thaifeadadh faoi Vóta 6 agus déantar caiteachas ar ábhair TF a thaifeadadh faoi Vóta 42. Mar sin féin, toisc go nglactar leis go roinntear na stoic, áirítear iad sna nótaí i ndáil le costas oibriúcháin a ghabhann le Cuntais Vóta 6 agus Vóta 42 agus leithdháiltear iad ar bhonn líon foirne sna Ranna faoi seach.

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	4	—
Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil	77	—
Míreanna dochair eile ar fionraí	44	—
	125	—

2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	295	—
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	98	—
Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla	16	—
Cáin Bhreisluacha	2	—
Ranníocaíochtaí pinsin	26	—
Muirear Sóisialta Uilíoch	87	—
	524	—
Tuarastail in-fhorchúitithe	42	—
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	91	—
Míreanna sochair eile ar fionraí	59	—
	716	—

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	4,790	—
Deontas Státchiste nár tarraingíodh	(4,664)	—
Glandliteanas don Státchiste	126	—
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	717	—
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	125	—
	842	—
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(524)	—
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(192)	—
	(716)	—
	126	—

2.8 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil	401	—

3 Caiteachas Cláir

			2011 Soláthar measta	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000	€000
A	**Polasaí Earnálach agus Caiteachais Phoiblí**				
A.1	Riarachán - pá		7,550	7,637	8,110
A.2	Riarachán - neamhphá		112	155	79
A.3	Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair)		2,700	2,700	3,075
A.4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile		905	791	892
A.5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair)		740	657	670
A.6	Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann		4,040	3,573	3,581
A.7	Comhlacht Cláir AE Speisialta		1,247	1,168	1,122
A.8	INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige		385	384	436
A.9	Athchóiriú na bainistíochta soláthair		140	—	—
A.10	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile		16	14	16
			17,835	**17,079**	**17,981**
B	**Polasaí Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí**				
B.1	Riarachán - pá		14,023	11,907	10,845
B.2	Riarachán - neamhphá		939	875	1,222
B.3	An Foras Riaracháin (deontas-i-gcabhair)		3,000	3,000	3,400
B.4	Gaelagras na seirbhíse poiblí		120	40	234
B.5	Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse		65	35	32
B.6	Comhlacht athbhreithnithe ardtuarastal san earnáil phoiblí		1	—	48
B.7	Comhlacht tagarmharcála na seirbhíse poiblí		1	—	—
B.8	Coiste na ndámhachtainí feidhmíochta		1	—	—
B.9	An lárionad um fhorbairt bhainistíochta agus eagrúcháin		1,530	1,090	1,123
B.10	An ciste um bainistiú				
	Meastachán bunaidh	2,780			
	Meastachán forlíontach	(1,499)	1,281	354	324
B.11	Tionscnamh cúram leanaí na státseirbhíse		25	8	45
B.12	Seirbhísí comhairleoireachta agus eile		159	41	61
B.13	An Coimisiún Reifrinn (Fiosrúcháin Phoiblí)				
	Meastachán bunaidh	—			
	Meastachán forlíontach	1,500	1,500	669	—
			22,645	**18,019**	**17,334**

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5% (25% I gcás na bhfotheideal riaracháin).

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.4	114	Tharla an choigilt de bharr costais taistil a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil.
A.6	467	Tagann éagsúlachtaí chun cinn toisc go bhfuil sé deacair dátaí agus éilimh um tharraingt anuas i ndáil le tuarastail a mheas le cruinneas.
A.9	140	Tharla an choigilt toisc nár chuathas ar aghaidh le clár oiliúna.
B.9	440	Tharla an choigilt de bharr roinnt forálacha beartaithe a iarchuireadh agus ó laghduithe a baineadh amach in idirbheartaíochtaí conartha.
B.10	927	Tharla an choigilt toisc gur cuireadh moill ar an gclár athchóirithe mar thoradh ar aistriú níos déanaí ná mar a ceapadh á dhéanamh ar fheidhmeanna agus moilleanna i ndátaí tosaithe iliomad príomhthionscadal.
B.12	118	Ba é a bhí i gceist leis an meastachán ná soláthar ginearálta ar aidhm leis aon chaiteachas comhairleachta a chlúdach ar féidir go mbeadh sé ag teastáil. Tabhaíodh níos lú caiteachais ná mar a bhíothas ag dréim leis.
B.13	831	Tharla an choigilt de bharr úsáid chomhfheachtais fhaisnéise agus ábhair ag clúdach an Reifreann ar Fhiosrúcháin an Oireachtais agus an Reifreann ar Luach Saothair na mBreitheamh.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1.Fáltais ó sheirbhísí ríomhaireachta arna soláthar ag an Lárionad um Fhorbairt Bhainistíochta agus Eagrúcháin	—	—	3
2. Fáltais ó Ranna maidir le ranganna na dteangacha iasachta	—	19	39
3. Cláir an AE	2,890	2,229	1,258
4. Farasbairr um shreabhadh airgid pinsean	884	613	—
5. Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí	1,859	2,155	2,155
6. Ilghnéitheach	6	31	579
Iomlán	**5,639**	**5,047**	**4,034**

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
3.	661	Bhí an tsuim níos ísle ná mas a tuaradh de bharr roinnt moilleanna i gcaiteachas ar thionscadail agus aisíocaíochtaí iarmhartacha níos déanaí ó Choimisiún an AE.
4.	271	Bhí fáltais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo de bharr ardleibhéal scoir.
5.	(296)	Ní féidir leibhéal na bhfáltas a mheas go cruinn toisc go bhfuil éagsúlacht i gceist leo ag brath ar an líon foirne fostaithe agus tá éagsúlacht ar an gcéatadán asbhainte ag brath ar leibhéal tuarastail na bhfostaithe ar leith.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Aistríodh €697,894 chuig an Státchiste i gcaitheamh na bliana. Baineann sé seo le méid amháin a fuarthas ó Fhochoiste Iontaobhaithe Náisiúnta SIPTU nach raibh cuí don Vóta.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	281	324

	2011 €000	2010 €000
Pá [1]	19,938	19,774
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	131	67
Liúntais eile	92	155
Ragobair	46	42
ÁSPC an Fhostóra	799	744
Pá iomlán	**21,006**	**20,782**

[1] Tá pá na gceanntheideal A.1, A.4, A.7, A.10, B.1, B.4, B.5. san áireamh san fhigiúr iomlán pá.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2011 €	Uasíocaíocht aonair 2010 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	21	5	19,877	18,166
Liúntais eile	57	—	3,975	7,249
Ragobair	28	1	12,393	6,739

Tabhair faoi deara: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €36,536 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn don bhliain ar fad agus a íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% an AHCPS, fuair 29 n-oifigeach €64,032 san iomlán i ndáil le liúntais sinsearachta.

Athcheapadh ceathrar státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de €4,459.

6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú an AE

Áiríonn an toradh atá léirithe i Theideal A.4., A.5. agus A.6. íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE (m.sh. ERDF, Interreg s.rl.).

Teideal	Cur Síos	2011 Meastachán €000	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
A4	Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile	905	791	766
A5	Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair)	740	657	670
A6	Clár Síochána/ Interreg Thuaisceart Éireann	4,040	3,573	3,581
		5,685	5,021	5,017

6.2. Coistí agus Coimisiúin

	Bliain cheaptha	2011 €000	2010 €000
Bord Eadrána na Státseirbhíse	1950/51	35	32
Comhlacht Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde sa tSeirbhís Phoiblí	1969/70	—	48
		35	80

Vóta 43 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh faoi Vóta 43 sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige do sheirbhísí áirithe a riartar ag an Oifig sin agus d'íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

De thoradh ar athruithe ag an Rialtas i 2011 do theidil agus do fhreagrachtaí na nAirí agus na Rann Rialtais, bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 2 Meitheamh 2011 ag an Ordú um Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Athrú Ainm na Ranna agus Theideal an Aire) 2011. (I.R. Uimh. 214/2011). Ag eascairt as seo agus as aistriú fheidhmeanna áirithe eile don Aire, bunaíodh Vóta 43 d'Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige a thug le chéile feidhmeanna agus maoiniú gaolmhar ó cheithre Vóta. Lena n-áirítear -

Ó Vóta 39 Roinn na Sláinte, an leithdháileadh bliana iomlána maidir leis an soláthar do:

* costais phá agus neamhphá na foirne san Oifig ar a dtugtaí Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ),
* deontais crannchuir náisiúnta agus táillí dlí; agus
* costais oibriúcháin d'Údarás Uchtála na hÉireann, Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

Ó Vóta 41 (a bhaineann le hiarOifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige), na hiarmhéideanna neamhchaite ag pointe an aistrithe a bhaineann leis na cláir éagsúla atá á gcur i gcrích ag OALGÓ.

Ó Vóta 26 den Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), soláthar na bliana iomláine maidir leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Siúil agus an Clár Críochnaithe Scoile, chomh maith le costais phá agus neamhphá na foirne ROS a d'aistrigh chuig an Roinn.

Scoireadh Vótaí 27 do Ghnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus 41 d'Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige ina dhiaidh sin.

Aistríodh raon sócmhainní caipitil isteach go Vóta 43 i 2011 ó roinnt Rann a bhí á lánscor. Aistríodh na sócmhainní seo isteach i gcuntais an Vóta ag a nglanluach de réir na leabhar.

Ina theannta sin, aistríodh feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le soláthar Seirbhíse Idirghabhála don Teaghlach, in éineacht leis an bhfoireann ábhartha atá ag tabhairt faoi sholáthar na seirbhíse ina dhiaidh chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le feidhm ó 1 Samhain 2011 faoin Acht um Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, Ordú (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2011. (I.R. Uimh. 539/2011).

Tá comparáidí díreacha idir na heisíocaíochtaí caiteachais sa Chuntas Leithghabhála 2011 do Vóta 43, agus na torthaí do na cláir agus do na seirbhísí a sheachadtar faoi Vótaí 26, 27, 39 agus 41 i 2010 casta, mar sin de. Tá figiúirí toraidh 2010 le fáil, áfach, sna cuntais faoi seach do na Vótaí seo.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Baineann an muirear faoi fhotheideal B.1 le híocaíochtaí don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir leis an Scéim Íocaíochta Luathchúraim Leanaí. Is í an tsuim a ghearrtar don fhotheideal ná an tsuim a íoctar don Roinn sin i 2011.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Is é an comhthéacs don ráiteas ná bunú na Ranna Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) i Mí Mheithimh 2011, .i. leathbhealaigh tríd an tréimhse faoi iniúchadh. Bunaíodh feidhmeanna corparáideacha na Ranna ab initio agus ní bhfuarthas mar oidhreacht iad ó Roinn a bhí ann cheana. Is é an cur chuige a cuireadh i gcrích le linn 2011 ná aistriú ó na córais próiseála agus rialaithe a bhí ann cheana i Ranna óna raibh freagrachtaí á n-aistriú cé acu go hardán seirbhíse roinnte nó chuig socrú sonrach de chuid na Ranna Leanaí agus Gnóthaí Óige. Is ar an tslí sin a leantar ar aghaidh le seachadadh an phárolla, na gcuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte ar son RLGÓ faoi shocrú seirbhíse roinnte. Tá iniúchadh inmheánach agus bainistiú riosca, a dtagraítear dóibh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais, á n-aistriú freisin. Sholáthair Coiste Iniúchta na Ranna Sláinte agus a feidhm Iniúchta Inmheánaigh maoirseacht do mhórchuid caiteachais RLGÓ suas go Nollaig 2011.

Aistríodh freagracht Ionad Coinneála na Leanaí chuig an Roinn ar 1 Eanáir 2012 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC). Arís ar bhonn eatramhach leanann feidhm iniúchta inmheánaigh RDCC uirthi de bheith ag déanamh maoirseachta ar Ionaid Choinneála na Leanaí d'idirthréimhse agus RLGÓ ag cur socruithe i bhfeidhm. Le déanaí bhunaigh RLGÓ a Coiste tiomanta Iniúchta agus Riosca féin. Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar roghanna seirbhíse roinnte d'ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh táimid ag cur i bhfeidhm anois, tar éis dúinn foireann atá oilte go cuí a aithint, feidhm thiomanta iniúchta inmheánaigh. Déantar an cur chuige do bhainistiú riosca a chomhtháthú le pleanáil ghnó agus rinneadh athbhreithniú ar rioscaí ar ann dóibh cheana sa chomhthéacs seo le linn 2011, agus i gcomhthéacs fhorbairt ráiteas straitéise na Ranna freisin.

Jim Breslin
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
30 Márta 2012

Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 43: Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Seamus MacCárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Méan Fomhair 2012

Vóta 43 Leanaí agus Gnóthaí Óige
Cuntas Leithreasa 2011

Seirbhís		2011 Soláthar meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1	Tuarastail, pá agus liúntais	6,505	6,342	—
A.2	Taisteal agus cothú	137	66	—
A.3	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	235	75	—
A.4	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	62	—
A.5	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE	120	66	—
A.6	Costais áitreabh oifige	200	211	—
A.7	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	118	3	—
Íocaíochtaí agus Cláir Chúraim Leanaí				
B.1	Íocaíocht luathchúraim leanaí	1,000	1,000	—
B.2	Clár náisiúnta infheistíochta cúraim leanaí	29,254	28,754	—
B.3	Clár luathidirghabhála do leanaí (arna pháirtchistiú ag ciste na gcuntas díomhaoin)	3,625	3,625	—
B.4	Clár bliana réamhscoile ECCE	80,080	77,110	—
Straitéis Náisiúnta na Leanaí (SNL)				
C.	SNL - Staidéar Náisiúnta Fadama agus cláir eile	18,091	14,948	—
Seirbhísí Óige				
D.	Ciste Deontas-i-gcabhair do chostais ghinearálta eagraíochtaí óige agus caiteachas eile a bhaineann le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gcrannchur náisiúnta)	23,795	23,790	—
Seirbhísí eile				
E.	Clár críochnaithe scoile	30,256	28,951	—
F.	Seirbhís mhúinteoirí ar cuairt don lucht siúil	207	199	—
G.	Deontais d'eagraíochtaí pobail (arna pháirtchistiú ag an gcrannchur náisiúnta)	500	500	—
H.	Fiosruithe reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha	1,000	255	—
I.	Comhlachtaí forbartha, comhairleachta maoirseachta, rialála agus comhairleacha	31,468	28,365	—

Seirbhís		2011 Soláthar meastacháin	2011 Toradh	2010 Toradh
		€000	€000	€000
Seirbhísí eile - ar leanúint				
J.	Costas a bhaineann le reáchtáil reifrinn bhunreachtúil faoi chearta na leanaí	3,000	—	—
	Olliomlán	**229,691**	**214,322**	—
	Bain de :			
K.	**Leithreasaí-i-gCabhair**	**7,828**	**4,254**	—
	Glaniomlán	**221,863**	**210,068**	—
	Farasbarr le tabhairt suas		**€11,795,426**	—

Nótaí don Chuntas Leithreasa

1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

	Nóta	€000	2011 €000	2010 €000
Caiteachas ar riarachán			6,825	—
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			207,497	—
Olliomlán			214,322	—
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			4,254	—
Glaniomlán			210,068	—
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(12)		
Dímheas		84	72	—
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(11,275)		—
Méadú ar stoc		(26)		
			(11,301)	—
Caiteachas díreach			198,839	—
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		1,804	—
Costas iomlán oibriúcháin			**200,643**	—

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Is é atá i gceist leis an tsuim ghlanchaiteachais seirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 43 a tabhaíodh in áit eile.

Vóta		2011 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	105
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,638
20	An Garda Síochána	61
		1,804

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	296	—
		296	—
Sócmhainní reatha			
Stoic	2.3	26	—
Réamhíocaíochtaí		1,481	—
Ioncam fabhraithe		9,951	—
Iarmhéideanna eile dochair	2.4	134	—
Glandliteanas don Státchiste	2.6	1,794	—
Iomlán na sócmhainní reatha		**13,386**	—
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		157	—
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.5	225	—
Banc agus airgead tirim	2.2	1,703	—
Iomlán na ndliteanas reatha		**2,085**	—
Glansócmhainní reatha		**11,301**	—
Glansócmhainní		**11,597**	—
Arna léiriú le:			
Cuntas maoinithe Stáit		**11,597**	—

2.1 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011	—	—	—
Coigeartú do shócmhainní a aistríodh[1]	575	553	1,128
Breiseanna	13	—	13
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011	588	553	1,141
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011	—	—	—
Coigeartú do shócmhainní a aistríodh	440	321	761
Dímheas don bhliain	36	48	84
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011	476	369	845
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	112	184	296
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010	—	—	—

[1]Ón Roinn Sláinte, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ón mBord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

2.2 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	(1,613)	—
Orduithe íocaíochta gan íoc	(90)	—
	(1,703)	—

2.3 Stoic ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Stáiseanóireacht	11	—
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	15	—
	26	—

2.4 Iarmhéideanna eile dochair ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Airleacain don OOP	40	—
Tuarastail in-fhorchúitithe	—	—
Caiteachais taistil a forchúitíodh	—	—
Scéim phas taistil a forchúitíodh	89	—
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	5	—
	134	—

2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	(4)	—
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	—	—
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	14	—
Cáin Chonarthaí Iomchuí	14	—
Cáin Bhreisluacha	14	—
Pinsin	86	—
	124	—
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	—	—
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí	101	—
	225	—

2.6 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Farasbarr le tabhairt suas	11,795	—
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(13,589)	—
Glandliteanas don Státchiste	(1,794)	—
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	134	—
	134	—
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(124)	—
Banc agus Airgead Tirim	(1,703)	—
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(101)	—
	(1,928)	—
	(1,794)	—

2.7 Tiomantais iomlána ag 31 Nollaig	2011 €000	2010 €000
Tiomantais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh sin do:		
Fo-cheannteidil soláthair	5,895	—
Fo-cheannteidil deontais	5,035	—
Tiomantais iomlána	10,930	—

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.3.	160	D'eascair an difríocht mar gheall ar chaiteachas a bhí níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar oiliúint agus ar fhorbairt na foirne sa tréimhse díreach tar éis bhunú na Ranna.
A.7.	115	D'eascair coigilteas ós rud é go raibh leibhéal rannpháirtíochta na gcomhairleoirí seachtracha níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa tréimhse díreach tar éis bhunú na Ranna.
C.	3,143	Baineann coigilteas le roinnt clár lena n-áirítear (i) an Staidéar Náisiúnta Fadama de thoradh ar chostais laghdaithe pá agus athsceidealú saothair allamuigh agus (ii) forbairt Straitéis Náisiúnta nua na Leanaí, mar sa chás sin níor tháinig na costais maidir leis an gcomhairliúchán/anailís phoiblí agus leis an dearadh agus leis an bhfoilsiú a rabhthas ag súil leo chun cinn.
H.	745	Tá sé deacair an caiteachas faoin gCeannteideal seo a thuar ós rud é go mbíonn sé ag brath ar chur i gcrích imeachtaí cúirte agus ionú chinneadh na gcostas dlíthiúil.
I.	3,103	Tá an difríocht inchurtha i leith na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne agus baineann sí le heisíocaíocht caiteachais ar thuarastail agus ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile neamhphá, leithéidí taighde agus TE, a bhí níba ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.
J.	3,000	D'eascair an coigilteas ós rud é nár cuireadh an Reifreann Bunreachta faoi Leanaí i gcrích le linn 2011.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2011 Measta €000	2011 Réadaithe €000	2010 Réadaithe €000
1. Fáltais AE - Clár cúraim leanaí comhdheiseanna	3,699	—	—
2. Cistiú Cuntas Díomhaoin	3,000	3,000	—
3. Scéim Aoisliúntais - an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	350	299	—
4. Fáltais AE - An Clár Críochnaithe Scoile	1	—	—
5. Ilghnéitheach	—	11	—
6. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann leis an bpinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	778	944	—
Iomlán	**7,828**	**4,254**	—

Míniú na ndifríochtaí suntasacha
Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Fotheideal	Lúide/(níos mó) ná mar a measadh €000	Míniú
1	3,699	Tá an Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí 2000-2006 á chómhaoiniú ag an AE. Teastaíonn dianphróiseas tuairiscithe, seiceála agus deimhnithe ag na tairbhithe deontais sular féidir leis an Stát ranníocaíocht an AE a athshlánú. Tá ionú na n-aisíocaíochtaí lasmuigh de smacht na Ranna, cuid mhór, agus bíonn sé ag brath ar dheimhniú ceart, trí mheán roinnt údarás, do Choimisiún an AE, caiteachais faoi scéimeanna a bhíonn á bhfeidhmiú ag an Roinn nó ag a cuid réamhtheachtaithe agus na cinn sin atá i bhfeidhm ag Ranna eile a fhaigheann maoiniú ábhartha AE.
6	(166)	Ós rud é go raibh na fáltais a fuarthas maidir le haisbhaintí a bhaineann le pinsin níba airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2011	2010
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana**	114	—

	2011	2010
	€000	€000
Pá	5,987	—
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	60	—
Liúntais eile	1	—
Ragobair	23	—
ÁSPC an Fhostóra	271	—
Pá Iomlán	**6,342**	—

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2011	2010
			€	€
Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	11	2	13,478	—
Liúntais eile	7	—	337	—
Ragobair	10	—	3,979	—

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

6 Ilghnéitheach

6.1Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fotheideal	Cur síos	2011	2010
		Toradh	Toradh
		€000	€000
D	Ciste deontas-i-gcabhair do chostais ghinearálta eagraíochtaí óige agus caiteachas eile maidir le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	23,790	—
G	Deontais d'eagraíochtaí pobail (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	500	—
		24,290	—

Tá liosta de gach faighteoir den mhaoiniú, agus de na suimeanna a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Ranna, www.dcya.ie.

6.2 Seirbhísí

Soláthraítear seirbhísí gníomhaireachta don Roinn ag an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le costais a gearradh d'fhotheideal B1 agus do Phobal maidir le seirbhísí a gearradh d'fhotheideal B2, B4 agus maidir le Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg faoi Fhotheideal C. Íocadh suim de €1,000,000 don Roinn Coimirce Sóisialaí i 2011 i dtreo na hÍocaíochta Luathchúraim Leanaí agus íocadh €36,721,000 do Pobal, arna léiriú an tsuim iomlán a gearradh d'Fhotheidil B.2, B.4 agus B.6 do ghníomhaíochtaí cláraithe.

Lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh uirthi de bheith ag riar na gcostas a bhaineann leis an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh faoi Fhotheideal 1 ar bhonn eatramhach tar éis aistriú na seirbhísí chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le feidhm ó 1 Samhain 2011.

7 Cuntais Ilghnéitheacha

Cistí Deontas-i-gCabhair

Fotheideal	Cur Síos	2011 Toradh €000	2010 Toradh €000
D.	Ciste Deontas-i-gCabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile a bhaineann le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	23,790	—
		23,790	—

Cuntas Ciste Teagmhais

Réamhrá

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a cruthaíodh le deontas-i-gcabhair i 1923. Tá an ciste ar fáil le húsáid chun cuidiú le caiteachas práinneach gan choinne , caiteachas nach mbíonn clúdaithe ag na Gnáth-Vótaí agus nach bhféadfaí go fírinneach cead láithreach na Dála a fháil ina leith e.g. le linn sosa, a ghlanadh.

Tá nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste leagtha amach san fhoilseachán Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Airgeadais (Altanna C.1.5 go dtí C.1.12).

Feidhmíonn an Ciste mar chuntas taisce in Oifig an Phá-Mháistir Ghinearálta sa Roinn Airgeadais.

Trí chomhaontú le Coiste na gCuntas Poiblí, tá bac ar úsáid an Chiste Taisce nuair a bhíonn an Dáil ina suí, nó ó thaobh seirbhísí nua lena mbaineann conspóid.

Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinneann airgead sa Chuntas a úsáid agus eisean amháin le comhaontú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe . Caithtear an cinneadh a chur in iúl do na daoine seo a leanas chomh luath agus is féidir

- Coiste na gCuntas Poiblí
- Páirtithe an Fhreasúra (urlabhraí airgeadais)
- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Aisíoctar na híocaíochtaí go léir ón gCiste ar ais ann

- trí Vóta breise nó nua más airleacan do sheirbhís iomlán nua a bhíonn i gceist
- trí Mheastachán Forlíontach má bhaineann an tseirbhís le Vóta atá ann cheana féin
- ón Lárchiste, a éilíonn sainreachtaíocht

Déantar athbhreithniú ar mhéid an chiste gach cúig bliana. Tar éis athbhreithnithe i 2004, méadaíodh an méid sa chiste go dtí €1.2 milliún trí dheontas i gcabhair faoi Vóta 6 i 2005. Tar éis athbhreithnithe i 2009, socraíodh gur chóir go bhfanfadh an Ciste ag an leibhéal sin. Meastar go mbeidh an chéad athbhreithniú eile ann i 2014.

Cuntas ar na hIdirbhearta Ciste 2011

Léirítear an cuntas ar na fáltais agus ar na híocaíochtaí maidir leis an gCuntas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 thíos. Ní raibh aon idirbheart maidir leis an gCiste i 2011.

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Baineann córais rialaithe agus cuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach arna dhéanamh maidir leis an Roinn leis an gCiste seo chomh maith.

Robert Watt
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
27 Aibreán 2012

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Deimhním go bhfuil an cuntas seo scrúdaithe agam agus go bhfuil sé ceart.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
26 Iúil 2012

Cuntas Ciste Teagmhais
Fáltais agus Íocaíochtaí sa Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011

	2011 €000	2010 €000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	1,200	1,200
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	—	—
Íarmhéid ar 31 Nollaig	1,200	1,200